2009

Tuarascáil Bhliantúil

# An tOmbudsman Eorpach

Европейски омбудсман
El Defensor del Pueblo Europeo
Evropský veřejný ochránce práv
Den Europæiske Ombudsmand
Der Europäische Bürgerbeauftragte
Euroopa Ombudsman
Ο Ευρωπαίος Διαμεσολαβητής
The European Ombudsman
Le Médiateur européen
An tOmbudsman Eorpach
Il Mediatore europeo
Eiropas ombuds
Europos ombudsmenas
Az Európai Ombudsman
L-Ombudsman Ewropew
De Europese Ombudsman
Europejski Rzecznik Praw Obywatelskich
O Provedor de Justiça Europeu
Ombudsmanul European
Európsky ombudsman
Evropski varuh človekovih pravic
Euroopan oikeusasiamies
Europeiska ombudsmannen

ga

■ Tuarascáil Bhliantúil

# An tOmbudsman Eorpach

© An tAontas Eorpach, 2010

Ceadaítear atáirgeadh do chuspóirí oideachais agus neamhthráchtála chomh fada agus go dtugtar aitheantas don fhoinse.

Isbn 978-92-9212-221-8

Issn 1830-7507

Doi 10.2869/22643

**Tá an tuarascáil seo foilsithe ar an idirlíon ag: http://www.ombudsman.europa.eu**

Clóchurtha i Cambria, Calibri agus Etelka — Pierre Rœsch typo·graphisme, Strasbourg.

Tá © Aontas Eorpach ar gach grianghraf, mura dtugtar a mhalairt le fios.

*Printed in Luxembourg*

Foilsithe ar CyclusPrint, ardpháipéar priontála táirgthe go heisiach as snáithíní athchúrsáilte.

AN tOMBUDSMAN EORPACH

P. NIKIFOROS DIAMANDOUROS

An tUasal Jerzy Buzek
Uachtarán
Parlaimint na hEorpa
Rue Wiertz
1047 An Bhruiséil
AN BHEILG

Strasbourg, 19 Aibreán 2010

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 3(8) den Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa ar na Rialacháin agus na Coinníollacha Ginearálta d'Fheidhmiú Fheidhmeanna an Ombudsman, cuirim mo Thuarascáil don bhliain 2009 faoi do bhráid anseo.

Le meas,



P. Nikiforos DIAMANDOUROS

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman – CS 30403 – F-67001 STRASBOURG Cedex
☎ : +33 (0)3.88.17.23.13 – Facs: +33 (0)3.88.17.90.62
http://www.ombudsman.europa.eu – eo@ombudsman.europa.eu

# Clár Ábhar

**Réamhrá** 7

1 **Achoimre Feidhmiúcháin** 11

2 **Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman** 21
2.1 An ceart chun gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach 23
2.2 Bonn dlíthiúil obair an Ombudsman 23
2.3 Sainordú an Ombudsman 25
2.4 Inghlacthacht agus forais na bhfiosrúchán 28
2.5 Nósanna imeachta an Ombudsman 29

3 **Gearáin agus Fiosrúcháin** 33
3.1 Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh 35
3.2 Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh 40
3.3 Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman 42
3.4 Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas 48
3.5 Anailís théamach ar na fiosrúcháin a críochnaíodh 49
3.6 Aistrithe agus comhairle 69

4 **Caidreamh le hinstitiúidí, le hOmbudsmen, agus le páirtithe leasmhara eile** 73
4.1 Caidreamh le hinstitiúidí an AE 75
4.2 Caidreamh le hOmbudsmen agus le comhlachtaí comhchosúla 79
4.3 Caidreamh le páirtithe leasmhara eile 82

5 **Áiseanna** 89
5.1 Pearsanra 91
5.2 Buiséad 96

**Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach** 99

# Réamhrá

Is cúis mhór áthais dom a bheith in ann *Tuarascáil Bhliantúil 2009*, a chur faoi bhur mbráid, cáipéis ina dtuairiscítear an obair a rinne an tOmbudsman do shaoránaigh, do ghnóthais agus d'eagraíochtaí le bliain anuas. Tá súil agam go dtabharfaidh sé forbhreathnú maith duit ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir leis na caighdeáin riaracháin is airde a chur chun cinn sna hinstitiúidí AE. Mar i gcónaí, táimid ag tnúth go mór le haiseolas uaibh.



## Bliain thábhachtach d'Ombudsmen

Sa bhliain 2009, comóradh 200 bliain ó bunaíodh institiúid an ombudsman, agus rinne comhghleacaithe ar fud an domhain an ócáid seo a cheiliúradh i Stócólm i mí an Mheithimh. Maidir leis an Ombudsman Eorpach, ba í an bhliain seo ár gcúigiú bliain déag ar an saol. Chuir sé deireadh freisin le mo chéad sainordú iomlán mar Ombudsman. I mo thuairimse, nuair a rinne Parlaimint na hEorpa cinneadh an 20 Eanáir 2010 chun mé a atoghadh chuig sainordú iomlán eile, léirigh sé sin go bhformhuiníonn sí an obair atá déanta ag an oifig seo go dtí seo, agus spreagann sé muid chun iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh riarachán AE níos oscailte, níos cuntasaí, dírithe ar sheirbhís agus ar shaoránaigh a bhaint amach.

Is am spreagúil é a bheith i gceannas ar an institiúid seo. Ceann de na tosaíochtaí príomhúla a bheidh ag an Ombudsman sna cúig bliana amach romhainn ná cabhrú lena chinntiú go seachadfaidh an AE na tairbhí do shaoránaigh a gealladh i gConradh Liospóin. Gné a mbaineann tábhacht ar leith léi ná Cairt um Chearta Bunúsacha an AE, atá ina ceangal dlí anois. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh mé an ceart chun dea-riaracháin a chur chun cinn, ach go háirithe, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 41 den Chairt é. Cheana féin, i mí na Nollag 2009, inár n-aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí maidir le leasú Rialachán Airgeadais an AE, luaigh an tOmbudsman go tréan gur chóir do na rialacha ábhartha Airteagal 41 a chur san áireamh trí threoir a thabhairt d'oifigigh faoi conas ba chóir dóibh dea-bhainistíocht airgeadais agus dea-riarachán araon a áirithiú. Sampla amháin de sin ná gur chóir don Rialachán Airgeadais, i gcásanna eisceachtúla, foráil a dhéanamh d'íocaíochtaí *ex gratia* chun sásamh a thabhairt i gcás míchaoithiúlachta tromchúisí nó anacra tromchúisí a raibh drochriarachán ina chúis léi. Cuireann leasú an Rialacháin Airgeadais deis iontach ar fáil an ceart bunúsach chun dea-riaracháin a chur ar fáil i gcleachtas.

**Ceann de na tosaíochtaí príomhúla a bheidh ag an Ombudsman sna cúig bliana amach romhainn ná cabhrú lena chinntiú go seachadfaidh an AE na tairbhí do shaoránaigh a gealladh i gConradh Liospóin.**

Mar gheall ar an líon ard fiosrúchán a dhéanann an tOmbudsman gach bliain i ndáil le heaspa trédhearcachta (36% de na fiosrúcháin uile in 2009), leanfaidh mé orm freisin ag seasamh ar an gceart bunúsach chun rochtain a fháil ar cháipéisí, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 42 den Chairt agus in Airteagal 15 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh mé cinnte freisin go mbeidh a fhios ag daoine go bhfuil sé de cheart acu aighneacht a dhéanamh chuig an Ombudsman agus achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa (Airteagal 43 agus Airteagal 44 den Chairt faoi seach), agus go mbainfear úsáid chuí as an gceart sin, d'fhonn cur ar chumas saoránach sásamh a fháil ar an mbealach is fearr.

Le Conradh Liospóin, cuirtear tús le cineál nua de rannpháirtíocht phoiblí i saol daonlathach an Aontais: "tionscnamh ó na saoránaigh". Ba chóir dó sin cur go mór le cumasú saoránach Eorpach.

Go luath in 2010, sheol mé freagra chuig an gcomhairliúchán poiblí faoi conas ba chóir don tionscnamh ó na saoránaigh feidhmiú i gcleachtas. Tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn fheidhmiú an tionscnaimh a réamh-mheas, go háirithe i gcás go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le gearáin chuig an Ombudsman. Trí cheisteanna den sórt sin a aithint roimh ré agus trí fhreagraí éifeachtacha a mholadh, tá sé d'aidhm ag an Ombudsman dea-riarachán ag an gCoimisiún Eorpach a chur chun cinn agus cuidiú, ar an mbealach sin, le rath na hionstraime nua luachmhaire seo atá ar fáil do shaoránaigh. Déanfaidh mé iarracht freisin a áirithiú go mbainfidh saoránaigh, cumainn ionadaíocha agus an tsochaí shibhialta tairbhe as na forálacha nua sa Chonradh a bhaineann le comhairliúchán, comhphlé agus an deis a ndearcthaí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí.

## Bliain mhaith ó thaobh torthaí de

Tosaíocht eile a bheidh ag an Ombudsman ná an cultúr seirbhíse i riarachán an AE a threisiú. Is léir ó na freagraí a thug siad ar m'fhiosrúcháin go gcloíonn institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí an Aontais le caighdeán ard de chleachtas riaracháin cheana féin. I mbreis agus leath na gcásanna a dúnadh in 2009 (56%), ghlac an institiúid i gceist le réiteach cairdiúil nó shocraigh siad an cás. Tá sé sin i gcomparáid le 36% in 2008. Leagtar béim ar naoi bpríomhchás sa Tuarascáil seo freisin, atá ina n-eiseamláirí de dhea-chleachtas maidir le freagairt do ghearáin.

Seoladh ceithre fhiosrúchán fhéintionscanta ar shaincheisteanna córasacha sa Choimisiún, cosúil le tráthúlacht íocaíochtaí agus rochtain ar cháipéisí i gcásanna maidir le sárú. Dhéileáil an tOmbudsman le raon cásanna a bhain le pointí tábhachtacha prionsabail freisin, cosúil leis an ngá cruinnithe agus athbhreithnithe ábhartha a thaifeadadh go cuí i scríbhinn. Tugtar achoimre ar na cásanna seo sa Tuarascáil seo chomh maith.

Cé nach raibh ar an Ombudsman ráitis chriticiúla a a dhéanamh do na hinstitiúidí ach i 35 cás, i gcomparáid le 44 in 2008 agus 55 in 2007, is féidir feabhas a chur ar an scéal fós. Chun na críche sin, leanfaidh mé orm ag scrúdú na bhfreagairtí a thabharfaidh institiúidí do ráitis chriticiúla agus do ráitis bhreise trí staidéar bliantúil ar an ábhar seo a fhoilsiú ar mo shuíomh gréasáin. Nuair a cuireadh ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise san áireamh, léirigh staidéar 2009 go raibh an ráta d'obair leantach shásúil 79%. Bhí obair leantach ar bhonn ráiteas breise sásúil sna cásanna uile, agus bhí an ráta d'obair leantach shásúil ar bhonn ráiteas criticiúil cuid mhaith níos ísle ag 62%. Léiríonn an toradh sin go bhfuil obair thábhachtach fós le déanamh ag an Ombudsman agus ag na hinstitiúidí féin chun a léiriú d'oifigigh gurb ionann cur chuige cosantach i leith an Ombudsman agus deis chaillte dá n-institiúid agus go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'íomhá an Aontais Eorpaigh.

Tá gníomhaíochtaí uile an Ombudsman dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán an riaracháin ar mhaithe leis na saoránaigh uile. Maidir le hobair m'oifige féin, tá áthas orm a bheith in ann a thuairisciú gur thit an méid ama a thóg sé fiosrúcháin a thabhairt chun críche ó mheántréimhse 13 mhí in 2008 go meántréimhse naoi mí in 2009. Leoga, tá sé d'aidhm againn an méid ama a thógann sé torthaí a bhaint amach trí mheán fiosrúchán a laghdú arís.

**Tá gníomhaíochtaí uile an Ombudsman dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán an riaracháin ar mhaithe leis na saoránaigh uile.**

## Bliain ghnóthach ag déanamh cumarsáide

Ag tús na bliana 2009, seoladh suíomh gréasáin nua an Ombudsman ar a bhfuil treoir idirghníomhach chun cabhrú le daoine teacht ar an gcomhlacht is cuí le gearáin a dhéanamh chucu. D'éirigh thar barr leis an treoir, a chuir comhairle ar fáil do bhreis agus 26 000 duine i rith na bliana. Thit líon

na ngearán chuig ár n-oifig ó 3 406 in 2008 go dtí 3 098 in 2009, mar d'éirigh le níos mó daoine teacht ar an seoladh ceart ar a gcéad iarracht. Tugann sé sin spreagadh mór dom. Chun cabhrú lenár n-iarrachtaí i ndáil leis seo, i rith na bliana mhéadaíomar leibhéal ár gcomhoibrithe le líonraí faisnéise agus réitigh fadhbanna eile, cosúil le Europe Direct agus SOLVIT.

Threisíomar ár n-iarrachtaí teagmháil a dhéanamh le gearánaigh fhéideartha trí raon imeachtaí a eagrú le heagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí sainleasa, gnóthais agus meithleacha smaointe. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí for-rochtana seo agus na torthaí iontacha a baineadh amach do ghearánaigh, méadaíodh clúdach ar obair an Ombudsman sna meáin faoi 85%. Tá an clúdach feabhsaithe seo ríthábhachtach chun feasacht a mhúscailt ar an gceart chun gearán a dhéanamh agus ar fheidhm an Ombudsman maidir le riarachán an AE a choimeád faoi réim. Ní mór an méadú ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh bunaithe ar ghearáin a fuarthas in 2009, ó 293 go 335, a chur i leith na ngníomhaíochtaí seo freisin, go páirteach ar a laghad.

I mbeagnach 80% de na cásanna cláraithe, bhíomar in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt faoi cá háit le dul. Bhí breis agus 55% de na cásanna laistigh d'inniúlacht bhall de Líonra Eorpach na nOmbudsmen, rud a dhearbhaigh an gá comhoibriú idir Ombudsmen Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha agus coistí achainíocha sa Líonra a atreisiú. Thug an Seachtú Seimineár d'Ombudsmen Náisiúnta de Bhallstáit AE agus de thíortha is iarrthóirí, a reáchtáladh sa Chipir i mí Aibreáin, deis mhaith dúinn é sin a dhéanamh.

Forbairt thábhachtach dheireanach a tharla in 2009 ná gur glacadh ráiteas misin don institiúid. Is é seo a leanas an ráiteas misin sin:

*Iarrann an tOmbudsman Eorpach teacht ar thorthaí cothroma ar ghearáin in aghaidh institiúidí an Aontais Eorpaigh, molann sé follasacht agus cuireann sé meon riaracháin bunaithe ar sheirbhís chun cinn. Tá sé mar aidhm aige muinín a fhorbairt trí chomhphlé idir saoránaigh agus an tAontas Eorpach agus chun na caighdeáin iompair is airde a chothú laistigh d'institiúidí an Aontais féin.*

Go luath in 2010, tá sé beartaithe agam straitéis a fhorbairt bunaithe ar an misean seo a chumhdóidh sainordú cúig bliana uile an Ombudsman.

Táim ag tnúth le freastal ar shaoránaigh ar an mbonn sin sna blianta amach romhainn.

Strasbourg, 16 Feabhra 2010



P. Nikiforos DIAMANDOUROS

# 1 Achoimre Feidhmiúcháin

SA CHÚIGIÚ Tuarascáil Bhliantúil déag den Ombudsman Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, tugtar cuntas ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman in 2009. Is í an seachtú Tuarascáil Bhliantúil í atá á cur i láthair ag an Uasal P. Nikiforos DIAMANDOUROS, a thosaigh i mbun a dhualgais mar Ombudsman Eorpach an 1 Aibreán 2003.

## Struchtúr na Tuarascála

Tá cúig chaibidil sa Tuarascáil seo. Ag tús na tuarascála, tá réamhrá pearsanta ón Ombudsman agus ansin tá an Achoimre Feidhmiúcháin seo, is Caibidil 1 í.

I gCaibidil 2, mínítear sainordú an Ombudsman agus déantar cur síos ar nósanna imeachta an Ombudsman maidir le déileáil le gearáin agus stiúradh fiosrúchán. Cuimsíonn sí aon fhorbairtí suntasacha a tharla i rith na bliana seo caite.

I gCaibidil 3, tugtar forbhreathnú ar na gearáin ar déileáladh leo in 2009, i dteannta staidéir dhomhain ar fhiosrúcháin a rinneadh. Tá cuid a bhaineann le príomhchásanna aitheanta ag an Ombudsman, le hanailís théamach a chumhdaíonn na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2009 ina diaidh. Ag deireadh na Caibidle seo, féachtar ar na cásanna a tharchuir an tOmbudsman chuig comhlachtaí eile a dhéileálann le gearáin.

Baineann Caibidil 4 le gníomhaíochtaí for-rochtana an Ombudsman; clúdaítear caidreamh le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, caidreamh leis an bpobal d'Ombudsmen náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip, agus forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman.

Cuimsíonn Caibidil 5 mionsonraí ar phearsanra agus ar bhuiséad an Ombudsman.

## Feidhm an Ombudsman Eorpaigh

Bunaíodh oifig an Ombudsman Eorpaigh le Conradh Maastricht mar chuid de shaoránacht an Aontais. Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí, nó gníomhaireachtaí Aontais[1], seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[2] agus í ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach. Le formheas ó Pharlaimint na hEorpa, shainigh an tOmbudsman 'drochriarachán' ar bhealach a éilíonn meas ar riail an dlí, ar phrionsabail dea-riaracháin agus ar chearta bunúsacha.

**Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí, nó gníomhaireachtaí Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus í ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach.**

1. Le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)(sean-Airteagal 195 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh), leathnaítear sainordú an Ombudsman ó ghearáin a bhaineann le drochriarachán i ngníomhaíochtaí "na n-institiúidí nó na gcomhlachtaí Comhphobail" go drochriarachán in "institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais". Cé gur úsáid Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman an téarma "institiúidí agus comhlachtaí" roimhe seo, anois úsáidimid an téarma "institiúidí" in áiteanna cuí chun tagairt d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an AE.
2. D'athraigh Conradh Liospóin ainm Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus ainm na Cúirte Céadchéime. Anois tagraítear dóibh, i dteannta a chéile, mar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus tagraítear dóibh ar leithligh mar an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta faoi seach.

Chomh maith le freagairt do ghearáin déanta ag daoine aonair, comhlachtaí agus cumainn, oibríonn an tOmbudsman go réamhghníomhach, ag seoladh fiosrúchán ar a thionscnamh féin, ag casadh le Baill agus le hoifigigh institiúidí an AE, agus ag dul i dteagmháil le saoránaigh chun iad a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu agus faoi conas na cearta sin a fheidhmiú.

# Gearáin agus fiosrúcháin

## Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh

Chláraigh an tOmbudsman 3 098 gearán in 2009, i gcomparáid le 3 406 in 2008. Cuireadh beagnach 60% de na gearáin seo isteach trí mheán an Idirlín, le formhór acu ag úsáid na foirme gearáin leictreonaí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i 23 teanga.

Próiseáladh 3 119 gearán san iomlán[3], i gcomparáid le 3 346 in 2008. Maidir leis na gearáin uile a próiseáladh, bhí 55% (1 704 gearán) i sainordú bhall Líonra Eorpach na nOmbudsmen, agus bhí 23% (727 gearán) i sainordú an Ombudsman Eorpaigh. Tionscnaíodh fiosrúchán mar thoradh ar 11% díobh. I mbeagnach 80% de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoi cá háit le dul le réiteach pras agus éifeachtach a fháil ar an bhfadhb.

**I mbeagnach 80% de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoi cá háit le dul le réiteach pras agus éifeachtach a fháil ar an bhfadhb.**

Tríd is tríd, dhéileáil an tOmbudsman le beagnach 5 000 gearán agus iarratas ar eolas i rith na bliana i gceist.

## Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh

Osclaíodh 335 fiosrúchán nua (suas ó 293 in 2008) ar bhonn gearán i rith 2009. Maidir leo sin, tháinig 84% ó shaoránaigh aonair agus tháinig 16% ó chuideachtaí agus ó chumainn.

D'oscail an tOmbudsman ceithre fhiosrúchán ar a thionscnamh féin freisin, chun dul i ngleic le fadhbanna córasacha féideartha sa Choimisiún Eorpach.

Faoi mar a tharlaíonn gach bliain, bhain mórchuid na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman in 2009 (191 fiosrúchán nó 56% den iomlán) leis an gCoimisiún. Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomh-institiúid AE a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, tá sé loighciúil go mbainfidh formhór na ngearán a dhéanfaidh saoránaigh leis. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gurb é 66% den iomlán an figiúr inchomparáide do 2008. Bhain 38 fiosrúchán (11%) le riarachán Pharlaimint na hEorpa, bhain 30 (9%) leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), bhain 12 fhiosrúchán (4%) le Comhairle an AE, agus bhain 9 gcinn (3%) le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Maidir leis an gCúirt, ní mór a lua nach féidir leis an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ach i ndáil lena hobair neamhbhreithiúnach. Bhain 59 fiosrúchán sa bhreis orthu sin le trí cinn is fiche d'institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht eile de chuid an AE.

Ba iad na príomhchineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh i bhfiosrúcháin a osclaíodh in 2009 easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú faisnéis a thabhairt (121 cás nó 36% den iomlán), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (48 cás, 14%), moill inseachanta (45 cás, 13%), nósanna imeachta míshásúla (44 cás, 13%), faillí (22 cás, 6%), teip a áirithiú gur comhlíonadh dualgais, is é sin, gur theip ar an gCoimisiún a ról mar chaomhnóir na gConarthaí a chomhlíonadh i ndáil leis na Ballstáit (21 cás, 6%), earráid dlí (19 gcás, 6%), agus idirdhealú (17 gcás, 5%).

**3.** Ciallaíonn an chatagóir staidrimh "próiseáilte" gur tugadh chun críche an anailís atá deartha chun a chinntiú an bhfuil an gearán (i) i sainordú an Ombudsman, (ii) an gcomhlíonann sé na critéir inghlacthachta, agus (iii) an bhfuil foras ann le fiosrúchán a oscailt. Mar gheall ar an méid ama a thógann an anailís seo, bíonn líon na ngearán "próiseáilte" in aon bhliain ar leith éagsúil ó líon na ngearán "cláraithe" sa bhliain chéanna.

Chríochnaigh an tOmbudsman 318 fiosrúchán in 2009 (i gcomparáid le 355 in 2008). Maidir leis na fiosrúcháin sin, bhain 311 le gearáin, agus fiosrúcháin ar a thionscnamh féin a bhí i gceist le seacht gcinn. Críochnaíodh formhór na bhfiosrúchán laistigh de bhliain amháin (70%). Críochnaíodh níos mó ná leath díobh (55%) laistigh de thrí mhí. Ar an meán, thóg sé naoi mí le cás a chríochnú.

**Críochnaíodh formhór na bhfiosrúchán laistigh de bhliain amháin (70%). Críochnaíodh níos mó ná leath díobh (55%) laistigh de thrí mhí. Ar an meán, thóg sé naoi mí le cás a chríochnú.**

## Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú institiúidí an AE riachtanach chun torthaí den chineál sin a bhaint amach, ar torthaí iad a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh, agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint. Baineadh toradh dearfach amach don ghearánach go héasca i 179 cás a dúnadh in 2009 (56% den iomlán). Shocraigh an institiúid na cásanna seo nó aontaíodh réitigh chairdiúla. Féadtar sin a chur i gcomparáid le 129 cás in 2008, a bhí dhá uair chomh mór le líon na gcásanna den sórt sin dhá bhliain roimhe sin in 2006).

In 18% de na cásanna (58), níor aimsíodh aon drochriarachán. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach; ar a laghad, baineann sé nó sí tairbhe as míniú iomlán a fháil ón institiúid i gceist faoina bhfuil déanta aici, mar aon le dearcadh an Ombudsman faoin gcás.

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist in 12% de na cásanna (37), ach in ainneoin sin bhí sé in ann toradh dearfach a bhaint amach don ghearánach in dhá cheann de na cásanna seo toisc gur glacadh leis an dréachtmholadh a rinne sé. Níor cuireadh aon tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa sa bhliain i dtrácht. In 35 cás, dúnadh an fiosrúchán le ráiteas criticiúil. Is dearbhú don ghearánach go raibh bonn leis an ngearán é ráiteas criticiúil agus tugann sé le fios don institiúid i gceist céard atá déanta as bealach, ionas gur féidir leo drochriarachán a sheachaint amach anseo.

Ar an dul céanna, is d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht institiúidí an AE amach anseo atá an tOmbudsman ag baint úsáid mhéadaitheach as ráitis bhreise nuair a aithníonn sé deis chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin. Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i 28 cás in 2009.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na hinstitiúidí obair leantach ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise déanta ag an Ombudsman, agus go gcuirfidh siad bearta i gcrích chun fadhbanna atá fós ann a réiteach. Agus tuiscint aige air sin, in 2009 d'fhoilsigh an tOmbudsman staidéar ar a shuíomh gréasáin ar an obair leantach a rinne na hinstitiúidí i gceist ar bhonn na ráiteas criticiúil agus na ráiteas breise uile a eisíodh in 2008.

## Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas [➔➔➔]

Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad naoi gcás a dúnadh in 2009 agus ainmníodh iad mar phríomhchásanna. Feidhmíonn siad mar shamhail d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile an AE maidir leis an gcaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman.

**Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad naoi gcás a dúnadh in 2009 agus ainmníodh iad mar phríomhchásanna.**

Baineann dhá cheann díobh leis an gcaoi ar láimhseáil an **Coimisiún** cásanna maidir le sárú sa réimse de chearta paisinéirí aeir (**2980/2008/GG**) agus sa réimse comhshaoil (**791/2005/(IP)FOR**). In dhá chás bhreise léirigh an Coimisiún cur chuige cuiditheach nuair a d'aontaigh sé (i) ordú aisghabhála a chealú i gcás a bhain le ball foirne (**1908/2007/JF**) agus (ii) scrúdú a dhéanamh chun a fháil amach an mbeadh sé indéanta ordú aisghabhála de luach EUR 500 000 a chealú i gcás conarthach (**2119/2007/ELB**).

I réimse na trédhearcachta, d'aontaigh an **Oifig Eorpach Frith-Chalaoise** (OLAF) liosta fada cáipéisí a scaoileadh do dhá chuideachta Bheilgeacha (i gcásanna nasctha **723/2005/OV** agus **790/2005/OV**), agus d'aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** (EPSO) cead a thabhairt do gach iarrthóir teacht ar a marcanna i dtrialacha, seachas an cead sin a thabhairt d'iarrthóirí nár éirigh leo amháin (**2346/2007/JMA**).

Ar deireadh, thug trí ghníomhaireacht feidhmiúcháin freagairtí léiritheacha do mholtaí an Ombudsman: an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht** (**1562/2008/BB**) agus **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa** (**2003/2008/TS**) i gcásanna a bhain le hearcaíocht, agus an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir** i gcás a bhain le diúltú d'iarratas ar dheontas (**1537/2008/(TJ)GG**).

## Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearáin. Cuirtear líon áirithe cásanna ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i bhfoirm achomair i 23 teanga oifigiúil an AE. Léiríonn na hachoimrí an raon ábhar agus an raon institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE a chlúdaíonn na 318 cinneadh lenar dúnadh cásanna in 2009, le cois na gcúiseanna éagsúla le cásanna a dhúnadh.

I gCuid 3.5 den Tuarascáil seo, déantar anailís ar na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2009. Tá sí eagraithe i dtéarmaí rangaithe théamaigh de phríomhábhair na bhfiosrúchán, bunaithe ar sheacht gcatagóir phríomhúla[4]:

- Oscailteacht, rochtain an phobail agus sonraí pearsanta;
- An Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí;
- Dámhachtain tairiscintí agus deontas;
- Comhlíonadh conarthaí;
- Riarachán agus rialacháin foirne;
- Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta;
- Ábhair institiúideacha, bheartais, agus eile.

Sa chéad chuid den anailís théamach, déantar athbhreithniú ar chinntí an Ombudsman in 2009 ar ghearáin maidir le (i) rochtain an phobail ar cháipéisí, (ii) rochtain an phobail ar fhaisnéis, agus (iii) cosaint sonraí pearsanta agus ceart daoine faoina bhfuil sonraí á gcoimeád chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí. Bhain na saincheisteanna a scrúdaíodh le raon leathan ábhar, ó mhoilleanna i gceist le hiarratais a chlárú agus rochtain a thabhairt ar cháipéisí go léirmhínithe éagsúla ar na heisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán 1049/2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí[5]. Scrúdaítear cásanna a bhfuil cosaint sonraí pearsanta i gceist leo freisin.

Baineann an dara catagóir gearán le gearáin i gcoinne an Choimisiúin ina cháil mar chaomhnóir na gConarthaí. Is féidir leis an Ombudsman déileáil le gnéithe gnásúla agus substaintiúla araon d'ionramh an Choimisiúin le cásanna dá leithéid. I measc na líomhaintí a scrúdaíodh in 2009 bhí mainneachtain gearáin a chlárú, moilleanna maidir le cinntí a dhéanamh agus gearánaigh a choinneáil ar an eolas, agus easaontais maidir le cinntí an Choimisiúin gan leanúint ar aghaidh le gearáin ar leith.

Déileálann an tríú cuid den anailís théamach le gearáin maidir le dámhachtain nó neamhdhámhachtain tairiscintí agus deontas. I gcásanna den sórt sin, ní féidir leis an Ombudsman ach athbhreithniú teoranta a dhéanamh chun a sheiceáil ar cloíodh leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta, an bhfuil na fíricí ceart, agus an cinnte nár tharla aon bhotún follasach sa mheasúnacht ná aon mhí-úsáid cumhachtaí. Féadfaidh sé a athbhreithniú freisin ar chloígh na hinstitiúidí lena ndualgas maidir le cúiseanna a lua, agus an bhfuil na cúiseanna sin comhleanúnach agus réasúnta. In 2009, scrúdaigh an tOmbudsman saincheisteanna a bhain le cóir éagothrom, eisiamh mícheart nó éagothrom tairiscintí nó forthairiscintí, agus moilleanna.

**4.** Bunaithe ar na fiosrúcháin a dúnadh in 2009, is é seo a leanas an miondealú i dtéarmaí ábhair phríomhúla na bhfiosrúchán: trédhearcacht (31%), riarachán agus rialacháin foirne (16%), comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta (16%), ábhair institiúideacha agus bheartais(14%), an Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí (9%), comhlíonadh conarthaí (8%), agus dámhachtain tairiscintí nó deontas (6%).

**5.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

Baineann an ceathrú catagóir le cásanna inar chuir gearánaigh in aghaidh mhainneachtain na n-institiúidí dualgais a d'eascair as conarthaí a chomhlíonadh. I ndáil le díospóidí conarthacha, measann an tOmbudsman go bhfuil sé inchosanta a fhiosrúchán a theorannú chuig scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuntas comhleanúnach, réasúnta ar bhonn dlíthiúil a gníomhaíochtaí curtha ar fáil dó ag an institiúid Aontais i gceist, agus cad chuige go gcreideann sí go bhfuil bonn lena dearcadh faoin seasamh conarthach. In 2009, scrúdaigh an tOmbudsman fadhbanna a bhain le fochonraitheoirí, ceisteanna maidir le costais incháilithe agus líomhaintí de chóir éagothrom.

Baineann an cúigiú catagóir le gearáin a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin na n-institiúidí, go háirithe i dtéarmaí fheidhmiú na Rialachán Foirne d'oifigigh agus le feidhmiú téacsanna ábhartha eile. Baineann na cásanna seo le raon leathan ábhar agus baineann siad leis na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile, beagnach.

Sa séú cuid den anailís théamach déantar scrúdú ar ghearáin a bhaineann le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnóireachta eile. Baineann formhór na gcásanna seo le EPSO agus tá baint acu le líomhaintí d'easpa trédhearcachta, d'idirdhealú agus de mhoilleanna.

Clúdaíonn an chatagóir deiridh, iarmharach raon gearán a rinneadh in aghaidh na n-institiúidí I ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartais nó a bhfeidhmiú ginearálta.

## Caidreamh le hinstitiúidí, le hOmbudsmen agus le páirtithe leasmhara eile

### Caidreamh le hinstitiúidí an AE

Tá caidreamh cuiditheach le hinstitiúidí an AE ríthábhachtach don Ombudsman Eorpach d'fhonn na caighdeáin riaracháin is airde a áirithiú. Buaileann an tOmbudsman le Baill agus le hoifigigh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí AE go rialta chun plé a dhéanamh ar shlite chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin agus chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach chuí ar bhonn a ráiteas, a mholtaí, agus a thuarascálacha.

In 2009, labhair an tUasal DIAMANDOUROS le hArd-Stiúrthóirí an Choimisiúin Eorpaigh agus thionóil sé raon cruinnithe eile le hionadaithe an Choimisiúin. Lean sé air ag déanamh comhobair dhlúth le SOLVIT, an líonra dírithe ar ghearáin faoin margadh inmheánach a réiteach, agus mhéadaigh sé leibhéal a chomhoibre le Europe Direct, a fhreagraíonn ceisteanna faoin AE a sheolann daoine chuige.

Maidir lena chaidreamh leis an bParlaimint, in 2009, bhain tábhacht ar leith le cruinnithe le hionadaithe na Parlaiminte i ndáil leis an bpróiseas reachtaíochta leanúnach um Rialachán 1049/2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí a leasú. Bhuail an tOmbudsman le Cathaoirleach nua an Choiste Achainíocha, Erminia MAZZONI FPE, Uasal, an 2 Meán Fómhair 2009 agus chuir sé *Tuarascáil Bhliantúil 2008* faoi bhráid an Choiste an 14 Meán Fómhair. Reáchtáladh an díospóireacht iomlánach ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman in 2008, a bhí bunaithe ar an tuarascáil a dhréachtaigh Chrysoula PALIADELI FPE, Uasal, an 12 Samhain.

I measc na mbuaicphointí eile sa bhliain i dtrácht, bhí na láithreoireachtaí a cuireadh faoi bhráid Grúpa Athmhachnaimh ar Thodhchaí na hEorpa agus faoi bhráid Grúpa Oibre Faisnéise na Comhairle.

**I measc na mbuaicphointí eile sa bhliain i dtrácht, bhí na láithreoireachtaí a cuireadh faoi bhráid Grúpa Athmhachnaimh ar Thodhchaí na hEorpa agus faoi bhráid Grúpa Oibre Faisnéise na Comhairle.**

I dteannta sin, labhair an tOmbudsman le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ghlac sé páirt i gcomhairliúchán poiblí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir lena bheartais ghearáin agus trédhearcachta agus chuir sé feabhas ar chomhoibriú leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne.



**Lean an tOmbudsman ar aghaidh ag cothú teagmhála le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE in 2009. Le cois a chruinnithe le hionadaithe na Parlaiminte, an Choimisiúin agus na Comhairle, bhuail sé le Baill Chúirt Bhreithiúnais an AE agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, le Stiúrthóir na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, agus leis an Maoirseoir Cúnta Eorpach ar Chosaint Sonraí. Sa ghrianghraf seo, tá an tOmbudsman in éineacht le hUachtarán na Cúirte Iniúchóirí, an tUasal Vítor da Silva Caldeira.**

## Caidreamh le hOmbudsmen agus le comhlachtaí comhchosúla

Cuireann a lán gearánach a ngearáin faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh nuair a bhíonn deacrachtaí acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Déanann an tOmbudsman Eorpach comhobair dhlúth lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach. Tarlaíonn an comhoibriú seo, den chuid is mó, faoi scáth Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Tá 94 oifig i 32 tír ag an Líonra anois, a chlúdaíonn na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha laistigh den Aontas Eorpach, mar aon leis an leibhéal náisiúnta i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht den AE chomh maith leis an Iorua, an Íoslainn agus, le deireanas, an Eilvéis. Tá Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa ina bhall iomlán den Líonra freisin.

**Déanann an tOmbudsman Eorpach comhobair dhlúth lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach.**




**I mbliana, ní amháin go ndearna an tOmbudsman Eorpach iarracht comhoibriú lena chontrapháirteanna i Líonra Eorpach na nOmbudsmen. I dteannta sin, d'fhreastail sé ar ócáidí tábhachtacha in 2009, cosúil leis an Naoú Comhdháil den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta (IOI) a eagraíodh i mí an Mheithimh i Stócólm, áit ar ceiliúradh dhá chéad bliain d'Ombudsman Parlaiminteach na Sualainne. Sa chomhdháil a chomóir an ócáid thábhachtach seo, rianaíodh forbairt ghairm an ombudsman óna bunús Sualannach go dtí na cineálacha éagsúla ombudsman atá ann anois.**

Ceann de chuspóirí an Líonra ná aistriú gasta gearán chuig an ombudsman inniúil nó chuig comhlacht cosúil a áirithiú. I 977 cás sa bhliain 2009, aistríodh an gearán chuig ball de Líonra Eorpach na nOmbudsmen nó cuireadh comhairle ar an ngearánach teagmháil a dhéanamh le ball den Líonra.

I gCuid 4.2 den Tuarascáil Bhliantúil seo, tá eolas ar fáil faoi ghníomhaíochtaí an Líonra in 2009. Ba é an buaicphointe an Seachtú Seimineár d'Ombudsmen Náisiúnta Bhallstáit an AE agus tíortha is iarrthóirí a tionóladh i Paphos na Cipire i mí Aibreáin. An tOmbudsman Eorpach agus Coimisinéir Riaracháin (Ombudsman) na Cipire, Eliana Nicolaou, Uasal, a d'eagraigh an Seimineár. Bhí ionadaithe oifigí ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha ó 29 tír ag an Seimineár a bhí dírithe ar cheist na himirce.

Bhí cuairteanna faisnéise a eagraíodh i gcomhar le hOmbudsmen sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí an-éifeachtach freisin i ndáil le forbairt an Líonra. I rith 2009, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar a chomhghleacaithe is Ombudsmen sa tSlóvaic (Bealtaine), i bPoblacht na Seice (Bealtaine), sa Fhionlainn (Deireadh Fómhair) agus san Eastóin (Deireadh Fómhair).

Is modh úsáideach é an Líonra chun faisnéis ar dhlí an AE agus ar dhea-chleachtas a mhalartú trí na seimineáir réamhluaite, trí Nuachtlitir dhébhliantúil, trí fhóram leictreonach um dhíospóireacht agus um chomhroinnt cáipéisí, agus trí sheirbhís nuachta laethúil leictreonach. I dteannta na malartuithe faisnéise neamhfhoirmiúla rialta seo a dhéantar trí mheán an Líonra, tá nós imeachta speisialta ann trínar féidir le hOmbudsmen náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa a lorg ar fhiosrúcháin faoi dhlí AE, mar aon lena léirmhíniú, lena n-áirítear ceisteanna a thagann chun cinn le linn dóibh a bheith ag déileáil le cásanna ar leith. I rith 2009, fuarthas fiosrúchán nua amháin den sórt sin.

## Caidreamh le páirtithe leasmhara eile

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta d'áirithiú go mbeidh aon duine nó eagraíocht a mbeidh fadhbh aige nó aici le hinstitiúidí an AE ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh chuige maidir le drochriarachán. I gCuid 4.3 den Tuarascáil seo, tugtar forbhreathnú ar an iliomad bealaí ina ndearna an tOmbudsman iarracht feasacht a mhúscailt ar an gceart chun gearán a dhéanamh in 2009. Rinne an tOmbudsman agus a chuid foirne thart ar 145 láithreoireacht do ghrúpaí a raibh spéis acu ina chuid oibre.

**Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta d'áirithiú go mbeidh aon duine nó eagraíocht a mbeidh fadhbh aige nó aici le hinstitiúidí an AE ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh chuige maidir le drochriarachán.**

In 2009, chuimsigh príomhghníomhaíochtaí meán cumarsáide an Ombudsman preasagallaimh sa Bhruiséil agus preasagallaimh mar chuid de na cuairteanna faisnéise réamhluaite. Eisíodh aon phreaseisiúint is fiche i rith na bliana. I measc na saincheisteanna a clúdaíodh bhí leasú rialacha an AE maidir le teacht an phobail ar cháipéisí, cearta paisinéirí aeir, íocaíocht dhéanach ag an gCoimisiún, maoiniú fhoirgnimh na Parlaiminte agus gearán a rinne an táirgeoir micreaphróiseálaithe, Intel.

An 5 Eanáir 2009, sheol an tOmbudsman Eorpach a shuíomh gréasáin nua. Gné amháin den suíomh gréasáin nua atá an-spéisiúil ná an treoir idirghníomhach, a bhfuil mar chuspóir aige cabhrú le daoine teacht ar an gcomhlacht is cuí le gearáin a dhéanamh chucu. In 2009, rinne breis agus 26 000 duine comhairle a lorg agus a fháil ón Ombudsman trí mheán na treorach idirghníomhaí. Rinneadh suíomh gréasáin an Ombudsman a nuashonrú go rialta i rith na bliana le cinntí, achoimrí ar chásanna, preaseisiúintí, mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí a bhí ag teacht chun cinn, agus foilseacháin. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2009, thug thart ar 340 000 cuairteoir uathúil cuairt ar an suíomh gréasáin, agus le chéile, d'fhéach siad ar bhreis agus 4 mhilliún leathanach. Tháinig an líon is mó cuairteoirí ón Spáinn, leis an Iodáil, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Bheilg ina diaidh.

Ó thaobh foilseachán de, bhí an *Tuarascáil Bhliantúil* nua-dheartha, agus an cháipéis choimrithe nua *Forléargas 2008* suimiúil.



**Chun feasacht a mhúscailt ar an treoir idirghníomhach nua ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh, agus ar raon iomlán na meicníochtaí réitigh fadhbanna atá ar fáil do dhaoine, do chuideachtaí, agus do chumainn, d'eagraigh an tOmbudsman seimineár sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2009. Cuireadh na seirbhísí a chuireann an tOmbudsman Eorpach, Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa, SOLVIT, agus Seirbhís Ghníomhaíochta Shaoránaigh na hEorpa (ECAS) ar fáil i láthair ag an seimineár.**

## Áiseanna

I gCuid 5.1 den Tuarascáil seo, tugtar forbhreathnú ar struchtúr Oifig an Ombudsman agus soláthraítear roinnt faisnéise beathaisnéise faoin Ombudsman agus faoina chuid foirne bainistíochta.

Cuimsíonn an Chuid sin faisnéis ar chúrsaí athmhachnaimh agus cruinnithe fhoireann an Ombudsman freisin. Is cuid lárnach de phleanáil straitéiseach an Ombudsman iad cúrsaí athmhachnaimh na foirne; an ghné is tábhachtaí díobh ná go gcuireann siad treoir úsáideach ar fáil do dhéanamh beartais agus d'ullmhú an Phlean Bhliantúil Bainistíochta (AMP). Is cuid den thimthriall bliantúil d'imeachtaí iad a thugann deis don fhoireann agus d'oiliúnaithe a gcuid dearcthaí a roinnt faoi ábhair a bhaineann go díreach le hobair an Ombudsman.

**Reáchtáladh cúrsa athmhachnaimh foirne 2009 idir an 11 agus an 13 Feabhra, agus pléadh an téama "Ag obair le chéile".**

Reáchtáladh cúrsa athmhachnaimh foirne 2009 idir an 11 agus an 13 Feabhra, agus pléadh an téama "Ag obair le chéile". Mar aon leis na cúrsaí a tháinig roimhe, bhraith an fhoireann go raibh an tríú cúrsa athmhachnaimh ina eispéireas an-dearfach.

Léirigh plean bunaíochta an Ombudsman go raibh 63 post ann in 2009. Ba ionann na leithreasuithe buiséadaithe in 2009 agus EUR 8 906 880.

# Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman

Sa chaibidil seo, tugtar cur síos mionsonraithe ar ról an Ombudsman Eorpaigh, a chlúdaíonn bonn dlíthiúil a chuid oibre, cur síos ar a shainordú, agus faisnéis ar inghlacthacht agus ar fhorais le fiosrúcháin a oscailt. Cuimsíonn sí eiseamláirí de chásanna ar déileáladh leo in 2009 chun na gnéithe seo a léiriú agus leagann sí béim ar fhorbairtí sonracha, cosúil le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin agus na himpleachtaí atá aige sin d'obair an Ombudsman. Críochnaítear an Chaibidil le forbhreathnú ar nósanna imeachta an Ombudsman chun déileáil le gearáin agus chun fiosrúcháin a stiúradh, lena n-áirítear an úsáid mhéadaitheach atá á baint as nósanna imeachta neamhfhoirmiúla chun gearáin a réiteach go pras.

## 2.1 An ceart chun gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach

Déanann Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) – sean-Airteagal 21 den Chonradh CE – foráil don cheart gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach mar cheann de chearta saoránachta an Aontais Eorpaigh. Tá an ceart seo san áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE[1] (Airteagal 43) freisin. Is trí ghearáin go príomha a tharraingítear aird an Ombudsman ar chásanna féideartha de dhrochriarachán, cé go ndéanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar a thionscnamh féin freisin (féach ar an gcéad chuid eile).

**Is trí ghearáin go príomha a tharraingítear aird an Ombudsman ar chásanna féideartha de dhrochriarachán, cé go ndéanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar a thionscnamh féin freisin.**

## 2.2 Bonn dlíthiúil obair an Ombudsman

### Athruithe ar an mbonn dlíthiúil mar thoradh ar Chonradh Liospóin

Tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009. Athraíodh Airteagal 195 den Chonradh CE maidir leis an Ombudsman go hAirteagal 228 CFAE. Leathnaíodh sainordú an Ombudsman ó "institiúidí nó comhlachtaí Comhphobail" go dtí "institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais". Tá dhá impleacht phríomhúla aige seo:

1. Toisc go gcuireann Conradh Liospóin deireadh le struchtúr colún an AE, tá an dara sean-cholún (Comhbheartas Eachtrach agus Slándála) i sainordú an Ombudsman anois.
2. De réir Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is institiúid í an Chomhairle Eorpach. Dá réir sin, tá sí faoi réir shainordú an Ombudsman anois.

Ba chóir dhá athrú bhreise a lua freisin. Sonraíonn Airteagal 228 (1) CFAE go "dtoghfaidh" Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman in ionad é a bheith "ceaptha", agus déanann Airteagal 228 (4) CFAE foráil go bhféadfaidh Reacht an Ombudsman a bheith mar rialachán Pharlaimint na hEorpa, in ionad a bheith mar chinneadh. ■

1. Fógraíodh an Chairt den chéad uair i mí na Nollag 2000 agus síníodh agus fógraíodh in athuair í an 12 Nollaig 2007, roimh shíniú Chonradh Liospóin an 13 Nollaig 2007, IO 2007 C 303, lch. 1. Tugann Conradh Liospóin an luach dlíthiúil céanna don Chairt agus atá ag na Conarthaí.

Tá obair an Ombudsman rialaithe ag Airteagal 228 CFAE (sean-Airteagal 195 den Chonradh CE), i dteannta Reacht an Ombudsman agus na forálacha feidhmiúcháin a ghlac an tOmbudsman faoi Airteagal 14 den Reacht. I mí an Mheithimh 2008, ghlac an Pharlaimint cinneadh[2] a leasaigh Reacht an Ombudsman, le héifeacht ón 31 Iúil 2008. An 3 Nollaig 2008, leasaigh an tOmbudsman a fhorálacha feidhmiúcháin chun go léireoidís na hathruithe ar an Reacht agus chun taithí a fuarthas ó 2004, an uair dheireanach a athraíodh na forálacha, a chur san áireamh. Tháinig na forálacha feidhmiúcháin nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009. Tá an Reacht agus na forálacha feidhmiúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**). Tá leagan crua de na forálacha feidhmiúcháin ar fáil ó Oifig an Ombudsman freisin.

## Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta

Tugann Airteagal 228 CFAE an chumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil oifig chláraithe aige i mBallstát. Tá sé de chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ar a thionscnamh féin freisin. Trí leas a bhaint as an gcumhacht fhéintionscanta sin, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin curtha ar a aire ag duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh. Is é an nós atá ag an Ombudsman ná na deiseanna nós imeachta céanna a thabhairt don duine i rith an fhiosrúcháin amhail is dá mbeifí ag déileáil leis an gcás mar ghearán. Is gnách go ndéanann an tOmbudsman cinneadh faoi cibé ar chóir nó nár chóir dó an chumhacht fhéintionscanta a úsáid ar an tslí seo bunaithe ar an gcás i gceist. Níor osclaíodh aon fhiosrúchán féintionscanta den sórt sin in 2009.

### Meabhrán Tuisceana leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI)

Ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006, d'fhógair an tOmbudsman go mbeartaíonn sé, faoi réir srianta féideartha ar acmhainní amach anseo, a chumhacht fhéintionscanta a úsáid nuair is é an t-aon chúis gan fiosrúchán a dhéanamh ar ghearán a líomhnaíonn drochriarachán ag an BEI ina chuid gníomhaíochtaí iasachtaithe lasmuigh den AE (iasachtú seachtrach) ná nach saoránach ná cónaitheoir de chuid an Aontais é an gearánach. Sa Rún a rinne sí an 25 Deireadh Fómhair 2007, chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh dhearbhú intinne an Ombudsman agus tugadh cuireadh dó a mhachnamh a dhéanamh ar Mheabhrán Tuisceana a bhunú leis an BEI.

Shínigh an tOmbudsman agus Uachtarán an BEI an Meabhrán Tuisceana[3] ar an 9 Iúil 2008. An cuspóir leis an gcomhaontú ná feabhas a chur ar chosaint páirtithe leasmhara ó aon drochriarachán féideartha i ndáil le gníomhaíochtaí an BEI. Tuarann sé go leathnófar cosaint ar pháirtithe leasmhara chuig daoine nach saoránaigh ná cónaitheoirí AE iad ná nach bhfuil oifig chláraithe acu san AE.

Féadfaidh an tOmbudsman a chumhacht chun fiosrúchán a dhéanamh ar a thionscnamh féin a úsáid chun dul i ngleic le fadhb chórasach dhealraitheach sna hinstitiúidí freisin. Rinne sé é sin ceithre huaire in 2009, agus bhain gach fiosrúchán leis an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear an ceann seo a leanas:

**2.** Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa 2008/587 an 18 Meitheamh 2008, lena leasaítear Cinneadh 94/262 maidir leis na rialacha agus na coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman, IO 2008 L 189, lch. 25.
**3.** Meabhrán Tuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta i dtaobh faisnéise faoi bheartais, faoi chaighdeáin agus faoi nósanna imeachta an Bhainc agus faoin bplé le gearáin, mar aon le gearáin daoine nach saoránaigh agus nach cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh, IO 2008 C 244, lch. 1.

### Iarratais saoránach maidir le rochtain ar cháipéisí a bhaineann le sárú

Sheol agus dhún an tOmbudsman fiosrúchán féintionscanta a bhain le rialacha an Choimisiúin chun déileáil le hiarratais saoránach maidir le rochtain ar cháipéisí a bhaineann le himeachtaí sáraithe. An cuspóir leis ná a áirithiú (i) go bhfuil a fhios ag saoránaigh conas rochtain a fháil ar cháipéisí a bhaineann le sárú, agus, (ii) i gcás go ndiúltaítear rochtain a thabhairt dóibh, gur féidir leo a fháil amach cé atá freagrach as an diúltú sin, an Coimisiún nó Ballstát, agus cé acu an bhfuil an diúltú bunaithe ar dhlí náisiúnta nó ar dhlí AE. I rith an fhiosrúcháin, thug an tOmbudsman cuireadh do Bhallstáit tuairimí a thabhairt. Dhún sé an fiosrúchán gan aon drochriarachán a aimsiú. Mhol sé don Choimisiún, áfach, saoránaigh a chur ar an eolas go bhféadann siad teacht ar cháipéisí den sórt sin trí iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún, nó chuig údaráis an Bhallstáit i gceist, nó chuig an dá cheann. I dteannta sin, d'fhéadfaí saoránaigh a chur ar an eolas gurb é an dlí náisiúnta atá i bhfeidhm i gcás go gcuireann siad iarratas ar rochtain faoi bhráid údaráis Ballstáit. D'fhéadfadh an Coimisiún faisnéis den sórt sin a chuimsiú ar a shuíomh gréasáin iontach, áisiúil do shaoránaigh a bhaineann le sáruithe.

OI/2/2009/MHZ ■

# 2.3 Sainordú an Ombudsman

Cuireann Airteagal 228 CFAE ar chumas an Ombudsman glacadh le gearáin maidir le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí. agus gníomhaireachtaí Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus í ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach. Dá réir sin, tá gearán lasmuigh den sainordú sna cásanna seo a leanas:

(i) mura bhfuil an gearán faoi institiúid, comhlacht, oifig, nó gníomhaireacht Aontais;

(ii) má tá an gearán faoin gCúirt Bhreithiúnais, faoin gCúirt Ghinearálta nó faoi Bhinse na Státseirbhíse ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach; nó

(iii) mura mbaineann sé le cás féideartha de dhrochriarachán.

Déantar tuilleadh plé ar gach ceann de na cásanna seo thíos.

## ■ Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais

Áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais i sainordú an Ombudsman Eorpaigh. Liostaítear na hinstitiúidí in Airteagal 13 CAE. De réir an Airteagail seo, is institiúid í an Chomhairle Eorpach anois, agus mar sin tá sí faoi réir shainordú an Ombudsman.

**Áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais i sainordú an Ombudsman Eorpaigh.**

Níl aon sainmhíniú ná liosta údarásach de chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais. Áiríonn an téarma comhlachtaí arna mbunú ag na Conarthaí, cosúil le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Banc Ceannais na hEorpa, mar aon le comhlachtaí arna mbunú ag reachtaíocht faoi na Conarthaí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí cosúil leis an nGníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha (Frontex). Toisc gur chuir Conradh Liospóin deireadh le struchtúr colún an AE, tá drochriarachán féideartha sa dara sean-cholún (Comhbheartas Eachtrach agus Slándála) i sainordú an Ombudsman anois.

Níl gearáin in aghaidh údaráis phoiblí na mBallstát i sainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le cúrsaí a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE. Áirítear a lán gearán den chineál seo i sainordú na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnach atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsmen (féach tuilleadh i gcuid 3.6 anseo thíos).

### Gearán nach raibh i gcoinne institiúide, comhlachta, oifige nó gníomhaireachta Aontais

Mhaígh an gearánach gur cheangail údaráis na Gréige air líon díréireach deimhnithe agus cáipéisí a aighniú chun go n-aithneofaí a dhioplóma (Gearmánach). Líomhain sé freisin nár chloígh na húdaráis leis an spriocdháta ceadaithe de cheithre mhí chun aitheantas a thabhairt dá dhioplóma, de réir mar a cheanglaíonn Treoir 2005/36/CE. Toisc go raibh an gearán i gcoinne údaráis na Gréige in ionad dó bheith i gcoinne institiúide, comhlachta, oifige nó gníomhaireachta Aontais, bhí sé lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh.

Rinne an gearánach teagmháil le hOmbudsman na Gréige faoin gceist seo roimhe sin, agus chuir an tOmbudsman sin comhairle air gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún Eorpach. Mar sin, chuir an tOmbudsman Eorpach faisnéis ar fáil don ghearánach faoi conas gearán maidir le sárú a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

2769/2009/BEH (Faoi rún)

## Na cúirteanna ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach

Ní fhéadann an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar i gcoinne na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta nó Bhinse na Státseirbhíse agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach. Cabhraíonn an cás seo a leanas leis an ngné seo a léiriú.

### Gearán i gcoinne na Cúirte Breithiúnais ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach

Rinne saoránach na Breataine teagmháil leis an Ombudsman ag maíomh gur dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais ceisteanna maidir le dlí Eorpach a chuir sé faoina bráid a bhreithniú. Mhaígh sé gur mhí-úsáid chumhachta ba ea diúltú na Cúirte freagra a thabhairt ar a cheisteanna agus go mba chóir di iad a tharchur chuig a breithiúna chun cinneadh breithiúnach a fháil.

Sula ndearna sé teagmháil leis an Ombudsman, d'fhiafraigh an gearánach den Chúirt ar sháraigh diúltú na Cúirte ceisteanna maidir le dlí Eorpach a bhreithniú ar fhorais nós imeachta amháin an Chairt um Chearta Bunúsacha. Ina freagra, dúirt an Chúirt nach raibh aon rud le cur leis an méid a bhí sa litir a sheol sí chuig an ngearánach roimhe sin.

D'inis an tOmbudsman don ghearánach go raibh an gearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman toisc go ndearnadh é i gcoinne na Cúirte Breithiúnais agus í ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach.

634/2009/BU

## Drochriarachán

Ba é dearcadh an Ombudsman Eorpaigh riamh anall gur coincheap leathan é drochriarachán agus go n-éilíonn dea-riarachán, i measc eile, comhlíonadh rialacha agus prionsabal dlíthiúil, lena n-áirítear cearta bunúsacha. Maidir leis seo, is tábhachtach a lua go gcuimsíonn an Chairt um Chearta Bunúsacha, atá ina ceangal dlí anois, an ceart chun dea-riaracháin mar cheart bunúsach de chuid shaoránacht an Aontais (Airteagal 41).

### An ceart chun dea-riaracháin

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.
2. Folaíonn an ceart sin: (a) ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis nó léi ar beart é a dhéanfadh dochar dó nó di; (b) ceart

gach duine rochtain a fháil ar a chomhad nó a comhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus sicréideachta gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna; (c) an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí.

3. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh an tAontas aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a oifigigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.
4. Féadfaidh gach duine scríobh chuig institiúidí an Aontais i gceann de theangacha na gConarthaí agus caithfidh sé nó sí freagra a fháil sa teanga chéanna. ■

Is dóchúil go rachaidh tionchar an chearta chun dea-riaracháin i méid mar tá an Chairt ina ceangal dlí anois agus mar sin, d'fhéadfaí cosaint bhreithiúnach a thabhairt do dhaoine aonair. Is dóchúil go dtreiseofar iarrachtaí an Ombudsman dea-riarachán a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail, agus go dtreiseofar a iarrachtaí teacht ar réitigh neamhbhreithiúnacha ar fhadhbanna daoine aonair chomh maith.

I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa sainmhíniú soiléir ar dhrochriarachán a lorg, chuir an tOmbudsman an sainmhíniú seo a leanas ar fáil ina *Tuarascáil Bhliantúil 1997*:

**Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith.**

*Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith.*

Sa bhliain 1998, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún a chuir fáilte roimh an sainmhíniú seo. Ba léir ó chomhfhreagras idir an tOmbudsman agus an Coimisiún i rith 1999 gur aontaigh an Coimisiún leis an sainmhíniú freisin.

Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach ndéanann an sainmhíniú drochriarachán a theorannú do chásanna ina bhfuil an riail nó an prionsabal a sháraítear ina cheangal 'dlí'. Téann prionsabail an 'dea-riaracháin' níos faide ná an dlí, mar ní amháin go gceanglaítear ar institiúidí AE a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ach ceanglaítear orthu a n-aird a dhíriú ar sheirbhís agus a áirithiú go gcaitear mar is ceart leis an bpobal agus go mbaineann siad tairbhe iomlán as a gcearta. Dá réir sin, cé go mbíonn nasc ann de riachtanas idir neamhdhleathacht agus drochriarachán, ní ionann sin is a rá go mbíonn neamhdhleathacht i gceist le drochriarachán i gcónaí. Dá réir sin, má fhaigheann an tOmbudsman go bhfuil drochriaracháin i gceist, ní gá go dtugann sin le fios go bhfuil iompar neamhdhleathach i gceist a d'fhéadfadh cúirt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar gheall air[4].

Tá teorainneacha leis an gcoincheap de dhrochriarachán, áfach. Mar shampla, mheas an tOmbudsman i gcónaí nach n-eascraíonn cásanna féideartha drochriaracháin as obair pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa. Mar sin, ní áirítear gearáin i gcoinne cinntí Coistí Parlaiminte, cosúil leis an gCoiste Achainíocha, i sainordú an Ombudsman.

### Gearán nár bhain le drochriarachán

Ba thiománaí trucaile cianiompair ar feadh 13 bliana é an gearánach. Líomhain sé gur tháinig meath suntasach ar a dhálaí oibre i ndiaidh theacht i bhfeidhm rialacha Eorpacha maidir le heagrú ama oibre a bhain le gníomhaíochtaí iompair bóthair. Mhaígh an gearánach, ach go háirithe, gur laghdaíodh a ioncam agus a am scíthe agus gur méadaíodh a chaiteachas nuair a cuireadh i bhfeidhm uas-uaireanta oibre in aghaidh na seachtaine agus an dualgas tiomáint abhaile gach coicís .

Toisc nár bhain an gearán le drochriarachán, moladh don ghearánach machnamh a dhéanamh ar achainí a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

2543/2009/FS ■

**4.** Féach, sa chomhthéacs seo, ar bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta an 28 Deireadh Fómhair 2004 i gcásanna nasctha T-219/02 agus T-337/02, *Herrera v An Coimisiún*, mír 101, agus an 4 Deireadh Fómhair 2006 i gcás T-193/04 R, *Hans-Martin Tillack v An Coimisiún*, mír 128.

## Cultúr seirbhíse

Ní mór a aithint gur cuid lárnach de dhea-riarachán is ea cultúr seirbhíse a ghlacadh i ndáil le saoránaigh. Níor cheart é seo a mheascadh le cultúr de mhilleán, rud a spreagann cosantacht. (Sa chomhthéacs seo, is fiú a thabhairt faoi deara nach ionann fiosrúcháin an Ombudsman agus nós imeachta araíonachta ná réamh-araíonachta d'oifigigh.)

Ní amháin go n-áiríonn straitéis an Ombudsman um chultúr seirbhíse a chur chun cinn tionscnaimh réamhghníomhacha éagsúla; áiríonn sí láimhseáil na ngearán freisin. Cuid ríthábhachtach de chultúr seirbhíse is ea an gá botúin a aithint nuair a tharlaíonn siad agus gach rud a chur ina cheart más féidir. Uaireanta, ní gá ach leithscéal pras a ghabháil chun gearánach a shásamh, nó, ar a laghad, chun a áirithiú nach mbeidh ar an Ombudsman an institiúid i gceist a cháineadh go foirmiúil.

I gcásanna níos casta ina léiríonn réamhthoradh an Ombudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann sé iarracht, más féidir, teacht ar 'réiteach cairdiúil' a shásóidh an gearánach agus an institiúid i gceist. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbaineann feidhm le forálacha ábhartha an Reachta (Airteagal 3.5[5]) agus na Forálacha Feidhmiúcháin (Airteagal 6.1[6]) ach amháin más cosúil go bhfuil drochriarachán i gceist agus más cosúil go bhféadfaí deireadh a chur leis an drochriarachán.

## An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin

Ar an 6 Meán Fómhair 2001, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin nach mór d'institiúidí AE, a gcórais riaracháin agus a n-oifigigh é a urramú le linn dóibh a bheith ag déileáil leis an bpobal. Áirítear sa Chód prionsabail dhlí riaracháin na hEorpa atá le fáil i gcásdlí chúirteanna na hEorpa agus tá sé bunaithe ar dhlíthe náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'iarr an Pharlaimint ar an Ombudsman an Cód a chur i bhfeidhm le linn dó scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus le linn dó fiosrúcháin a dhéanamh ar a thionscnamh féin.

Cuireann an tOmbudsman fáilte ó chroí roimh chinneadh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i mí Iúil 2009 an Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin a ghlacadh (féach cuid 4.1 thíos).

# 2.4 Inghlacthacht agus forais na bhfiosrúchán

Sula bhféadann an tOmbudsman fiosrúchán a oscailt, caithfidh gearán critéir inghlacthachta bhreise a chomhlíonadh. Sonraíonn na critéir seo, mar atá leagtha amach in airteagal ábhartha an Reachta, na nithe seo a leanas:

1. caithfidh údar agus cuspóir an ghearáin a bheith aitheanta (Airteagal 2(3));
2. ní fhéadfaidh an tOmbudsman idiragairt a dhéanamh ar chásanna a bhíonn os comhair na gcúirteanna ná ní fhéadfaidh sé amhras a chaitheamh ar stuaim rialaithe cúirte (Airteagal 1(3));
3. caithfidh an gearán a bheith déanta laistigh de dhá bhliain ón dáta a dtugann an gearánach na fíricí ar a bhfuil sé bunaithe faoi deara (Airteagal 2(4));
4. caithfidh an cur chuige riaracháin cuí chuig an institiúid agus chuig an gcomhlacht i dtrácht a bheith déanta roimh dhéanamh an ghearáin (Airteagal 2(4)); agus
5. ní dhéanfar gearáin a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí agus comhlachtaí agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach mura mbíonn na féidearthachtaí chun iarratais agus gearáin riaracháin inmheánaigh a thaisceadh ídithe sula dtaiscfear an gearán (Airteagal 2(8)).

**5.** "A mhéid is féidir, féachfaidh an tOmbudsman le réiteach a fháil in éineacht leis an institiúid nó leis an gcomhlacht lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcás drochriaracháin agus chun an gearán a shásamh."
**6.** "Má aimsíonn an tOmbudsman drochriarachán, comhoibreoidh sé a mhéid is féidir leis an institiúid i dtrácht chun réiteach cairdiúil a lorg chun deireadh a chur leis an drochriarachán agus chun an gearánach a shásamh."

### Gearán a rinneadh gan úsáid a bhaint as cur chuige riaracháin cuí roimh ré

Rinne saoránach Gearmánach a bhí ag iarraidh teacht ar cháipéisí Comhairle gearán chuig an Ombudsman toisc gur thug an Chomhairle freagra dó as Béarla cé go ndearna sé iarratas as Gearmáinis. Dúirt sé freisin nach ndeachaigh an chúis a thug an Chomhairle le leathnú na teorann ama ar fhreagra a thabhairt go 15 lá oibre le Rialachán 1049/2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí. Sheol an gearánach a litir ghearáin ar aghaidh chuig an gComhairle, a thug freagra air trí aistriúchán Gearmáinise ar an bhfreagra ar sheol sí chuige roimhe sin a sheoladh chuige. Tharraing sé a ghearán maidir le teanga siar ach choinnigh sé leis an dara líomhain.

Toisc go ndearna an gearánach teagmháil leis an gComhairle agus leis an Ombudsman ag an tráth céanna (19 Deireadh Fómhair 2009) ní raibh a ghearán chuig an Ombudsman inghlactha. Luaigh an tOmbudsman go raibh tréimhse réasúnta ama ag teastáil ón gComhairle chun déileáil leis an tsaincheist a d'ardaigh an gearánach. Chinn sé go bhféadfaí an gearán a athnuachan dá dteipfeadh ar an gComhairle freagra sásúil a chur ar fáil faoin dara seachtain de mhí na Samhna 2009.

2596/2009/CH ■

**Maidir leis na cásanna inghlactha ar déileáladh leo in 2009, measadh nach raibh forais ann fiosrúcháin a dhéanamh i 33% díobh.**

Forálann Airteagal 228 CFAE don Ombudsman "fiosrúcháin [a chur] i gcrích a bhfuil forais faighte aige chucu". Chun nach n-ardófar ionchais nach bhfuil bonn leo i measc gearánach agus chun an úsáid is fearr d'acmhainní a áirithiú, déantar staidéar cúramach ar na gearáin inghlactha uile chun a sheiceáil an bhfuil ionchas réasúnta ann go mbainfeadh fiosrúchán toradh úsáideach amach. Mura bhfuil an t-ionchas sin ann, dúnann an tOmbudsman an cás toisc nach bhfuil forais leordhóthanacha ann le fiosrúchán a dhéanamh. Is é tuairim an Ombudsman freisin, más rud é gur dhéileáil Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa le gearán cheana féin mar achainí, nach iondúil go mbíonn forais ar bith ann d'fhiosrúchán Ombudsman, ach amháin má thagann fianaise nua chun solais. Maidir leis na cásanna inghlactha ar déileáladh leo in 2009, measadh nach raibh forais ann fiosrúcháin a dhéanamh i 33% díobh. Nuair a mheasann an tOmbudsman nach bhfuil forais ann le fiosrúchán a oscailt, cuireann sé an gearánach ar an eolas, agus i gcásanna áirithe, seolann sé leagan den chinneadh seo gan ainm luaite leis chuig an institiúid i dtrácht.

## 2.5 Nósanna imeachta an Ombudsman

**Cláraítear agus eisítear admháil i ndáil leis na gearáin ar fad a sheoltar chuig an Ombudsman, laistigh de sheachtain go hiondúil.**

Cláraítear agus eisítear admháil i ndáil leis na gearáin ar fad a sheoltar chuig an Ombudsman, laistigh de sheachtain go hiondúil. Úsáidtear an admháil chun an gearánach a chur ar an eolas faoin nós imeachta a leanfar agus áirítear uimhir thagartha inti, mar aon le hainm agus uimhir theagmhála an duine atá ag déileáil leis an ngearán.

Déantar anailís ar an ngearán le cinneadh cibé ar chóir nó nár chóir tús a chur le fiosrúchán agus cuirtear torthaí na hanailíse in iúl don ghearánach, laistigh de mhí go hiondúil. Mura gcuirtear tús le fiosrúchán, cuirtear an chúis leis sin in iúl don ghearánach. Más féidir, aistrítear an gearán, nó tugtar comhairle chuí don ghearánach faoi chomhlacht inniúil óna bhféadfaí comhairle a lorg.

I rith fiosrúcháin, cuirtear an gearánach ar an eolas faoi gach céim nua a dhéantar. Nuair a chinneann an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh, cuireann sé torthaí an fhiosrúcháin agus a chonclúidí in iúl don ghearánach. Níl cinntí an Ombudsman ina gceangal dlí agus ní chruthaíonn siad cearta ná oibleagáidí atá infhorghníomhaithe le dlí don ghearánach ná don institiúid i gceist.

# Nósanna imeachta fiosrúcháin simplithe

Mar rogha eile ar fhiosrúchán scríofa a oscailt i ndáil le drochriarachán féideartha, agus d'fhonn an fhadhb ábhartha a réiteach go gasta, úsáideann an tOmbudsman nósanna imeachta neamhfhoirmiúla, solúbtha, le comhaontú agus le comhoibriú na hinstitiúide i gceist.

I rith 2009, socraíodh 114 cás nuair a d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras nár freagraíodh (féach ar chuid 2.9 den *Tuarascáil Bhliantúil 1998* le teacht ar mhionsonraí an nóis imeachta). Úsáidtear nós imeachta simplithe i roinnt cásanna eile freisin, mar shampla, sa chás seo a leanas:

### Socraíonn an Coimisiún liúntas dlite thar téarma a íoc agus tugann sé freagra ar iarratas ar fhaisnéis

Nuair a thug sí faoi deara go raibh an liúntas leanaí a d'íoc an Coimisiún léi thar thréimhse trí mhí ró-íseal, d'iarr bean faisnéis faoi mhéideanna na liúntas ar chóir don Choimisiún a íoc i leith gach duine dá triúr leanbh. Ansin, líomhain an gearánach i ngearán chuig an Ombudsman nár thug an Coimisiún freagra ar a hiarratas. Mhaígh sí gur chóir don Choimisiún an liúntas dlite thar téarma a íoc léi.

Agus an nós imeachta simplithe in úsáid acu, rinne seirbhísí an Ombudsman teagmháil ghutháin leis an gCoimisiún agus d'iarr siad air an tsaincheist a réiteach. Thug an Coimisiún freagra dearfach agus shocraigh sé EUR 2 400 a íoc leis an ngearánach, i.e. an liúntas dlite thar téarma. Thug sé freagra mionchruinn ar a hiarratas ar fhaisnéis maidir le méid an liúntais in aghaidh an linbh freisin. Ghabh an gearánach buíochas leis an Ombudsman as a chúnamh pras, rathúil.

2248/2009/MF

# Tús a chur le fiosrúchán

I gcás go socróidh an tOmbudsman fiosrúchán scríofa a oscailt, an chéad chéim ná an gearán a tharchur chuig an institiúid i gceist agus iarraidh uirthi tuairim a chur in iúl don Ombudsman, laistigh de thrí mhí féilire go hiondúil. In 2004, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach glacadh le tréimhse ama níos giorra, tréimhse dhá mhí, do ghearáin faoi dhiúltú rochtana ar cháipéisí.

# Nós imeachta cothrom

Ciallaíonn prionsabal an nóis imeachta chothroim nach bhféadfaidh an tOmbudsman ábhar a sholáthróidh an gearánach nó an institiúid AE don Ombudsman a chur san áireamh agus a chinneadh á dhéanamh faoi ghearán, ach amháin más amhlaidh go raibh deis ag an bpáirtí eile breathnú ar an ábhar sin agus freagairt dó.

Dá réir sin, cuireann an tOmbudsman tuairim na hinstitiúide in iúl don ghearánach mar aon le cuireadh breathnuithe a chur in iúl. Baintear leas as an nós imeachta céanna más gá tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh faoin ngearán.

Ní sholáthraíonn an Conradh ná an Reacht d'achomharc nó do réitigh eile i gcoinne chinntí an Ombudsman maidir le déileáil le toradh gearáin. Mar sin féin, mar aon le gach institiúid AE eile, tá an tOmbudsman faoi réir caingne chun damáistí a ghnóthú bunaithe ar Airteagal 340 den CFAE. I bprionsabal, tá sé indéanta a leithéid de chaingean a thabhairt sa Chúirt Ghinearálta bunaithe ar mhíláimhseáil líomhanta gearáin ag an Ombudsman[7].

7. Mar shampla, féach ar chás T-412/05 *M v Ombudsman* [2008] ECR II-197.

# Scrúdú na gcomhad agus éisteacht le finnéithe

De réir Airteagal 3(2) de Reacht an Ombudsman ceanglaítear ar instititúidí AE aon fhaisnéis a éilíonn an tOmbudsman uathu a thabhairt dó, mar aon le rochtain ar na comhaid i gceist. I ndiaidh leasú 2008 ar an Reacht, ní fhéadann siad diúltú cáipéisí a nochtadh ar "fhorais rúndachta le bunús iomchuí" níos mó.

Cuireann cumhacht an Ombudsman chun comhaid a scrúdú ar a chumas iomláine agus cruinneas na faisnéise curtha ar fáil ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht AE i dtrácht a fhíorú. Dá réir sin, dearbhaíonn sé don ghearánach agus don phobal gur féidir leis an Ombudsman imscrúdú críochnúil agus iomlán a dhéanamh. I rith 2009, baineadh úsáid as cumhacht an Ombudsman chun comhaid na hinstitiúide a scrúdú in 23 cás.

**Cuireann cumhacht an Ombudsman chun comhaid a scrúdú ar a chumas iomláine agus cruinneas na faisnéise curtha ar fáil ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht AE i dtrácht a fhíorú.**

Chomh maith leis sin, de réir Airteagal 3(2) den Reacht caithfidh oifigigh agus seirbhísigh eile ó institiúidí AE fianaise a thabhairt ar iarratas ón Ombudsman. Arís, i ndiaidh leasú 2008 ar an Reacht, ní cheanglaítear ar oifigigh AE a thugann fianaise don Ombudsman labhairt "thar ceann a riarachán agus de réir treoracha uathu" níos mó. Bíonn siad fós faoi réir rialacha ábhartha na Rialachán Foirne, áfach, go háirithe a ndualgas maidir le rúndacht ghairmiúil. Níor úsáideadh cumhacht an Ombudsman chun éisteacht le finnéithe in 2009.

Leis an leasú ar an Reacht in 2008, soiléiríodh agus treisíodh an ceanglas ar an Ombudsman rúndacht cáipéisí agus faisnéise a choinneáil. Déanann an Reacht leasaithe foráil go mbeidh rochtain an Ombudsman ar fhaisnéis nó ar cháipéisí rúnda, go háirithe ar cháipéisí leochaileacha laistigh de bhrí Airteagal 9 de Rialachán 1049/2001[8], faoi réir chomhlíonadh na rialacha maidir le slándáil na hinstitiúide AE i gceist. Cuirfidh na hinstitiúidí a sholáthróidh faisnéis nó cáipéisí rúnda den sórt sin an tOmbudsman ar an eolas faoin rangú sin. Lena chois sin, déanfaidh an tOmbudsman na coinníollacha I bhfeidhm ar láimhseáil faisnéise nó cáipéisí rúnda agus ar láimhseáil faisnéise breise cumhdaithe ag dualgas na rúndachta gairmiúla a aontú leis an institiúid i dtrácht roimh ré.

Sa bhliain 2009, bhí easaontú idir an tOmbudsman agus an Chomhairle i ndáil le feidhmiú Reacht an Ombudsman ag an gComhairle. Bhain sé seo, ach go háirithe, leis an mbealach ar a ndéanfaí scrúdú ar cháipéisí *EU-restreint* a bhí i seilbh na Comhairle. D'fhonn an cheist seo a réiteach, ghlac an tOmbudsman páirt i gcruinniú Grúpa Oibre Faisnéise na Comhairle an 14 Deireadh Fómhair 2009. Bhí an cruinniú thar a bheith úsáideach agus d'éirigh leo an tsaincheist a réiteach ar bhealach gasta a bhí sásúil go frithpháirteach.

# Nós imeachta oscailte

Déileáiltear le gearáin chuig an Ombudsman go poiblí ach amháin má chuireann an gearánach in iúl gur mhian leis/léi go ndéileálfaí leis an gcás faoi rún.

Forálann Airteagal 13 de na Forálacha Feidhmiúcháin go mbeidh rochtain ag an ngearánach ar chomhad an Ombudsman faoin ngearán a rinne sé nó sí. Déanann Airteagal 14 foráil do rochtain an phobail ar cháipéisí i seilbh an Ombudsman. Cuimsíonn Cinneadh an Ombudsman an 3 Nollaig 2008, lena leasaítear na Forálacha Feidhmiúcháin dá dtagraítear i gcuid 2.2 thuas, athruithe ar Airteagal 13 agus ar Airteagal 14 atá deartha chun cleachtais an Ombudsman a ailíniú leis na réaltachtaí arna gcruthú ag leasú a Reachta.

**8.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

# 3

# Gearáin agus Fiosrúcháin

I gCaibidil 3, tugtar forbhreathnú ar na gearáin agus fiosrúcháin ar déileáladh leo in 2009. Tosaítear é le heolas faoi ghearáin a scrúdaíodh. Ansin tugtar forbhreathnú ar an obair a rinneadh i ndáil le fiosrúcháin, lena n-áirítear na torthaí a baineadh amach agus eiseamláirí de chásanna. Tá cuid a bhaineann le príomhchásanna aitheanta ag an Ombudsman, agus ansin tá anailís théamach a chumhdaíonn na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2009. Ag deireadh na Caibidle seo, féachtar ar na gearáin a tharchuir an tOmbudsman chuig comhlachtaí eile a dhéileálann le gearáin.

## 3.1 Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh

Chláraigh an tOmbudsman[1] 3 098 gearán in 2009, i gcomparáid le 3 406 in 2008. Próiseáladh 3 119 gearán san iomlán[2], i gcomparáid le 3 346 in 2008. Maidir leis na gearáin uile a próiseáladh, bhí 55% (1 704 gearán) i sainordú bhall Líonra Eorpach na nOmbudsmen, agus bhí 23% (727 gearán) i sainordú an Ombudsman Eorpaigh. Tá staidéar ar na gearáin ar dhéileáil baill an Líonra seachas an tOmbudsman Eorpach leo ar fáil ag deireadh na Caibidle seo.

D’oscail an tOmbudsman Eorpach 335 fiosrúchán ar bhonn gearán, agus seoladh ceithre fhiosrúchán sa bhreis ar thionscnamh an Ombudsman féin (féadtar sin a chur i gcomparáid le 293 agus trí, faoi seach, sa bhliain 2008).

### Tábla 3.1: Cásanna ar déileáladh leo i rith 2009


| | |
|---|---|
| **Gearáin a cláraíodh in 2009** | **3 098** |
| **Gearáin a próiseáladh in 2009** | **3 119** |
| **Gearáin laistigh d’inniúlacht bhall Líonra Eorpach na nOmbudsmen** | **1 704** |
| **Gearáin i sainordú an Ombudsman Eorpaigh** | **727** |
| Astu sin: | **230** doghlactha<br>**162** inghlactha ach gan foras le fiosrúchán a oscailt<br>**335** fiosrúchán oscailte ar bhonn gearán |
| **Fiosrúcháin oscailte ar bhonn gearán** | **335** |
| **Fiosrúcháin oscailte ar a thionscnamh féin** | **4** |
| **Fiosrúcháin dúnta** | **318** |
| Astu sin: | **182** ó 2009 (57%)<br>**80** ó 2008 (25%)<br>**56** ó bhlianta roimhe sin (18%) |

**1.** Úsáideann Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman Eorpaigh an chatagóir staidrimh “gearáin chláraithe” in ionad na catagóire “gearáin faighte”, chun idirdhealú a dhéanamh idir gearáin a chláraítear i mbliain féilire ar leith agus gearáin a fhaightear le linn na tréimhse céanna ach a chláraítear sa bhliain dar gcionn.
**2.** Ciallaíonn an chatagóir staidrimh “próiseáilte” gur tugadh chun críche an anailís atá deartha chun a chinntiú an bhfuil an gearán (i) i sainordú an Ombudsman, (ii) an gcomhlíonann sé na critéir inghlacthachta, agus (iii) an bhfuil foras ann le fiosrúchán a oscailt. Mar gheall ar an méid ama a thógann an anailís seo, bíonn líon na ngearán “próiseáilte” in aon bhliain ar leith éagsúil ó líon na ngearán “cláraithe” sa bhliain chéanna.

Dhún an tOmbudsman 318 fiosrúchán in 2009 (i gcomparáid le 355 in 2008). Astu sin, cláraíodh 182 in 2009, agus bhain 80 le 2008 agus 56 le blianta roimhe sin.


Mar a léiríonn Fíor 3.1[3], chuaigh líon na ngearán i sainordú an Ombudsman le sé bliana anuas ón líon is ísle de 603 in 2003 suas go dtí 727 in 2009. Bhí an leibhéal is airde cásanna in 2004, le 930 cás, agus bhí an dara leibhéal is airde de 870 cás in 2007.

## Fíor 3.1: Líon gearán sa sainordú 2003–2009




Mar a léiríonn Fíor 3.2[4], thit líon na ngearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman go 2 392 in 2009, an líon is ísle a taifeadadh ó 2003, nuair a taifeadadh 1 768. Leanfaidh an tOmbudsman de ag déanamh iarrachtaí líon na ngearán lasmuigh dá shainordú a laghdú trí fhaisnéis shoiléir a sholáthar faoin méid is féidir leis agus nach féidir leis a dhéanamh, agus trí ghearánaigh a threorú chuig an seoladh ceart ag a gcéad iarracht.

## Fíor 3.2: Líon gearán lasmuigh den sainordú 2003–2009




I dTábla 3.2, tugtar forbhreathnú ar bhunús tíreolaíoch na ngearán a cláraíodh in 2009. Rinne an Ghearmáin, an tír AE leis an daonra is mó, an líon is airde gearán, agus ina diaidh bhí an Spáinn, an Pholainn, agus an Fhrainc. Mar sin féin, i gcoibhneas le méid a ndaonraí, tháinig an líon is mó gearán ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón gCipir, agus ón mBeilg.

**3.** Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain 335 gearán sa bhliain 2005 a bhí i sainordú an Ombudsman leis an ábhar céanna. Chun go bhféadfaí comparáid níos cruinne a dhéanamh idir na blianta, níor comhairíodh ach an chéad aon ghearán déag dá leithéid mar ghearáin ar leithligh i bhFíor 3.1.

**4.** Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain 281 gearán sa bhliain 2006 a bhí lasmuigh de shainordú an Ombudsman leis an ábhar céanna. Chun go bhféadfaí comparáid níos cruinne a dhéanamh idir na blianta, níor comhairíodh ach an chéad aon ghearán déag dá leithéid mar ghearáin ar leithligh i bhFíor 3.2.

### Tábla 3.2: Bunús tíreolaíoch na ngearán cláraithe in 2009


| Tír | Líon na nGearán | % de Ghearáin | % de Dhaonra an AE | Cóimheas |
|---|---|---|---|---|
| **Lucsamburg** | 29 | 0,9 | 0,1 | 9,4 |
| **Málta** | 25 | 0,8 | 0,1 | 8,1 |
| **An Chipir** | 24 | 0,8 | 0,2 | 3,9 |
| **An Bheilg** | 207 | 6,7 | 2,1 | 3,2 |
| **An tSlóivéin** | 29 | 0,9 | 0,4 | 2,3 |
| **An Eastóin** | 17 | 0,5 | 0,3 | 1,8 |
| **An Phortaingéil** | 102 | 3,3 | 2,1 | 1,6 |
| **An Bhulgáir** | 77 | 2,5 | 1,6 | 1,6 |
| **Éire** | 40 | 1,3 | 0,9 | 1,4 |
| **An Spáinn** | 389 | 12,6 | 9,0 | 1,4 |
| **An Liotuáin** | 30 | 1,0 | 0,7 | 1,4 |
| **An Laitvia** | 20 | 0,6 | 0,5 | 1,3 |
| **An Ghréig** | 91 | 2,9 | 2,3 | 1,3 |
| **An Fhionlainn** | 42 | 1,4 | 1,1 | 1,2 |
| **An Ostair** | 62 | 2,0 | 1,7 | 1,2 |
| **An Pholainn** | 235 | 7,6 | 7,7 | 1,0 |
| **Poblacht na Seice** | 59 | 1,9 | 2,1 | 0,9 |
| **An Ungáir** | 55 | 1,8 | 2,0 | 0,9 |
| **An Ghearmáin** | 413 | 13,3 | 16,6 | 0,8 |
| **An tSlóvaic** | 27 | 0,9 | 1,1 | 0,8 |
| **An tSualainn** | 42 | 1,4 | 1,8 | 0,8 |
| **An Danmhairg** | 23 | 0,7 | 1,1 | 0,7 |
| **An Rómáin** | 81 | 2,6 | 4,4 | 0,6 |
| **An Fhrainc** | 235 | 7,6 | 12,8 | 0,6 |
| **An Ísiltír** | 59 | 1,9 | 3,3 | 0,6 |
| **An Iodáil** | 183 | 5,9 | 11,9 | 0,5 |
| **An Ríocht Aontaithe** | 176 | 5,7 | 12,3 | 0,5 |
| **Tíortha Eile** | 157 | 5,1 | | |
| **Ní fios** | 169 | 5,5 | | |

NÓTA Ríomhadh cóimheas na ngearán trí chéatadán na ngearán iomlán a fuarthas ó gach Ballstát a roinnt ar a chéatadán de dhaonra iomlán an AE. Sa chás gur mó an figiúr seo ná 1,0, léiríonn sé sin gur chuir an tír i gceist níos mó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a daonra. Rinneadh na céatadáin uile sa tábla a shlánú go dtí ionad amháin de dheachúlacha.

In 2009, chuir 15 Bhallstát níos mó gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a ndaonraí, chuir 11 tír níos lú gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis, agus chuir tír amháin líon gearán isteach a léirigh méid a daonra.

Sa léarscáil thíos, tá léiriú grafach ar cé chomh dóchúil is atá sé go ndéanfaidh daoine i ngach Ballstát gearán chuig an Ombudsman Eorpach. Tá sé bunaithe ar líon na ngearán a fuarthas ó gach Ballstát i gcoibhneas le méid a dhaonra mar a chuirtear i láthair i dTábla 3.2 é (féach an nóta faoi bhun Tábla 3.2 maidir leis an gcaoi a ríomhtar an cóimheas).

## Bunús tíreolaíoch na ngearán cláraithe in 2009





Féadtar gearáin a chur chuig an Ombudsman Eorpach in aon cheann de 23 teanga Conartha an AE[5]. I ndiaidh comhaontaithe sínithe i mí na Samhna 2006 idir an tOmbudsman Eorpach agus rialtas na Spáinne, féadfaidh saoránaigh gearáin a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach in aon cheann de theangacha comh-oifigiúla na Spáinne (Catalóinis/Vaileinsis, Gailísis agus Bascais) chomh maith[6]. Mar a léiríonn Fíor 3.3, in 2009 roghnaigh formhór na ngearánach a ngearáin a chur faoi bhráid an Ombudsman i mBéarla, agus ansin i nGearmáinis, Spáinnis agus Fraincis. Cuireadh líon srianta gearán faoina bhráid in Eastóinis, Catalóinis, Máltais, agus Gaeilge.

**Féadtar gearáin a chur chuig an Ombudsman Eorpach in aon cheann de 23 teanga Conartha an AE.**

5. Bulgáiris, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis, agus Sualainnis.


6. Tríd an gcomhaontú seo a shíniú, d'ailínigh an tOmbudsman a chuid cleachtais le conclúidí Chomhairle an AE ó mhí an Mheithimh 2005 a rinne foráil d'úsáid na dteangacha seo chun cumarsáid shaoránaigh na Spáinne le hinstitiúidí an AE a éascú.

### Fíor 3.3: Dáileadh teanga na ngearán




Mar a léiríonn Fíor 3.4, i mbeagnach 80% de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás (11% de na cásanna), trína aistriú go comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt dóibh faoi cá háit le dul (67%). I gCuid 3.6 thíos, tugtar forbhreathnú ar na cásanna a aistríodh nó inar cuireadh comhairle ar an ngearánach. I 22% de na cásanna ar déileáladh leo in 2009, seoladh freagra chuig an ngearánach ach mheas an tOmbudsman nach bhféadfaí aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh. I roinnt cásanna, tharla sé sin toisc nár aithin an gearánach cén duine nó cén rud ar mhian leis/léi gearán a dhéanamh faoi.

### Fíor 3.4: Cineál gníomhaíochta déanta ag an Ombudsman Eorpach ar bhonn gearán faighte





NÓTA Cuimsíonn na figiúirí 215 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2008 a próiseáladh in 2009, agus eisiann sé 94 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2009, a bhí á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana chun a chinneadh cén ghníomhaíocht ar chóir a chur i gcrích.

# 3.2 Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh[7]

Rinneadh anailís bhreise ar na gearáin uile a bhí i sainordú an Ombudsman chun a dheimhniú go raibh siad inghlactha. Maidir le 727 gearán a bhí sa sainordú, fuarthas nach raibh 230 inghlactha; i gcás 162 cás sa bhreis a bhí inghlactha, fuair an tOmbudsman nach raibh aon fhoras ann le fiosrúchán a oscailt.


### Fíor 3.5: Gearáin i sainordú an Ombudsman Eorpaigh




Osclaíodh 335 fiosrúchán nua i rith na bliana bunaithe ar ghearáin. Is ionann sin agus méadú 14% ar líon na bhfiosrúchán oscailte in 2008. Chuir an tOmbudsman tús le ceithre fhiosrúchán ar a thionscnamh féin freisin.

Mar a léiríonn Fíor 3.6, ní raibh líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2009 ach beagán níos ísle ná an líon ard fiosrúchán a osclaíodh in 2004 (351) agus 2005 (343). Déanfar anailís ar na fiosrúcháin a dúnadh i gcuid 3.3 thíos.

### Fíor 3.6: Forbairt ar líon na bhfiosrúchán




Tháinig 84% de na gearáin ar osclaíodh fiosrúcháin mar gheall orthu ó shaoránaigh aonair, agus tháinig 16% ó chuideachtaí agus ó chumainn.


### Tábla 3.3: Foinse na ngearán ar osclaíodh fiosrúcháin mar gheall orthu

| | |
|---|---|
| **Saoránaigh aonair** | **84% (283)** |
| **Cuideachtaí agus cumainn** | **16% (52)** |

7. Mar aon le *Tuarascáil Bhliantúil 2008*, tá an anailís sa chuid seo bunaithe ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2009, seachas – mar a tharla i mblianta roimhe seo – ar líon iomlán na bhfiosrúchán ar déileáladh leo i rith na bliana (i.e. le cásanna a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin san áireamh). Tugann an modh seo um staidreamh a ríomh léiriú níos fearr ar threochtaí, bliain ar bhliain.

Bhain formhór na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman in 2009 leis an gCoimisiún Eorpach (56%). Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomh-institiúid AE a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, tá sé loighciúil go mbainfidh formhór na ngearán a dhéanfaidh saoránaigh leis. Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, cé gur thit dearbhlíon na bhfiosrúchán a osclaíodh a bhain leis an gCoimisiún (ó 195 in 2008 go dtí 191 in 2009), chuaigh líon na bhfiosrúchán a osclaíodh faoi riarachán Pharlaimint na hEorpa, faoin Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), faoin gComhairle agus faoi Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i méid (méadú de dheich bhfiosrúchán, deich gcinn, dhá cheann agus sé cinn faoi seach). Maidir leis an gCúirt, ní mór a lua nach féidir leis an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ach i ndáil lena hobair neamhbhreithiúnach. Bhain 59 fiosrúchán sa bhreis orthu sin le trí cinn is fiche d'institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht eile de chuid an AE[8].


## Fíor 3.7: Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a ndearnadh fiosrúcháin fúthu




Ba iad na príomhchineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh i bhfiosrúcháin a osclaíodh in 2009 easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú faisnéis a thabhairt (36% de na fiosrúcháin), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (14%), moill inseachanta (13%), nósanna imeachta míshásúla (13%), faillí (6%), teip a áirithiú gur comhlíonadh dualgais, is é sin, gur theip ar an gCoimisiún a ról mar chaomhnóir na gConarthaí a chomhlíonadh i ndáil leis na Ballstáit (6%), earráid dlí (6%), agus idirdhealú (5%).

8. An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (6), Coiste Réigiún an Aontais Eorpaigh (6), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (5), Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (5), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (4), An Coláiste Eorpach Póilíneachta (3), Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa (3), An Banc Eorpach Infheistíochta (3), An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (3), Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa (3), Europol (3), Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (2), An Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (2), An Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (2), An tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (1), An Banc Ceannais Eorpach (1), An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (1), An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (1), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (1), Eurojust (1), an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an AE (1), Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (1), Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (1).

### Fíor 3.8: Cineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh




NÓTA I roinnt cásanna, rinneadh scrúdú ar dhá chineál nó níos mó de dhrochriarachán san fhiosrúchán céanna. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100%.

## 3.3 Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

Mar a léiríonn Fíor 3.6 thuas, dhún an tOmbudsman 318 fiosrúchán in 2009. Maidir leo siúd, bhain 311 díobh le gearáin agus bhain seacht gcinn le fiosrúcháin a rinne sé ar a thionscnamh féin.

Críochnaíodh formhór na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman in 2009 laistigh de bhliain amháin (70%). Dúnadh níos mó ná leath díobh (55%) laistigh de thrí mhí. Tá san áireamh air sin cásanna a raibh an tOmbudsman in ann iad a réiteach go han-ghasta, mar shampla, trí ghlao gutháin a chur ar an institiúid i dtrácht chun réiteach a mholadh[9] (féach cuid 2.5 thuas). Críochnaíodh beagnach 80% de na fiosrúcháin laistigh de 18 mí, agus thóg sé níos faide na cásanna eile a chríochnú mar gheall ar a gcastacht nó moilleanna. Ar an meán, thóg sé naoi mí le cás a dhúnadh. Is feabhsú suntasach é sin (in 2008, thóg sé 13 mhí ar an meán), agus is léiriú é den chuspóir a leagadh amach i *Tuarascáil Bhliantúil 2008* maidir le feabhas breise a chur ar fheidhmíocht na hinstitiúide in 2009 trí chásanna a dhúnadh níos tapa arís, agus caighdeáin cháilíochta á gcoinneáil nó á bhfeabhsú i gcónaí. Go príomhúil, tharla an feabhsú toisc go bhfuil an t-ualach oibre breise a bhí mar thoradh ar an méadú suntasach ar líon na ngearán ó 2004 i leith críochnaithe anois.

### Tábla 3.4: Cásanna a dúnadh i ndiaidh fiosrúchán in 2009


| | |
|---|---|
| **Meánfhad an fhiosrúcháin** | **9 mí** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 3 mhí** | **55%** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 12 mhí** | **70%** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 18 mí** | **81%** |

NÓTA Tá na figiúirí seo bunaithe ar mhí ina bhfuil 30 lá. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go léiríonn na céatadáin figiúirí carnacha.

9. Cuimsíonn sé cásanna freisin ina mbeadh fiosrúchán iomlán déanta ag an Ombudsman ach gur tharraing an gearánach an gearán siar, agus cásanna inar cuireadh cosc ar an Ombudsman leanúint ar aghaidh lena fhiosrúchán mar rinne an gearánach cinneadh a ghearán a thabhairt os comhair Cúirte.

Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.9, baineadh toradh dearfach amach don ghearánach go héasca i 179 cás a dúnadh in 2009 (56% den iomlán). Shocraigh an institiúid na cásanna seo nó aontaíodh réitigh chairdiúla. Féadtar sin a chur i gcomparáid leis an bhfigiúr de 129 cás in 2008. I 55 cás eile, soiléiríodh an t-ábhar ionas nach raibh gá le fiosrúcháin bhreise, agus i 58 cás, níor aimsigh an tOmbudsman aon drochriarachán. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 37 cás. In dhá chás den sórt sin, ghlac an institiúid i dtrácht le dréachtmholadh an Ombudsman, agus rinneadh ráitis chriticiúla i 35 cás (féach Fíor 3.10). Tá mionsonraí breise faoi na torthaí seo ar fáil thíos[10].

### Fíor 3.9: Torthaí na bhfiosrúchán a críochnaíodh




NÓTA I roinnt cásanna, dúnadh fiosrúcháin ar dhá fhoras nó níos mó. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100%.

## Níor aimsíodh drochriarachán

In 2009, dúnadh 58 cás inar aimsíodh nach raibh drochriarachán i gceist. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach; ar a laghad, baineann sé nó sí tairbhe as míniú iomlán a fháil ón institiúid i gceist faoina bhfuil déanta aici, agus faigheann sé nó sí anailís neamhspleách an Ombudsman ar an gcás. Ag an tráth céanna, cuireann toradh dá leithéid fianaise inláimhsithe ar fáil gur ghníomhaigh an institiúid i gceist i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin.

### →→→ Cabhraíonn an Coimisiún le cás a réiteach a bhaineann le cearta paisinéirí aeir

Bhí ar thaistealaí Gearmánach a thuras féin ó Mhadagascar go dtí an Ghearmáin a eagrú, trí Pháras, toisc gur chealaigh Air France a nasceitilt mar gheall ar stailc. Mhaígh sé nach bhfuair sé aon chúnamh ná cúiteamh ón aerlíne ná ón gcomhlacht maoirseachta freagrach Francach, an Ard-Stiúrthóireacht um Eitlíocht Shibhialta (DGAC), grúpa nach raibh sé in ann cumarsáid a dhéanamh leis mar gheall ar fhadhbanna teanga. Rinne an gearánach teagmháil leis an gCoimisiún chun cúnamh a lorg ach ní raibh sé sásta lena fhreagra. Ina ghearán chuig an Ombudsman, líomhain sé gur theip ar an gCoimisiún a áirithiú go mbíonn rialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí á gcur i bhfeidhm go cuí ag Ballstáit an AE, i gcásanna ina ndiúltaítear do phaisinéirí dul ar bord nó ina gcealaítear eitiltí nó ina gcuirtear moill fhada orthu.

Fuair an tOmbudsman gur dhéileáil an Coimisiún le cás an ghearánaigh go gníomhach trína áirithiú gur chuir an DGAC na bearta riachtanacha i bhfeidhm. Idir an dá linn, bhí an aerlíne tar éis cúiteamh a íoc leis an taistealaí. Chuir an tOmbudsman fáilte freisin roimh

10. Tá an anailís seo a leanas bunaithe ar fhiosrúcháin a críochnaíodh i rith 2009. I gcás gur bhain an fiosrúchán le níos mó ná líomhain nó éileamh amháin, d'fhéadfadh níos mó ná toradh amháin a bheith faighte ag an Ombudsman.

fhógra an Choimisiúin go gcabhródh sé le comhlachtaí maoirseachta náisiúnta bacainní teanga a laghdú do thaistealaithe Eorpacha a mbíonn fadhbanna acu.

2980/2008/GG

### Ráitis bhreise

Fiú amháin nuair a chinneann an tOmbudsman nach bhfuil drochriarachán ar bith i gceist nó nuair a chinneann sé nach bhfuil foras ann le tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh, féadfaidh sé ráiteas breise a eisiúint i gcásanna ina n-aithníonn sé go bhfuil deis ann feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin. Mar sin, níor chóir glacadh leis gurb ionann ráiteas breise agus cáineadh na hinstitiúide ar a bhfuil sé dírithe; níl ann ach comhairle faoin gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar chleachtas ar leith chun cáilíocht na seirbhíse curtha ar fáil do shaoránaigh a fheabhsú. Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i 28 cás in 2009, lena n-áirítear sa chás seo a leanas:

#### Sárú rúndachta líomhanta i gcás Ryanair/Aer Lingus

Rinne an Coimisiún fiosrúchán faoi thogra Ryanair cumasc le hAer Lingus agus d'fhógair sé nach rachadh an cumasc leis an gcómhargadh. Líomhain Ryanair gur sháraigh an Coimisiún a dhualgas maidir le rúndacht faisnéise an-íogair a bhí i roinnt cáipéisí a bhain leis na himeachtaí a chosaint, lena n-áirítear faisnéis sa Ráiteas Agóidí.

Bhreathnaigh an tOmbudsman gur nochtadh an Ráiteas Agóidí don phreas. Ba shárú tromchúiseach rúndachta é sin. Mar sin féin, luaigh sé nach bhféadfaí glacadh leis gurbh é an Coimisiún foinse an nochta, toisc go raibh an leagan rúnda den Ráiteas Agóidí i seilbh na n-údarás iomaíochta náisiúnta chomh maith. Rinne sé ráiteas breise a mhol don Choimisiún scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ar an bhféidearthacht meicníochtaí cuí a ghlacadh chun a áirithiú go mbeadh tarchur faisnéise agus cáipéisí rúnda slán.

1342/2007/FOR

## Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh chairdiúla

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú institiúidí an AE riachtanach chun torthaí den chineál sin a bhaint amach, ar torthaí iad a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh, agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint.

I rith 2009, shocraigh an institiúid nó an comhlacht féin 166 cás i ndiaidh gearán a bheith déanta chuig an Ombudsman[11].

#### Gabhann an Coimisiún a leithscéal as moill

Bhainistigh an gearánach staidéar a rinne roinnt cuideachtaí agus eagraíochtaí thar ceann an Choimisiúin. D'aighnigh an gearánach an tuarascáil deiridh, na ráitis airgeadais, agus na cáipéisí riachtanacha eile laistigh den tréimhse trí mhí a aontaíodh. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuair sé an tuarascáil, ach níor íoc sé an t-iarmhéid gan íoc. Chuir an gearánach é sin i gcuimhne don Choimisiún roinnt uaireanta, agus mar fhreagra ar an gcéad mheabhrúchán, luaigh an Coimisiún go raibh laethanta saoire agus fadhbanna acmhainneachta ina gcúis leis an moill. Rinne an gearánach teagmháil leis an Ombudsman ansin, ag líomhain gur theip ar an gCoimisiún déileáil leis an ábhar agus an t-iarmhéid a íoc laistigh den tréimhse 45 lá a aontaíodh. I ndiaidh nós imeachta gutháin leathnaithe a mhol an tOmbudsman don Choimisiún, ghabh an Coimisiún a leithscéal leis an ngearánach as

**11.** Mar a míníodh i gCaibidil 2, i 114 de na cásanna seo d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras gan freagra.

an moill maidir le déileáil lena chomhad, agus gheall sé an t-iarmhéid a ríomh agus a íoc laistigh de cheithre seachtaine dá n-aontódh an gearánach leis na ríomhanna. Chuir an gearánach in iúl go raibh sé sásta leis an toradh seo agus go raibh sé i dteagmháil leis an gCoimisiún i ndáil leis an gcomhad seo anois.

2650/2009/KM (Faoi rún)

Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil a mhéid is féidir. Dúnadh trí chás déag i rith na bliana i ndiaidh teacht ar réiteach cairdiúil. Ag deireadh 2009, bhí 20 togra maidir le réitigh chairdiúla á meas go fóill.

**Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil a mhéid is féidir.**

### Baineann an tOmbudsman réiteach cairdiúil amach i ndáil le gearáin faoi thicéid VIP

Ghlac beirt oifigeach ardleibhéil de chuid an Choimisiúin le ticéid VIP don Chorn Domhanda Rugbaí i bPáras ó sholáthraí éadaí spóirt. Rinne eagraíocht neamhrialtasach gearán leis an Ombudsman, ag maíomh go bhféadfadh sin a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa, mar dhéileáil an bheirt oifigeach le cásanna frithdhumpála a bhféadfadh leas a bheith ag an soláthraí éadaí spóirt iontu. Mhol an tOmbudsman gur chóir don Choimisiún a aithint go mbeadh sé níos fearr mura raibh sé tar éis cead a thabhairt dá oifigigh glacadh leis an bhfáilteachas. D'aontaigh an Coimisiún leis an moladh seo agus bhí an gearánach sásta lena ráiteas.

1341/2008/MHZ

I gcásanna áirithe, féadtar an gearán a shocrú nó féadtar teacht ar réiteach cairdiúil má thairgeann an institiúid i gceist cúiteamh don ghearánach. Déantar aon tairiscint den chineál sin *ex gratia*, is é sin, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

## Aimsíodh drochriarachán

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 12% de na cásanna a dúnadh in 2009. I 35 de na cásanna sin, dúnadh an cás le ráiteas criticiúil don institiúid i dtrácht (44 cás in 2008). Dúnadh dhá chás nuair a ghlac an institiúid i dtrácht le dréachtmholadh déanta ag an Ombudsman. Déantar anailís níos mionsonraithe ar na torthaí sin anseo thíos.

### Fíor 3.10: Fiosrúcháin inar aimsíodh drochriarachán



## Ráitis chriticiúla

Murar féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid i gceist nó déantar dréachtmholadh. Is iondúil go ndéanann an tOmbudsman ráiteas criticiúil (i) nuair nach féidir leis an institiúid i gceist an cás drochriaracháin a dhíchur, (ii) nuair is cosúil nach mbaineann impleachtaí ginearálta ar bith leis an drochriarachán, agus (iii) nuair nach léir gur gá don Ombudsman gníomhaíocht leantach ar bith a dhéanamh. Lena chois sin, déanann an tOmbudsman ráiteas criticiúil má mheasann sé nach mbainfeadh dréachtmholadh cuspóir úsáideach amach nó nuair a dhiúltaíonn an institiúid i dtrácht glacadh le dréachtmholadh ach ní mheasann an tOmbudsman gur cuí tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

**Is dearbhú don ghearánach go bhfuil bonn leis an ngearán é ráiteas criticiúil agus tugann sé le fios don institiúid i gceist céard atá déanta as bealach, ionas gur féidir léi drochriarachán a sheachaint amach anseo.**

Is dearbhú don ghearánach go bhfuil bonn leis an ngearán é ráiteas criticiúil agus tugann sé le fios don institiúid i gceist céard atá déanta as bealach, ionas gur féidir léi drochriarachán a sheachaint amach anseo.

### Teip taifead scríofa cuí a choinneáil de chruinniú i gcás Intel

In 2008, rinne an táirgeoir micreaphróiseálaithe, Intel, gearán chuig an Ombudsman go ndearna an Coimisiún botúin ghnásúla fad is a bhí sé ag iniúchadh cé acu ar bhain nó nár bhain Intel mí-úsáid as a shuíomh ceannasach. D'áitigh Intel gur theip ar an gCoimisiún miontuairiscí a ghlacadh de chruinniú le feidhmeannach sinsearach de chuid an déantúsóra ríomhairí, Dell, a reáchtáladh i mí Lúnasa 2006, cé gur bhain an cruinniú go díreach le hiniúchadh Intel ag an gCoimisiún.

Fuair an tOmbudsman gur bhain an cruinniú i mí Lúnasa 2006 le hiniúchadh Intel. Fuair sé freisin nár ghlac an Coimisiún miontuairiscí cuí den chruinniú seo agus nár chuimsigh a chomhad iniúchta clár oibre an chruinnithe. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist leis sin. Rinne sé ráiteas criticiúil ag cur in iúl gur sháraigh an Coimisiún prionsabail an dea-riaracháin nuair a theip air taifead scríofa cuí a dhéanamh den chruinniú i mí Lúnasa 2006. Mar sin féin, níor fhógair sé aon toradh faoi cé acu ar sháraigh an Coimisiún cearta cosanta Intel nó nár sháraigh sé iad.

Níor aimsigh an tOmbudsman drochriarachán i ndáil leis an dara líomhain de chuid Intel, ba é sin gur spreag an Coimisiún Dell chun comhaontú malartaithe faisnéise a thionscnamh leis an táirgeoir micrishliseanna, Advanced Micro Devices (AMD). I dtuairim an ghearánaigh, bhí rochtain ag AMD ar fhaisnéis i gcomhad iniúchta an Choimisiúin mar gheall ar an gcomhaontú sin. Mar sin féin, fuair an tOmbudsman, gur theip ar an gCoimisiún taifead scríofa cuí a dhéanamh de ghlao gutháin idir an Coimisiún agus Dell inar pléadh an comhaontú malartaithe faisnéise. Chabhródh taifead dá leithéid leis na fíricí ábhartha a shoiléiriú. Mar sin, i ráiteas breise mhol sé gur chóir taifid scríofa chuí a choinneáil de chruinniú nó de ghlao gutháin ar bith le tríú páirtithe a bhain le saincheisteanna tábhachtacha gnásúla.

1935/2008/FOR (Faoi rún)

Ní ionann ráiteas criticiúil, áfach, agus cúiteamh don ghearánach. Nuair is cóir cúiteamh a chur ar fáil, is fearr é má shocraíonn an institiúid i dtrácht an drochriarachán a aithint agus cúiteamh cuí a thairiscint i ndiaidh di an gearán a fháil. I roinnt cásanna, ní bheadh i gceist leis sin ach leithscéal a ghabháil leis an ngearánach. Trí ghníomh dá leithéid a dhéanamh, léiríonn an institiúid go bhfuil sí tiomanta d'fheabhas a chur ar chaidreamh le saoránaigh. Lena chois sin, léiríonn sí go dtuigeann sí céard atá déanta as bealach aici agus mar sin féadfaidh sí drochriarachán comhchosúil a sheachaint amach anseo.

## Obair leantach déanta ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise

D'fhonn a áirithiú go bhfoghlaimeoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí ó na botúin a dhéanann siad agus d'fhonn drochriarachán a sheachaint amach anseo, gach bliain, cuireann an tOmbudsman an pobal ar an eolas faoin méid a fhaigheann sé amach i ndáil leis an obair leantach a dhéanann institiúidí ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise. Déanann sé é sin i staidéar a fhoilsíonn sé ar a shuíomh gréasáin.

### Obair leantach déanta ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise in 2008

Thug an tOmbudsman cuireadh do na hinstitiúidí uile freagairt do na ráitis chriticiúla agus na ráitis bhreise a rinne sé in 2008 laistigh de thréimhse sé mhí. Fuair sé freagraí ar na ráitis chriticiúla agus na ráitis bhreise uile a rinne sé, cé go raibh moill ar na freagraí sin i roinnt cásanna. Is feabhas suntasach é sin ar chás 2007, nuair a tháinig roinnt freagraí ró-dhéanach le bheith curtha san áireamh sa staidéar a bhain leis an mbliain sin.

Nuair a cuireadh ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise san áireamh, bhí an ráta d'obair leantach shásúil cothrom le 79%. Bhí an obair leantach ar bhonn ráiteas breise sásúil sna cásanna uile, agus bhí an ráta d'obair leantach shásúil ar bhonn ráiteas criticiúil cuid mhaith níos ísle ag 62%. Léiríonn an toradh sin go bhfuil obair thábhachtach fós le déanamh ag an Ombudsman agus ag na hinstitiúidí féin chun a léiriú d'oifigigh gurb ionann cur chuige cosantach i leith an Ombudsman agus deis chaillte dá n-institiúid agus go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'íomhá an Aontais Eorpaigh.

➔➔➔ Is fiú cúig cinn de na cásanna ina ndearnadh obair leantach a lua, mar tugann siad eiseamláir d'institiúidí eile faoin gcaoi is fearr le freagairt do ráitis chriticiúla agus do ráitis bhreise. Baineann siad leis an **bParlaimint** (**3464/2004/(TN)TS**), an **Coimisiún** (**101/2004/GG** agus **3148/2007/BEH**), **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** (**1473/2006/TS**), agus an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** (**OI/8/2006/BU**). Dhéileáil na hinstitiúidí i gceist leis an obair leantach ar bhonn na gcásanna seo ar bhealach eiseamláireach.

## Dréachtmholtaí

Nuair is féidir leis an institiúid i dtrácht an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna ina bhfuil an drochriarachán thar a bheith tromchúiseach nó ina bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is iondúil go dtugann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht i gceist. De réir Airteagal 3(6) de Reacht an Ombudsman, ní mór don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht tuairim mhionsonraithe a sheoladh ar ais laistigh de thrí mhí. I rith 2009, rinneadh 15 dhréachtmholadh. I dteannta sin, rinneadh cinntí in 2009 ar bhonn seacht ndréachtmholadh a rinneadh in 2008, agus dúnadh dhá chás eile i ndiaidh dréachtmholtaí a rinneadh in 2007. Dúnadh dhá chás i rith na bliana nuair a ghlac an institiúid le dréachtmholadh. Dúnadh cúig chás le ráiteas criticiúil. Faoi dheireadh 2009, bhí 17 ndréachtmholadh á meas go fóill, lena n-áirítear trí cinn a rinneadh in 2008 agus ceithre cinn déag a rinneadh in 2009.

### Mainneachtain athbhreithniú ar mheasúnacht tionchair timpeallachta a dhoiciméadú

D'aithin an AE ais Mhaidrid-Barcelona-Perpignan-Montpellier mar thionscadal tosaíochta de chuid an Ghréasáin Thras-Eorpaigh. Cuimsítear sa tionscadal tógáil naisc iarnróid ardluais idir Maidrid agus teorainn na Fraince. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta (Bei) chun breis agus aon cheathrú de chostas iomlán an tionscadail a mhaoiniú. I mí Eanáir 2006, rinne saoránach Spáinneach gearán chuig an Ombudsman ag líomhain go bhféadfadh an chuid den iarnród pleanáilte a rachadh trí lár Barcelona dochar tromchúiseach a dhéanamh do na foirgnimh sa timpeallacht mórthimpeall air, cosúil le Sagrada Família

de chuid Gaudí. D'áitigh an gearánach gur chóir don BEI athscrúdú a dhéanamh ar an tionscadal agus a chinneadh maoiniú a thabhairt dó a athmheasúnú.

D'iniúch an tOmbudsman an gearán agus ní raibh ar a chumas teacht ar aon fhianaise cháipéiseach gur athbhreithnigh an BEI measúnacht tionchair timpeallachta údaráis na Spáinne. D'iarr sé ar an BEI an mheasúnacht a dhoiciméadú go hiomlán sula maoineodh sé an tionscadal. D'aontaigh an Banc a rialacha a choigeartú agus feabhas a chur ar an mbealach ar a ndéanfaidh sé athbhreithnithe ar mheasúnachtaí a dhoiciméadú amach anseo.

244/2006/(BM)JMA ■

### Tuarascálacha speisialta

Má theipeann ar institiúid, comhlacht, oifig, nó gníomhaireacht Aontais freagairt do dhréachtmholadh ar bhealach sásúil, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa. Féadfaidh an tuarascáil speisialta moltaí a chuimsiú.

**Má theipeann ar institiúid, comhlacht, oifig, nó gníomhaireacht Aontais freagairt do dhréachtmholadh ar bhealach sásúil, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa.**

Mar a luadh in *Tuarascáil Bhliantúil 1998* an Ombudsman Eorpaigh, i dtéarmaí obair an Ombudsman baineann fíorluach leis an bhféidearthacht tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte. Is ionann tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus an chéim shubstaintiúil deiridh a dhéanann an tOmbudsman agus é ag déileáil le cás, toisc go mbíonn glacadh rúin agus feidhmiú chumhachtaí na Parlaiminte faoi réir bhreithiúnas polaitiúil na hinstitiúide sin. Gan amhras, soláthraíonn an tOmbudsman cibé faisnéis agus cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón bParlaimint chun déileáil le tuarascáil speisialta. Níor eisíodh aon tuarascáil speisialta in 2009.

Ciallaíonn Rialacha Pharlaimint na hEorpa gurb é an Coiste Achainíocha atá freagrach as caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman. Ag cruinniú den Choiste Achainíocha an 12 Deireadh Fómhair 2005, gheall an tOmbudsman, de réir Riail 205(3) de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, teacht os comhair an Choiste ar a iarratas féin, nuair atá tuarascáil speisialta á cur faoi bhráid na Parlaiminte aige.

## 3.4 Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas

Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad naoi gcás a dúnadh in 2009 agus ainmníodh iad mar phríomhchásanna. Feidhmíonn siad mar shamhail d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile an AE maidir leis an gcaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman.

Mhol an tOmbudsman an **Coimisiún** as an tacaíocht a thug sé do shaoránach Gearmánach i gcás a bhain le cearta paisinéirí aeir. Léirigh an fiosrúchán gur oibrigh an Coimisiún go gníomhach ar chás an ghearánaigh agus go ndearna sé teagmháil leis na húdaráis Fhrancacha i gceist chun a áirithiú go raibh na rialacha ábhartha curtha i bhfeidhm go cuí (**2980/2008/GG**). I dteannta sin, d'fhonn feidhmiú ceart agus iomlán dhlí an AE a áirithiú, d'athoscail an Coimisiún imeacht maidir le sárú chun a sheiceáil ar éirigh leis an suíomh líonta talún ag Malagrotta, gar don Róimh, an Treoir ábhartha a chomhlíonadh (**791/2005/(IP)FOR**). Bhí ráiteas breise déanta ag an Ombudsman i ndáil leis seo.

Maidir le trédhearcacht, d'aontaigh an **Oifig Eorpach Frith-Chalaoise** (OLAF) liosta fada cáipéisí a scaoileadh i ndiaidh comhairliúcháin le húdaráis bhreithiúnacha ábhartha na mBallstát i gceist. D'iarr dhá chuideachta Bheilgeacha na cáipéisí (cásanna nasctha **723/2005/OV** agus **790/2005/OV**). D'aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** (EPSO) cead a thabhairt do gach iarrthóir teacht ar a marcanna sna trialacha éagsúla, in ionad an cead sin a thabhairt d'iarrthóirí nár éirigh leo amháin. D'eascair sin as gearán inar líomhnaíodh nach raibh ar chumas iarrthóirí rathúla a fháil amach cad iad na marcanna fuair siad (**2346/2007/JMA**).

Maidir le conarthaí, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé sásta scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht fochonraitheoireacht a údarú ar bhonn aisghníomhach d'fhonn ordú aisghabhála de

luach beagnach EUR 500 000 a chealú (**2119/2007/ELB**). Toisc gur éirigh leis an gcuideachta na trí thionscadal a rinne sí a thabhairt chun críche go rathúil, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún glacadh leis an togra seo maidir le réiteach cairdiúil. I gcás **1908/2007/JF**, d'aontaigh an Coimisiún ordú aisghabhála a chealú, ag aithint go mbeadh an gearánach i gcás airgeadais an-neamhbhuan dá n-aisíocfadh sé an t-airgead. Mhol an tOmbudsman an Coimisiún as a léiriú go bhfuil ar a chumas a bheith íogair nuair a bhíonn cásanna pearsanta deacra i gceist, agus chuir sé an cás seo san áireamh sna príomhchásanna in 2009 chun an chaoi ar féidir leis na hinstitiúidí prionsabal na cothroime a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre a léiriú.

I measc na n-eiseamláirí eile de dhea-chleachtas tá cás **1562/2008/BB**, inar ghabh an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht** (EACI) a leithscéal agus thug sí mínithe breise d'iarrthóir nár éirigh leis post a fháil. Luaigh sé freisin tiomantas EACI do bhearta breise a aithint laistigh dá seirbhísí d'fhonn feabhas a chur ar fheasacht a hoifigeach ar chaighdeáin riaracháin infheidhme. D'aithin **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa** gur theip uirthi, nuair a rinne sí a cinneadh tosaigh iarrthóir a eisiamh, faisnéis shoiléir, intuigthe a sholáthar dó faoi bhealaí ina bhféadfadh sé sásamh a bhaint amach. Dhearbhaigh sí don Ombudsman go bhfaigheadh iarrthóirí faisnéis leordhóthanach amach anseo. Thug sí cuireadh chun agallaimh don iarrthóir chomh maith (**2003/2008/TS**). Ar deireadh, ghabh an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir** a leithscéal le gearánach agus d'fhógair sí go raibh bearta curtha i bhfeidhm aici chun na fadhbanna aitheanta a réiteach i gcás a bhain le diúltú d'iarratas ar dheontas. D'aontaigh sí freisin an t-iarratas a athmheasúnú (**1537/2008/(TJ)GG**).

## 3.5 Anailís théamach ar na fiosrúcháin a críochnaíodh

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearáin chomh maith. Cuirtear líon áirithe cásanna ar fáil ar an suíomh gréasáin i bhfoirm achomair i 23 teanga oifigiúil an AE. Léiríonn na hachoimrí an raon ábhar agus an raon institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais a chlúdaíonn na 318 cinneadh lenar dúnadh cásanna in 2009, le cois na gcúiseanna éagsúla le cásanna a dhúnadh.

**Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearáin chomh maith.**


Sa chuid seo, déantar anailís ar na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman a dhún fiosrúcháin in 2009. Tá sí eagraithe i dtéarmaí rangaithe théamaigh de phríomhábhair na bhfiosrúchán, tógtha mórthimpeall ar na seacht gcatagóir phríomhúla seo a leanas:

- Oscailteacht, rochtain an phobail, agus sonraí pearsanta;
- An Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí;
- Dámhachtain tairiscintí agus deontas;
- Comhlíonadh conarthaí;
- Riarachán agus Rialacháin Foirne;
- Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta; agus
- Ábhair institiúideacha, bheartais, agus eile.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil forluí suntasach i gceist sna catagóirí thuas. Mar shampla, is minic go dtarraingítear aird ar cheisteanna a bhaineann le hoscailteacht i ngearáin a bhaineann le hearcaíocht nó le ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin nach mbíonn na catagóirí liostaithe san ord ina léirítear iad i bhFíor 3.11[12].

**12.** I bhFíor 3.11 tugtar faisnéis ar na fiosrúcháin uile a "críochnaíodh" in 2009, de réir a n-ábhar. In 2008, ríomhadh an graf seo ar bhonn na bhfiosrúchán uile a osclaíodh. Toisc go dtugann an anailís théamach forbhreathnú ar na torthaí is suntasaí a d'éirigh as roinnt cásanna a "dúnadh" in 2009, measadh go raibh sé níos cuí an graf a ríomh ar an mbonn céanna. Tá an graf sa chuid seo chun leid a thabhairt don léitheoir faoin tábhacht a bhain leis an ábhar i gceist i dtéarmaí ualach cásanna iomlán an Ombudsman.

### Fíor 3.11: Ábhair na bhfiosrúchán a dúnadh




## Oscailteacht, rochtain an phobail, agus sonraí pearsanta

Sa chuid seo, déantar athbhreithniú ar chinntí an Ombudsman in 2009 i ndáil le gearáin maidir le (i) rochtain an phobail ar cháipéisí, (ii) rochtain an phobail ar fhaisnéis, agus (iii) cosaint sonraí pearsanta agus ceart daoine faoina bhfuil sonraí á gcoimeád chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí.

### Rochtain an phobail ar dhoiciméid

In Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (sean-Airteagal 1 den CAE), luaitear go nglacfar cinntí san Aontas "chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach", agus ceanglaíonn Airteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (CFAE) ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre a sheoladh ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir, d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú. I dteannta sin, déanann Airteagal 15(3) CFAE (sean-Airteagal 255 den Chonradh CE) foráil don cheart rochtain a fháil ar cháipéisí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Tá an ceart seo chun cáipéisí a rochtain faoi riail ag Rialachán 1049/2001[13]. An 30 Aibreán 2008, rinne an Coimisiún togra[14] chun Rialachán 1049/2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a leasú agus a ionadú. Leanadh ar aghaidh le díospóireacht faoin leasú reachtaíochta seo in 2009. I ndiaidh fiosrúchán a rinne an tOmbudsman ar a thionscnamh féin i 1996 agus i 1999, ghlac a lán institiúidí agus comhlachtaí eile rialacha i ndáil le rochtain ar cháipéisí.

Faoi Rialachán 1049/2001 bíonn rogha ag iarrthóirí maidir leis an réiteach ar fáil: féadfaidh siad cur i gcoinne diúltaithe iomláin nó pháirtigh rochtain a thabhairt trí imeachtaí cúirte a thionscnamh faoi Airteagal 263 CFAE (sean-Airteagal 230 den Chonradh CE), nó trí ghearán a dhéanamh chuig an Ombudsman. I rith 2009, chríochnaigh an tOmbudsman 19 bhfiosrúchán a bhain le cur i bhfeidhm Rialachán 1049/2001; rinneadh 15 de na gearáin sin i gcoinne an Choimisiúin.

**I rith 2009, chríochnaigh an tOmbudsman 19 bhfiosrúchán a bhain le cur i bhfeidhm Rialachán 1049/2001; rinneadh 15 de na gearáin sin i gcoinne an Choimisiúin.**

➔➔➔ Rinneadh comhfhiosrúchán ar dhá ghearán i gcoinne na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) (cásanna **723/2005/OV** agus **790/2005/OV**). Bhain siad le dhá chuideachta Bheilgeacha a bhí faoi réir iniúchta maidir le húsáid deimhnithe bréagacha chun bananaí a allmhairiú ag taraif fhabhrach. Chun na fíricí a shoiléiriú, agus chun go bhféadfaidís achomharc a ullmhú, d'iarr siad ar

**13.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.
**14.** COM(2008) 229 críochnaitheach.

rochtain ar liosta fada cáipéisí. Dhiúltaigh OLAF rochtain a thabhairt ar fhormhór na gcáipéisí sin toisc go ndéanfadh sé dochar do chosaint a iniúchta agus d'imeachtaí cúirte i mBallstáit. I ndiaidh dó an comhad a iniúchadh, chinn an tOmbudsman gur ghníomhaigh OLAF ar bhealach mícheart. Rinne sé togra maidir le réiteach cairdiúil ag tabhairt cuiridh do OLAF a sheasamh a athmheasúnú. Ghlac OLAF leis an réiteach cairdiúil i ndiaidh comhairliúchán a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha ábhartha na mBallstát i gceist. ←←←

I gcás **1349/2008/GG**, rinne iriseoir a sheol sraith ceisteanna chuig OLAF agus a fuair freagra ó urlabhraí OLAF gearán toisc gur bheartaigh an t-urlabhraí a fhreagraí a sheoladh ar aghaidh chuig tríú páirtithe éagsúla. Ina thuairim, luaigh OLAF gur ghníomhaigh an t-urlabhraí thar a cheann féin, agus nár ghníomhaigh sé ina cháil mar urlabhraí OLAF. Toisc gur fhógair an duine sin go raibh sé ag gníomhú i gcáil phearsanta nuair a sheol sé an ríomhphost i gceist, chinn an tOmbudsman go raibh an gearán lasmuigh dá shainordú agus dhún sé an cás.

Rinne iar-oifigeach de chuid an Choimisiúin, a rinne gearán chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ag líomhain gur sháraigh an Coimisiún a chearta maidir le cosaint sonraí, gearán chuig an Ombudsman i gcoinne an MECS (cás **491/2008/PB**). Líomhain an gearánach gur theip ar an MECS freagra a thabhairt ar chomhfhreagras, agus níos sonraí, rochtain a thabhairt ar roinnt cáipéisí. Ghabh an MECS a leithscéal as an moill ar fhreagra a thabhairt ar chomhfhreagras. Maidir leis an gceist i ndáil le rochtain ar cháipéisí, mheas an tOmbudsman nach raibh cur chuige struchtúrtha bunaithe ag an MECS tráth an chinnidh chun déileáil le hiarratais ar rochtain den sórt sin, ach nár chloígh an cinneadh sin leis na rialacha ábhartha. Dá bhrí sin, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas breise.

Bhain roinnt gearán le líomhaintí de mhoilleanna. I gcásanna **1190/2008/DK** agus **1010/2008/DK**, d'aithin an tOmbudsman roinnt easnamh sa chaoi ar láimhseáil an Coimisiún iarratas na ngearánach ar rochtain[15]. Bhain na heasnaimh sin le clárú iarratas, le comhlíonadh teorainneacha ama infheidhme agus le mainneachtain cúiseanna a chur ar fáil le leathnú teorainneacha ama. Toisc gur aithníodh na heasnaimh sin i gcás roimhe sin (**367/2006/PB**), a ndearna an tOmbudsman roinnt ráiteas criticiúil ina leith (ráitis chriticiúla ar thug an Coimisiún freagairt an-dearfach dóibh), agus toisc gur bhain na fíricí i ndáil leis na cásanna seo le dátaí roimh ghealltanais an Choimisiúin don Ombudsman, ní dhearna sé ráitis chriticiúla arís. Líomhnaíodh i gcás **541/2008/VIK** chomh maith go raibh an cinneadh diúltú don iarratas ar rochtain ar cháipéisí míchuí. I rith an fhiosrúcháin, tháinig sé chun solais gur fhoilsigh na húdaráis náisiúnta ábhartha an fhaisnéis a bhí á lorg ag an ngearánach. D'aithin an tOmbudsman roinnt easnamh in iompar an Choimisiúin ach ní dhearna sé aon ráiteas criticiúil toisc nach raibh aon líomhaintí déanta ag an ngearánach i ndáil leis na gnéithe gnásúla seo.

I gcás **1491/2008/(ID)(BU)CK**, d'áitigh iarrthóir i gcomórtas a d'eagraigh an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) nach bhfuair sé aon fhreagra ar iarratas maidir le rochtain ar cheisteanna agus freagraí scrúdaithe ar éirigh leis ann. Roinnt míonna níos déanaí, agus í ag gabháil a leithscéil as an moill, dhiúltaigh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin don iarratas agus d'admhaigh sí gur cailleadh an t-iarratas dearbhaithe nó gur cuireadh as ionad é. Bhí baint ag an gcás seo le cás **1150/2008/(ID)(BU)CK**, a rinne an gearánach céanna i gcoinne EPSO. Sa dara cás sin, líomhain an gearánach gur theip ar EPSO a iarratas deimhnithe a aistriú chuig Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 15(1) den Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin. Ní dúirt sí don ghearánach ach gur chóir dó an t-iarratas deimhnithe a sheoladh chuig an gCoimisiún. D'admhaigh EPSO gurbh chuí di an t-aistriú a dhéanamh, toisc gurb é an cleachtas bunaithe é go ndéileálann an Coimisiún le hiarratais deimhnithe. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise, a mhol do EPSO gach beart riachtanach a chur i bhfeidhm chun a neamhspleáchas sa réimse de phróiseáil iarratas maidir le rochtain ar cháipéisí a bhunú.

I gcás **3085/2008/GG**, cháin an tOmbudsman an Coimisiún toisc nár aithin sé litir an ghearánaigh mar iarratas ar rochtain ón tús. Theip ar an gCoimisiún déileáil i gceart le hiarratas deimhnithe an ghearánaigh freisin. Fiú amháin i gcás go raibh cinneadh an Choimisiúin maidir le rochtain

**15.** Is eiseamláir léiritheach de na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt seirbhísí maidir le forálacha Rialachán 1049/2001 a chomhlíonadh é cás 2673/2009/MHZ a shocraigh an institiúid ar deireadh.

a thabhairt i gceart ó thaobh substainte de, rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil toisc gur theip ar an gCoimisiún leithscéal a ghabháil as na botúin ghnásúla a rinne sé.

Bhain cás **429/2007/PB** le moilleanna suntasacha i ndáil le déileáil le hiarratas ar rochtain freisin. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil. Sa chás seo freisin, ardaíodh ceist faoi na táillí a ghearrtar chun iarratais a phróiseáil a bhaineann le cáipéisí an-mhór agus iliomad cáipéisí a rochtain. Mheas an tOmbudsman nár chloígh an Coimisiún leis na caighdeáin leagtha síos in Airteagal 10 de Rialachán 1049/2001 maidir le táillí den sórt sin a ghearradh agus rinne sé ráiteas criticiúil i ndáil leis seo freisin.

Sheol an tOmbudsman fiosrúchán ar a thionscnamh féin a bhain leis an gCoimisiún agus le hiarratais saoránach maidir le rochtain ar cháipéisí a bhaineann le himeachtaí sáraithe (**OI/2/2009/MHZ**). Cé gur dhún sé an fiosrúchán gan drochriarachán a aimsiú, mhol sé don Choimisiún saoránaigh a chur ar an eolas go bhféadann siad teacht ar cháipéisí den sórt sin trí iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún, nó chuig údaráis an Bhallstáit i gceist, nó chuig an dá cheann. D'fhéadfaí saoránaigh a chur ar an eolas freisin gurb é an dlí náisiúnta atá i bhfeidhm i gcás go gcuireann siad iarratas ar rochtain faoi bhráid údarás Ballstáit. Dúirt an tOmbudsman freisin go bhféadfadh an Coimisiún faisnéis den sórt sin a chuimsiú ar a shuíomh gréasáin iontach, áisiúil do shaoránaigh a bhaineann le sáruithe[16].

Bhain fiosrúcháin eile a rinne an tOmbudsman le heisceachtaí breise i ndáil le rochtain an phobail a ndearnadh foráil dóibh i Rialachán 1049/2001. Bhain cás **70/2008/TS** leis an eisceacht i ndáil leis an mbaol i gceist leis an mbonn a bhaint den nós imeachta cinnteoireachta agus le seirbhísí a nochtadh do bhrú seachtrach míchuí. Mheas an tOmbudsman nach raibh na cúiseanna a thug an Coimisiún bailí ná leordhóthanach. Dhún sé an cás le ráitis chriticiúla. Bhain cás **488/2007/PB** leis an eisceacht i ndáil le rochtain an phobail a bhaineann le cosaint leasanna tráchtála agus cosaint caidrimh idirnáisiúnta. Fuair an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt lena dhiúltú rochtain iomlán a thabhairt ar na cáipéisí. Ina fhreagra, luaigh an Coimisiún go ndeachaigh sé i gcomhairle leis na Ballstáit i gceist agus gur aontaigh gach Ballstát seachas ceann amháin le nochtadh na gcáipéisí. Dúirt sé go gcoinneodh sé an tOmbudsman ar an eolas faoi sheasamh an Bhallstáit sin. Bhí an gearánach sásta leis an bhfreagra sin agus dhún an tOmbudsman an cás. Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise ag lua gur theip ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha, eadhon, ar mheas sé go raibh na cáipéisí i gceist de thionscnamh na mBallstát nó ar mheas sé gur cháipéisí iad a scríobh seirbhísí an Choimisiúin. Thug sé cuireadh don Choimisiún an tsaincheist sin a shoiléiriú.

Bhain cás **819/2007/PB** le diúltú an Choimisiúin rochtain a thabhairt ar iarratas Éireann i gcás os comhair na Cúirte Breithiúnais ar na forais go ndéanfadh sé dochar d'imeachtaí na Cúirte. Le linn an fhiosrúcháin, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta breithiúnas a raibh an chuma air gur bhain sé leis an ábhar i dtrácht. Mar sin, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún a chinneadh bunaidh a leasú I bhfianaise an bhreithiúnais. Choinnigh an Coimisiún lena dhiúltú gan cúiseanna bailí a sholáthar. Mar sin, rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil. Luaigh sé gur chosúil gur dhiúltaigh an Coimisiún rochtain a thabhairt toisc go raibh achomharc á thabhairt i gcoinne an bhreithiúnais. Dúirt sé nach dtugann sé sin údar do chinneadh neamhaird a dhéanamh den léirmhíniú dlíthiúil leagtha amach sa bhreithiúnas sin.

## Rochtain an phobail ar fhaisnéis

Dhéileáil an tOmbudsman lena lán gearán a bhain le mainneachtain faisnéis a sholáthar. Déileáladh le han chuid de na cásanna seo trí mheán nósanna imeachta luathaithe agus simplithe, agus mar sin dúnadh iad go tapa i ndiaidh don institiúid i gceist an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil. In dhá chás, seoladh fiosrúchán iomlán. Bhain cás **1694/2007/(WP)BEH** le líomhain gur thug an Coimisiún freagraí neamhleor, míchearta d'aon ghnó ar iarratas ar fhaisnéis a bhain le nós imeachta reachtaíochta áirithe. Cé gur chinn an tOmbudsman nach raibh bonn leis an líomhain maidir le faisnéis a bhí mícheart a sholáthar d'aon ghnó, d'aontaigh sé nach raibh na freagraí a thug an Coimisiún don ghearánach leordhóthanach. Toisc gur sholáthair an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha i rith an

**16.** Maidir le rochtain ar chomhad a bhain le cás sáraithe, féach ar chás 1059/2008/(WP)VL freisin.

fhiosrúcháin, mheas an tOmbudsman nach raibh aon ghá le gníomhaíocht bhreise uaidh. I gcás **443/2009/VL** cuireadh i leith na hOifige Eorpaí Póilíní (Europol) gur theip uirthi freagra a thabhairt ar litreacha inar chuir an gearánach í ar an eolas faoi ábhar a bhí, i dtuairim an ghearánaigh, ina bhagairt thromchúiseach do shlándáil idirnáisiúnta. Theip uirthi mionsonraí teagmhála oifig idirchaidrimh Europol sa Ghearmáin a thabhairt dó freisin. Ina thuairim, mhínigh Europol gur bhain na hábhair a luaigh an gearánach le saincheisteanna náisiúnta agus gur chuir sé an fhaisnéis ar aghaidh chuig oifig idirchaidrimh Europol na Gearmáine a bhí suite ina áitreabh sa Háig. Dá bhrí sin, dhún an tOmbudsman an cás.

### Cosaint sonraí

I gcás **3486/2006/(GK)(ID)RT**, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún Eorpach sonraí fostaíochta a sholáthar dó maidir le duine dá oifigigh. Toisc gur dhiúltaigh an t-oifigeach a cead a thabhairt, dhiúltaigh an Coimisiún dáta tosaithe a fostaíochta a nochtadh. Mheas an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt lena dhiúltú agus rinne sé togra maidir le réiteach cairdiúil, ar ghlac an Coimisiún leis. Idir an dá linn, áfach, rinne an t-oifigeach i gceist gearán a thaisceadh leis an MECS i gcoinne rún an Choimisiúin an fhaisnéis a nochtadh. Nuair a dhearbhaigh an MECS go bhféadfaí na sonraí i dtrácht a nochtadh, thóg an t-oifigeach caingean os comhair na Cúirte Ginearálta. I bhfianaise na caingne ar feitheamh sin, dhún an tOmbudsman a fhiosrúchán. Rinne sé ráiteas breise gur chóir don Choimisiún an gearánach a chur ar an eolas faoi thoradh an cháis chúirte.

Bhain cás **672/2007/(WP)PB** le saincheisteanna maidir le láimhseáil iarratas ar rochtain agus maidir le hinfheidhmeacht Rialachán 1049/2001 i leith rialacha cosanta sonraí. Fuair an tOmbudsman go raibh láimhseáil an iarratais ag an gCoimisiún sa chás seo truaillithe ag moilleanna fada gan chúis a raibh drochriarachán i gceist leo. Rinne sé ráiteas criticiúil. Maidir le hinfheidhmeacht Rialachán 1049/2001, rinne an tOmbudsman tagairt do chásdlí a bunaíodh i ndiaidh aighniú an ghearáin agus a d'aithin an Coimisiún go hintuigthe, de réir dealraimh. Mheas sé nach raibh díospóid ann faoi na ceisteanna dlíthiúla i gceist níos mó.

→→→ Bhain cás **2346/2007/JMA** le diúltú EPSO iarrthóirí rathúla a chur ar an eolas faoi na marcanna a bhain siad amach sna trialacha éagsúla. Mheas an tOmbudsman go raibh EPSO ag déanamh neamhairde den bhunphrionsabal maidir le trédhearcacht atá cumhdaithe in Airteagal 1 den CAE (Airteagal 10(3) CAE anois) agus in Airteagal 22 den Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin trí dhiúltú na torthaí sin a nochtadh. Chuaigh sé i gcomhairle leis an MECS freisin, a bhí den tuairim go gcaithfear torthaí trialacha a mheas mar shonraí pearsanta agus gur chóir go mbeadh ceart ag gearánaigh teacht orthu. Cé gur dhiúltaigh EPSO ar dtús do thogra an Ombudsman maidir le réiteach cairdiúil, ba é sin, na sonraí a nochtadh, shocraigh sí a beartas a athrú agus cead a thabhairt d'iarrthóirí teacht ar a marcanna tar éis dul i gcomhairle le Bord Bainistíochta EPSO. ←←←

## An Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí

Is é riail dlí ceann de bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh. Ceann de na dualgais is tábhachtaí atá ar an gCoimisiún ná feidhmiú mar chaomhnóir na gConarthaí[17]. Cruthaítear le hAirteagal 258 CFAE (sean-Airteagal 226 den Chonradh CE) nós imeachta ginearálta trínar féidir leis an gCoimisiún sáruithe féideartha ar dhlí an Chomhphobail ag Ballstáit a scrúdú agus a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le himscrúduithe ar a chonlán féin, ar bhonn gearán nó mar fhreagra ar iarratais ó Pharlaimint na hEorpa go ndéileálfadh sé le hachainíocha dírithe uirthi faoi Airteagal 227 CFAE (sean-Airteagal 194 den Chonradh CE). Tá nósanna imeachta eile i gceist i ndáil le hábhair shonracha, cosúil le státchabhair neamhdhleathach.

**17.** De réir Airteagal 17 den CAE (sean-Airteagal 211 den Chonradh CE) "áiritheoidh [an Coimisiún] go gcuirfear i bhfeidhm na Conarthaí agus na bearta a ghlacfaidh na hInstitiúidí de bhun na gConarthaí".

Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin a bhaineann lena ról mar chaomhnóir na gConarthaí. Nuair a osclaíonn an tOmbudsman fiosrúchán ar ghearán den sórt sin, bíonn sé cúramach i gcónaí a chur in iúl don ghearánach, nuair is cuí, nach scrúdóidh an fiosrúchán cibé an bhfuil nó nach bhfuil sárú ann, de bhrí nach bhfuil sainordú ar bith ag an Ombudsman Eorpach scrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha údaráis na mBallstát. Bíonn fiosrúchán an Ombudsman dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar iompar an Choimisiúin maidir le hanailísiú agus déileáil leis an ngearán faoi shárú a cuireadh faoina bhráid. Féadann an tOmbudsman déileáil le gnéithe gnásúla agus substaintiúla araon d'iompar an Choimisiúin. Mar sin féin, urramaíonn fiosrúcháin agus conclúidí an Ombudsman na cumhachtaí lánroghnacha atá ag an gCoimisiún, arna n-aithint ag na Conarthaí agus ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ó thaobh cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar chóir nó nár chóir tús a chur le himeacht sáraithe agus cás i gcoinne an Bhallstáit i gceist a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

**Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin a bhaineann lena ról mar chaomhnóir na gConarthaí.**

Maidir le hoibleagáidí gnásúla an Choimisiúin i ndáil le gearánaigh, is í Teachtaireacht a d'eisigh an Coimisiún in 2002[18] príomhphointe tagartha an Ombudsman. Sa Teachtaireacht leagtar síos roinnt dualgas gnásúil maidir le clárú gearán a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin, agus eisceachtaí ó na dualgais sin, le cois sprioc-amanna maidir le déileáil le gearáin agus gearánaigh a chur ar an eolas. Eisíodh an Teachtaireacht sin in 2002 mar fhreagra ar fhiosrúcháin agus ar ráitis chriticiúla a chuir an tOmbudsman faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil leis na hábhair seo roimhe sin. Measann an tOmbudsman gur céim an-tábhachtach chun cinn í an Teachtaireacht seo maidir le muinín saoránach as an gCoimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí a mhéadú. In 2009, nocht an t-athbhreithniú a rinne an tOmbudsman ar fheidhmiú a rialacha féin ag an gCoimisiún roinnt easnamh maidir le feidhmiú na Teachtaireachta. Cuirtear sampla léiritheach díobh siúd i láthair agus anailísítear iad anseo thíos.

Saincheist a thagann chun cinn arís agus arís eile is ea an tsaincheist maidir le faisnéis neamh-leor a bheith tugtha do ghearánaigh. I gcás **80/2009/BU**, cé gur admhaigh an Coimisiún i dtosach go bhfuair sé comhfhreagras ó eagraíocht neamhrialtasach chomhshaoil Sheiceach, níor chuir sé an gearánach ar an eolas nach raibh sé de rún aige an comhfhreagras a chlárú mar ghearán agus níor thug sé na cúiseanna leis an gcinneadh sin go dtí go raibh tús curtha le fiosrúchán an Ombudsman (i.e. breis agus bliain níos déanaí). Rinne an tOmbudsman ráiteas breise ag lua go bhféadfadh an Coimisiún na gearánaigh uile nár cláraíodh a gcomhfhreagras ar leithligh mar ghearán ach a cuireadh é le cásanna cosúla a bhí ar siúl go leanúnach, a chur ar an eolas faoi láimhseáil an ghearáin chláraithe. Bhain cás **1890/2008/(CHM)BU** le trí chuideachta a líomhain nár ghníomhaigh an Coimisiún le cúram cuí nuair a sheol sé a litreacha réamhchlabhsúir in imeacht sáraithe i gcoinne na Portaingéile. Theip air a áirithiú gur seachadadh a chinneadh chun an cás a dhúnadh de réir mar ba chuí chomh maith. Luaigh an tOmbudsman go ndéanann pointí 9 agus 10 de Theachtaireacht an Choimisiúin foráil go gcuirfear gearánach ar an eolas faoi chinntí deiridh an Choimisiúin a dhúnfaidh gearáin maidir le sárú. Ba dhrochriarachán é an mhainneachtain é sin a dhéanamh, agus mar sin d'eisigh an tOmbudsman ráiteas criticiúil. Rinne sé trí ráiteas bhreise freisin i ndáil le gnéithe gnásúla an bhealaigh ar ar dhéileáil an Coimisiún leis na gearáin.

Fadhb athfhillteach eile, a ndearnadh tagairt di cheana féin, is ea an fhadhb a bhaineann le clárú gearán. De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún, glactar leis go bhfuil dualgas air na gearáin a gheobhaidh sé a chlárú sa chlárlann lárnach (pointe 3(1) den Teachtaireacht). Déantar cur síos ar eisceachtaí ón dualgas seo san alt seo a leanas: "i gcás go mbeidh amhras ann faoi nádúr míre comhfhreagrais, déanfaidh Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin comhchomhairle leis an roinn (na ranna) i dtrácht laistigh de 15 lá féilire ó fháil na míre comhfhreagrais. I gcás nach bhfreagróidh an roinn (na ranna) laistigh de 15 lá oibre, taifeadfar an gearán go foirmiúil ag clárlann lárnach na ngearán." Bhí an dualgas soiléir seo ina chúis lena lán fadhbanna. Bhain cás **2884/2008/(WP)GG** le sciamheolaí Gearmánach ar theastaigh uaithi aitheantas a fháil dá cáilíochtaí gairmiúla sa Ghréig. Toisc go raibh

**18.** Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánach i ndáil le sáruithe dhlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, lch. 5.

imeacht sáraithe i gcoinne na Gréige maidir le fadhbanna cosúla ar feitheamh cheana féin, chuir an Coimisiún an cás nua seo leis an imeacht sin. Ansin, chuir sé an gearánach ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an cás a dhúnadh toisc go bhféadfadh an gearánach a hiarratas a chur faoi bhráid na n-údarás áitiúil inniúil. Fuair an tOmbudsman go raibh seasamh an Choimisiúin réasúnta, go ndearna sé comhfhreagras leordhóthanach agus gur chuir sé an gearánach ar an eolas faoina raibh ar intinn aige. Mar sin féin, níor chláraigh sé an gearán go dtí go raibh breis agus cúig mhí thart ó fuarthas é. Toisc nár bhain an gearán leis an tsaincheist seo, rinne an tOmbudsman ráiteas breise ag cur in iúl gur chóir don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a chleachtas i ndáil le cúrsaí den sórt seo. Tháinig na fadhbanna céanna chun cinn i gcás **1628/2008/TS**. Níor chláraigh an Coimisiún an comhfhreagras mar ghearán ná níor sholáthair sé an fhaisnéis a d'iarr an gearánach dó go dtí gur oscail an tOmbudsman a fhiosrúchán. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise ag cur in iúl gur chóir don Choimisiún an próiseas i gceist le gearáin a aithint, a chlárú agus a admháil a scaradh go soiléir ón bpróiseas i gceist le cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéileálfaí le gach gearán.

Aithníodh fadhbanna cosúla maidir le clárú gearán agus faisnéis fúthu i gcás **1174/2007/TN**, a bhain le dhá ghearán faoi mhainneachtain líomhanta na Sualainne dlí an AE maidir le saorghluaiseacht daoine a thrasuí. Níor aontaigh an Coimisiún an dara gearán a chlárú agus an gearánach a chur ar an eolas faoin gcaoi a láimhseálfadh sé an dá ghearán go dtí go ndearna an tOmbudsman togra maidir le réiteach cairdiúil. Fuarthas na fadhbanna cláraithe céanna i gcás **1087/2009/JMA**, a bhain le diúltú údaráis na hIodáile sloinne dhá pháirt mhac an ghearánaigh a chlárú. Fuair an tOmbudsman go mba chóir don Choimisiún an comhfhreagras a chlárú mar ghearán. I gcás go raibh tuairim eile ag an gCoimisiún, ba chóir go mbeadh an gearánach curtha ar an eolas dá réir. Rinne an tOmbudsman an ráiteas breise gur chóir don Choimisiún an gearánach a chur ar an eolas faoi thorthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanfadh sé i ndáil le húdaráis na hIodáile.

Dúnadh cás **3303/2008/ELB** gan drochriarachán a aimsiú. Sa chás seo líomhnaíodh go raibh an Coimisiún mícheart nuair a chinn sé gan gearán maidir le sárú a chlárú i gcoinne na Beilge nuair a theip ar an mBeilg dioplóma Francach altranais an ghearánaigh a aithint. D'aontaigh an tOmbudsman leis an gCoimisiún nár sáraíodh dlí an AE toisc go bhfuil aithint dioplómaí chun críocha acadúla mar shainchumas na mBallstát agus ní dhéileálann aon fhoráil de dhlí an AE go sonrach leis na cúrsaí sin. Dhún an tOmbudsman cás **1440/2008/(WP)OV** gan drochriarachán a aimsiú freisin. Bhain an cás le saoránach Spáinneach a líomhain gur theip ar an gCoimisiún faisnéis a sholáthar dó faoin gcaoi le dúshlán a thabhairt do dhleachtanna custaim Spáinneacha i ndáil le táirgí áirithe. Léirigh anailís mhionsonraithe an Ombudsman gur thug an Coimisiún freagra ar cheisteanna an ghearánaigh agus gur chuir sé an fhaisnéis ábhartha i ndáil leis an nós imeachta infheidhme ar fáil dó. Choinnigh sé ar an eolas é faoi na díospóireachtaí ábhartha sa Choiste Cóid Chustaim chomh maith.

Mar thoradh ar chúiseanna imní a d'eascair as na cásanna seo agus cásanna den sórt seo, in 2009 sheol an tOmbudsman fiosrúchán ar a thionscnamh féin i ndáil le cleachtais an Choimisiúin maidir le clárú comhfhreagrais agus gearán (**OI/3/2009/MHZ**). Bhí an fiosrúchán seo fós ar siúl ag deireadh na bliana sin.

Nuair a imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin maidir le sáruithe, féadann sé athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na n-anailísí agus na gconclúidí déanta ag an gCoimisiún freisin. Bíonn sé d'aidhm ag an athbhreithniú seo a dheimhniú go bhfuil conclúidí an Choimisiúin réasúnta, go ndearnadh argóint mhaith ar a son agus gur tugadh míniú iomlán orthu do ghearánaigh. Dá dtarlódh sé go n-easaontódh an tOmbudsman go bunúsach le measúnú an Choimisiúin, luafadh sé é sin, ach chuirfeadh sé ar aird freisin gurb í an Chúirt Bhreithiúnais an t-údarás is airde maidir le dlí AE a léirmhíniú. Tá easaontuithe den chineál seo eisceachtúil, áfach. I bhformhór na gcásanna thuasluaite, mheas an tOmbudsman go raibh seasamh an Choimisiúin i gceart i ndáil le hábhar substaintiúil an cháis[19].

→→→ Bhain cás **2980/2008/GG** le líomhain déanta ag saoránach Gearmánach gur theip ar an gCoimisiún déileáil mar ba chuí le gearán maidir lena áirithiú go gcuireann Ballstáit rialachán an AE i ndáil le cearta paisinéirí aeir i bhfeidhm i gceart. Léirigh an fiosrúchán gur oibrigh an Coimisiún go

**19.** Féach, mar shampla, ar chás 822/2009/BU a bhaineann le sárú líomhanta treoracha comhshaoil ag Poblacht na Seice agus cás 2036/2008/(CD)BEH maidir le neamh-chomhoiriúnacht líomhanta dhlíthe pinsin na hOstaire le forálacha an Chonartha maidir le saorghluaiseacht.

gníomhach ar chás an ghearánaigh agus go ndearna sé teagmháil leis na húdaráis Fhrancacha i gceist. I dtuairim an Ombudsman, ba chóir Ard-Stiúrthóireacht Iompair agus Fuinnimh an Choimisiúin a mholadh as a cur chuige gníomhach agus as an tacaíocht a thug sí don ghearánach sa chás seo. ←←←

I dteannta sin, i gcás **443/2008/JMA**, a bhain le líomhain gur theip ar an gCoimisiúin déileáil mar ba cheart le gearán i gcoinne na Spáinne agus gur chinn sé go mícheart gearán an ghearánaigh a chuimsiú i nós imeachta, leanúnach, cothrománach aonair i gcoinne na Spáinne a bhain le cóireáil uisce uirbigh, chinn an tOmbudsman go bhfuil lamháil mhór lánrogha ag an gCoimisiún maidir le cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar chóir nó nár chóir gearáin aonair a bhailiú i nós imeachta cothrománach aonair de réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I dteannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas mar ba chuí faoi na gníomhaíochtaí a rinne sé. I gcomparáid leis sin, i gcás **706/2007/(WP)BEH**, bhí an tOmbudsman den tuairim gur theip ar an gCoimisiún déileáil le gearán an ghearánaigh maidir le sárú ar bhealach chomh gasta, chomh dúthrachtach agus ab fhéidir agus gurbh ionann an teip sin agus drochriarachán. D'aighnigh saoránach Ostarach an gearán I gcoinne na hOstaire in 2005 toisc gur theip ar an tír reachtaíocht AE maidir le cáilíocht aeir a chomhlíonadh. Fuair an tOmbudsman nach raibh an Coimisiún tar éis seasamh a ghlacadh i ndáil leis an ngearán faoin tráth a ndearna an gearánach teagmháil leis an Ombudsman in 2007, in ainneoin cúlra fírice a bhí soiléir go leor.

→→→ Bhain cás **791/2005/(IP)FOR** le líomhain go raibh sé éagothrom gearán i gcoinne na hIodáile a dhúnadh, ar ghearán é a bhain le suíomh líonta talún ag Malagrotta, gar don Róimh. Líomhain an gearánach go raibh cinneadh an Choimisiúin an cás a dhúnadh éagothrom toisc go raibh roinnt mírialtachtaí i gceist. Fuair an tOmbudsman gurbh é an 16 Iúil 2009 an spriocdháta comhlíonta ábhartha, agus nach raibh sé mícheart ná éagothrom nár chomhlíon an líonadh talún na caighdeáin ábhartha nuair a dhún an Coimisiún an t-imeacht sáraithe. Mar sin féin, i bhfianaise faisnéise suntasaí a chuir an gearánach ar a aird, mhol sé don Choimisiún a sheiceáil i ndiaidh spriocdháta Iúil 2009 cibé ar chomhlíon an líonadh talún an Treoir nó nár chomhlíon sé í. Níos déanaí in 2009, d'athoscail an Coimisiún an t-imeacht sáraithe. ←←←

Bhain cás **1532/2008/GG** le teip líomhanta imeachtaí sáraithe a stiúradh i gcoinne na hOstaire. D'oscail an Coimisiún imscrúdú i ndiaidh gearáin a fháil ó 27 tionscnamh ó shaoránaigh Ostarach gur leathnaíodh aerfort Vín arís agus arís eile gan an mheasúnacht tionchair timpeallachta (MTT) riachtanach a dhéanamh. D'aontaigh an Coimisiún ina dhiaidh sin go bhfeadfadh údaráis na hOstaire MTT aisghníomhach a dhéanamh. D'aithin fiosrúchán an Ombudsman roinnt fadhbanna leis an MTT aisghníomhach sin, lenar áiríodh coinbhleacht leasa fhéideartha laistigh de na húdaráis náisiúnta. Toisc nach raibh cinneadh deiridh déanta ag an gCoimisiún faoin gcás seo fós, dhún an tOmbudsman a fhiosrúchán, ag lua go raibh muinín aige go gcuirfeadh an Coimisiún torthaí agus cúiseanna imní an Ombudsman san áireamh nuair dhéanfadh an Coimisiún a chinneadh deiridh.

## Dámhachtain tairiscintí agus deontas

Déileálann an tOmbudsman le gearáin maidir le dámhachtain nó neamhdhámhachtain tairiscintí agus deontas. Mar sin féin, measann sé go mbíonn lánrogha leathan ag institiúidí, agus go háirithe ag na coistí meastóireachta agus údaráis dámhachtana i gcás tairiscintí, maidir leis na fachtóirí a chuireann siad san áireamh agus iad ag cinneadh cibé ar chóir nó nár chóir conradh a dhámhachtain i ndiaidh cuiridh chun tairisceana. Measann sé gur chóir nach ndéanfadh sé ach athbhreithniú teoranta ar chásanna dá leithéid chun a sheiceáil gur cloíodh leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta, go bhfuil na fíricí ceart, agus nach bhfuil aon bhotún follasach sa mheasúnacht ná aon mhí-úsáid cumhachta i gceist. Lena chois sin, scrúdaíonn sé cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon na hinstitiúidí a ndualgas maidir le cúiseanna a lua, agus an bhfuil na cúiseanna sin comhleanúnach agus réasúnta.

**Déileálann an tOmbudsman le gearáin maidir le dámhachtain nó neamhdhámhachtain tairiscintí agus deontas.**

Dhún an tOmbudsman sé chás inar líomhain na gearánaigh go raibh an obair a rinne na coistí roghnóireachta éagothrom mar gheall ar choinbhleacht leasa nó easpa neamhchlaontachta i gcás

roinnt dá mbaill. I gcás **3112/2007/MF**, a bhain le tairiscint maidir le hathchóiriú Páirce Náisiúnta i Sead, mheas an tOmbudsman go bhféadfadh cúinsí an cháis neamhchlaontacht baill áirithe den Choiste Meastóireachta a chur faoi amhras oibiachtúil, agus, contrártha le dearcadh an Choimisiúin, nár leor dearbhú neamhchlaontachta an bhaill sin chun fáil réidh leis an amhras seo. Chinn sé nár ghníomhaigh an Coimisiún mar ba chuí chun fáil réidh leis an amhras agus nár léirigh sé go raibh a ghníomhaíochtaí ar na gníomhaíochtaí amháin a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. I gcás **2400/2006/JF**, líomhain gnólacht sainchomhairliúcháin nár éirigh lena thairiscint mar thoradh ar threoracha tugtha ag Toscaireacht an Choimisiúin i dtríú tír. Níor aimsigh fiosrúchán an Ombudsman aon fhianaise maidir leis na treoracha líomhanta a chuir bonn faoi líomhain an ghearánaigh.

I gcás **491/2007/PB**, a bhain le glao ar thograí a sheol Ionadaíocht an Choimisiúin i mBeirlín, agus níos sonraí, a bhain le cothroime an chomórtais agus le trédhearcacht an imeachta, fuair an tOmbudsman go raibh srianta sa tairiscint a bhí teorantach gan chúis agus nár thug an Coimisiún freagra cuí ar iarratais an ghearánaigh ar fhaisnéis. Chuir sé in iúl freisin go raibh imní air faoin easpa rialacha agus cleachtas i ndáil le coinbhleachtaí leasa i gcás soláthraithe seirbhísí nó táirgí inmheánacha reatha, agus iar-sholáthraithe inmheánacha den sórt sin, a ghlac páirt i nglaonna ar thairiscintí. I ráiteas breise thug sé cuireadh don Choimisiún iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht rialacha nó treoirlínte den sórt sin a ghlacadh.

I gcás **1270/2007/(ET)(ID)(DK)CK**, cé go bhfuair an gearánach litir a dhámh an conradh air i dtosach, ansin chuir an Coimisiún in iúl dó gur cuireadh an tairiscint ar ceal mar gheall ar mhírialtachtaí sa nós imeachta agus mar gheall ar shárú féideartha rúndachta agus neamhchlaontachta, agus tionchar seachtrach féideartha, le linn an nóis imeachta meastóireachta. D'eisigh an tOmbudsman dréachtmholadh ag iarraidh ar an gCoimisiún cúiseanna níos sonraí, níos leordhóthanaí a thabhairt le cealú na tairisceana. I ndiaidh dó an comhad a scrúdú, dhearbhaigh an tOmbudsman go raibh fianaise ann a thacaigh leis an míniú a thug an Coimisiún ina fhreagra ar dhréachtmholadh an Ombudsman. Mar sin, dhún sé an cás mar cuireadh an dréachtmholadh i bhfeidhm.

I bhfiosrúchán a rinne sé ar a thionscnamh féin (**OI/4/2005/GG**), rinne an tOmbudsman imscrúdú breise ar líomhain déanta ag eagraíocht neamhrialtasach Ghearmánach gur chuir an Coimisiún faoi mhíbhuntáiste í d'aon ghnó agus gur ghníomhaigh sé go calaoiseach nuair a dhiúltaigh sé dá hiarratas Creatchomhaontú Páirtíochta a shíniú. D'aithin an tOmbudsman samplaí tromchúiseacha de dhrochriarachán sa chás seo. Chomh maith leis na heaspaí a d'aithin sé cheana i gcinntí bainteacha roimhe sin (cásanna 1702/2001/GG agus 2862/2004/GG), fuair sé gur chuir an Coimisiún an fhírinne faoi cheilt de bhonn tola agus, mar sin, gur cuireadh an eagraíocht neamhrialtasach amú. Thairis sin, cuireadh an eagraíocht neamhrialtasach faoi mhíbhuntáiste suntasach mar thoradh ar an tslí inar láimhseáil an Coimisiún a hiarratas. Ina fhreagra ar dhréachtmholadh an Ombudsman, d'admhaigh an Coimisiún go mba cheart dó an t-iarratas a láimhseáil ní ba dhícheallaí. Mar sin féin, níor ghabh sé a leithscéal leis an ngearánach ach thug sé le fios gur cuireadh feabhas ar na nósanna imeachta ábhartha san idirlinn. Chinn an tOmbudsman nár leor admháil an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí tromchúiseacha a ardaíodh ina dhréachtmholadh. Agus é sin ráite, toisc gur tharla an drochriarachán tamall fada roimhe sin agus toisc go raibh Comhaontú Páirtíochta nua i bhfheidhm anois, dhún sé an cás le ráiteas criticiúil.

Ar deireadh, i gcás **1192/2008/BU** i gcoinne Pharlaimint na hEorpa, ní raibh an gearánach sásta le torthaí tairisceana chun oibreacha athchóirithe a dhéanamh in Oifig Faisnéise na Parlaiminte i Málta. Thug sé dúshlán do chruinneas na gcritéar meastóireachta a bunaíodh. Níor aimsigh an tOmbudsman go raibh drochriarachán ar bith déanta ag an bParlaimint agus mheas sé go raibh na mínithe a thug sí réasúnta. Rinne sé tagairt don chásdlí ábhartha, mar de réir an chásdlí sin bíonn lánrogha leathan ag institiúidí nuair a dhéanann siad measúnú ar na fachtóirí a chuirfear san áireamh nuair a dhéanfar cinneadh faoi chonradh a dhámhachtain, agus fuair sé nach raibh fianaise ar bith ann go ndearna an institiúid earráid fhollasach ina measúnacht.

Bhain grúpa eile gearán le líomhaintí d'eisiamh mícheart nó éagothrom tairiscintí nó imthairiscintí gearánach[20]. Bhain cás **1928/2008/TS** le diúltú d'iarratas ar scoláireacht do mhic léinn Thurcacha

**20.** Féach cás 1414/2007/(IP) freisin.

na Cipire. D'aontaigh an Coimisiún go bhféadfadh mínithe an choiste meastóireachta a bheith níos soiléire. Chinn an tOmbudsman nár chloígh cinneadh an choiste an t-iarratas a eisiamh le coinníollacha an ghlao ábhartha ar léirithe spéise. Luaigh sé freisin, áfach, gur aontaigh an Coimisiún go mbeadh an gearánach incháilithe do chlár scoláireachta 2009-2010. Bhain cás **2576/2008/(AF)GG** le heisiamh mícheart líomhanta thairiscint an ghearánaigh toisc nár chuir sé an cháipéis CBL ábhartha faoi iamh. Scrúdaigh an tOmbudsman an t-iarratas agus chinn sé nach raibh an gearánach in ann a thaispeáint gur chuir sé an cháipéis riachtanach isteach. Níor aimsigh an tOmbudsman aon drochriarachán ach rinne sé ráiteas breise d'fhonn fadhbanna den chineál seo a sheachaint amach anseo.

I gcás **3222/2005/IP**, líomhain an gearánach nach raibh foras ar bith le cinneadh an Choimisiúin gan a imthairiscint a roghnú. Rinne an coiste meastóireachta an imthairiscint a athríomh ar a thionscnamh féin mar thuig sé, go mícheart, go raibh botúin mhatamaiticiúla inti. Mar thoradh ar na modhnuithe sin, nach raibh gá leo, sháraigh an imthairiscint an t-uasbhuiséad de EUR 4 mhilliún faoi EUR 21. Chinn an tOmbudsman dá mbeadh iarratas ar shoiléiriú déanta acu sa chás seo, go mbeadh sin tar éis deis a thabhairt don ghearánach an imthairiscint a shoiléiriú. Toisc nár iarr siad an soiléiriú sin, bhí drochriarachán i gceist. Dhiúltaigh an Coimisiún do thogra an Ombudsman maidir le réiteach cairdiúil, ba é sin, go ndéanfadh sé iarracht cúiteamh leordhóthanach a aontú do chailliúint na deise. I ndiaidh don ghearánach a fhógairt go raibh sé ag smaoineamh ar an ábhar a thabhairt os comhair na gcúirteanna, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil.

➔➔➔ Bhain cás **1537/2008/(TJ)GG** le diúltú na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA) d'iarratas ar dheontas ó chumann nasctha bailte toisc go raibh cáipéis thábhachtach ar iarraidh. D'aithin an gearánach sraith earráidí i nósanna imeachta agus I gcleachtais na Gníomhaireachta. Ina freagra ar fhiosrúchán an Ombudsman, ghabh an Ghníomhaireacht a leithscéal leis an ngearánach agus d'fhógair sí go raibh bearta curtha i bhfeidhm aici chun na fadhbanna a aithníodh a cheartú. D'aontaigh sí an t-iarratas a athmheasúnú i gcomhréir leis na critéir dhámhachtana ábhartha. Arís eile, ní raibh an togra incháilithe don deontas. D'imscrúdaigh an tOmbudsman an comhad agus chinn sé nach bhféadfaí teacht ar aon earráid fhollasach i ndáil leis an meastóireacht. Rinne sé ráiteas breise, áfach, ag lua gur chóir don Ghníomhaireacht faisnéis níos mionchruinne ar thorthaí a meastóireachtaí a thabhairt d'iarrthóirí a thabharfadh dúshlán do mheasúnú a gcuid iarratas amach anseo. ➔➔➔

Chuir dhá chás deis ar fáil an difríocht idir neamhdhleathacht agus drochriarachán a shoiléiriú: i gcás **1561/2008/RT**, mheas an tOmbudsman nach raibh an fhaisnéis a soláthraíodh sa chuireadh chun tairisceana cruinn agus uileghabhálach go leor do na táirgeoirí sin a chinn a n-imthairiscintí a sheachadadh le seirbhís cúiréireachta (trí phost príobháideach) nó de láimh. Rinne an tOmbudsman togra maidir le réiteach cairdiúil, ach dhiúltaigh an Coimisiún dó, ag lua gur chomhlíon an fhaisnéis a soláthraíodh forálacha infheidhme an Rialacháin Airgeadais. Dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil, ag lua go bhfuil coincheap an téarma 'drochriarachán' níos leithne ná an neamhdhleathacht. Cé gur glacadh cinneadh gan an dlí a shárú, ní ionann sin agus a rá gur glacadh é i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin. D'aighnigh fostaí oifige de chuid an Lárionaid Eorpaigh do Thomhaltóirí sa Ghearmáin cás **271/2009/VL**. Ní fhéadfaí a conradh a athnuachan in am, toisc nach raibh an Coimisiún, a mhaoiníonn an Lárionad le deontas, in ann na nósanna imeachta riachtanacha chun an deontas a athnuachan a chríochnú in am. D'aontaigh an tOmbudsman nár sháraigh an Coimisiún aon dualgas dlíthiúil. Mar sin féin, ní raibh sé cinnte gur dhéileáil an Coimisiún leis an iarratas ar dheontas ar bhealach gasta go leor le cur ina luí ar an Ombudsman gur ghníomhaigh an Coimisiún i gcomhréir le dea-chleachtas riaracháin. Toisc gur ghlac an Coimisiún leis gur fearr déileáil le hiarratais ar dheontais roimh dheireadh na bliana roimh an mbliain a n-iarrtar an deontas di, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil.

## Comhlíonadh conarthaí

Measann an tOmbudsman go mbíonn drochriarachán i gceist nuair nach ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith. Mar sin, féadfaidh drochriarachán

a bheith i gceist i ndáil le comhlíonadh dualgas a eascraíonn as conarthaí curtha i gcrích ag institiúidí AE.

Mar sin féin, bíonn raon feidhme an athbhreithnithe a fhéadann an tOmbudsman a dhéanamh i gcásanna dá leithéid teoranta de riachtanas. Is í tuairim an Ombudsman nár chóir dó iarracht a dhéanamh a dheimhniú cibé ar sháraigh nó nár sháraigh aon pháirtí an conradh i gcás go bhfuil díospóid ann faoi sin. Ní fhéadfadh ach cúirt le húdarás inniúil déileáil go héifeachtach leis an gceist seo, mar bheadh ar a cumas éisteacht le hargóintí na bpáirtithe maidir leis an dlí náisiúnta ábhartha agus fianaise easaontach faoi aon saincheisteanna fírice díospóidte a mheasúnú.

I gcásanna a bhaineann le díospóidí conarthacha, measann an tOmbudsman go bhfuil sé inchosanta a fhiosrúchán a theorannú chuig scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuntas comhleanúnach, réasúnta ar bhonn dlíthiúil a g(h)níomhaíochtaí curtha ar fáil dó ag an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht Aontais, i dteannta cuntais faoi cad chuige go gcreideann an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht i gceist go bhfuil bonn lena d(h)earcadh faoin seasamh conarthach. Má chuirtear cuntas den sórt sin ar fáil don Ombudsman, luafaidh sé ina chinneadh nár aimsíodh drochriarachán le linn an fhiosrúcháin. Ní bheidh tionchar ag an gcinneadh seo ar cheart na bpáirtithe chun a ndíospóid chonarthach a chur os comhair cúirte sa dlínse inniúil a scrúdóidh an díospóid agus a shocróidh go críochnúil é. I gcás go dtabharfaidh páirtithe a ndíospóid os comhair cúirte, dúnfaidh an tOmbudsman a fhiosrúchán lom láithreach, gan aon mheasúnú breise, i bhfianaise na forála in Airteagal 2(7) dá Reacht.

Ar bhonn an scrúdaithe réamhluaite, dhún an tOmbudsman roinnt fiosrúchán in 2009 ina bhfuair sé nach raibh drochriarachán i gceist nó inar mheas sé nach raibh sé inchosanta fiosrúcháin bhreise a dhéanamh. Áiríodh orthu sin díospóidí faoi mhoilleanna ar íoc íocaíochtaí iarmhéid a bhí dlite d'obair déanta i roinnt tionscadal[21], mainneachtain ús a íoc ar íocaíocht dhéanach le gnólacht[22], díospóidí faoi chostais incháilithe agus/nó faoi mhéideanna a d'aisghabhfaí nó a d'íocfaí i ndiaidh gníomhaíochtaí iniúchta[23], díospóidí faoi mhainneachtain cúiseanna a thabhairt nuair a iarradh go ndífhostófaí daoine ag obair do chonraitheoirí na n-institiúidí, agus sárú an chirt chun éisteacht a fháil[24].

Murab ionann agus blianta roimhe seo, níor dhún an tOmbudsman aon chás a bhain le moilleanna ar íocaíocht. Is cosúil go bhfuil an Coimisiún ag cur feabhais ar a chóras íocaíochta nó go bhfuil iarracht á déanamh aige fadhbanna ábhartha a shocrú sula ndéanann a chonraitheoirí gearán chuig an Ombudsman. Ní mór a thabhairt faoi deara gur oscail an tOmbudsman fiosrúchán in 2009 chun obair leantach a dhéanamh ar fhiosrúchán ar a thionscnamh féin (**OI/5/2007/GG**) a rinne sé roimhe sin ar íocaíocht dhéanach ag an gCoimisiún. Ba chóir don fhiosrúchán seo (**OI/1/2009/GG**) a léiriú an ndearnadh dul chun cinn nó nach ndearnadh.

Fadhb athfhillteach a ndéileálann an tOmbudsman léi i gcásanna conarthacha ná fadhb a bhaineann leis na conarthaí ar leith a úsáideann an Coimisiún chun gníomhaíochtaí nó cláir maoinithe ag an AE a fheidhmiú. An gnáthghnás atá ag an gCoimisiún ná go mbunaíonn sé caidreamh conarthach le gnólacht nó le cuibhreannas ar leith a chuireann an tionscadal i dtrácht i bhfeidhm trí leas a bhaint as fochonraitheoirí, saineolaithe nó a fhostaithe féin. Tugann roinnt de na conarthaí seo agus de na creat-chláir faoi seach roinnt ceart don Choimisiún i ndáil le saineolaithe nó fostaithe an chonraitheora. Féadann an timpeallacht chonarthach áirithe seo a bheith ina cúis le díospóidí idir conraitheoirí an Choimisiúin agus a mbaill foirne nó saineolaithe, agus measann an tOmbudsman go mbíonn leibhéal áirithe freagrachta ag an gCoimisiún i leith na ndíospóidí sin. Bhain cás **2449/2007/VIK** le dífhostú ceannaire foirne i ndiaidh don Choimisiún a chur in iúl nach raibh sé sásta leis an obair a rinne sé. Cé nach bhfuair an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist le substaint an cháis, eadhon na cúiseanna a thug an Coimisiún, chinn sé gur theip ar an gCoimisiún gníomhú i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin ó thaobh gnáis de mar theip air deis a thabhairt don ghearánach freagra a thabhairt ar an gcáineadh. Cuimsíonn aighneacht an Ombudsman

**21.** Cásanna 177/2008/RT agus 670/2009/(BU)RT i gcoinne an Choimisiúin Eorpaigh.
**22.** Cás 1264/2008/MF i gcoinne Pharlaimint na hEorpa.
**23.** Cásanna 2119/2007/ELB, 2781/2007/(BEH)OV, agus 1462/2007/DK i gcoinne an Choimisiúin.
**24.** Cásanna 226/2007/MHZ, 2449/2007/VIK, 2910/2008/TN, agus 582/2008/MF i gcoinne an Choimisiúin.

chuig an gcomhairliúchán poiblí i ndáil le leasú an Rialacháin Airgeadais tograí coincréiteacha chun déileáil le fadhbanna den chineál seo[25].

Ba bhreá leis an Ombudsman a lua go tréan gur dúnadh an-chuid de na cásanna a bhain le cúrsaí conarthacha ar dhéileáil sé leo in 2009 gan aon drochriarachán a aimsiú. I gcás inar aithin sé teagmhas féideartha drochriaracháin, rinne an Coimisiún iarracht ghníomhach glacadh le togra an Ombudsman maidir le réiteach cairdiúil.

Ba bhreá leis an Ombudsman a lua go tréan gur dúnadh an-chuid de na cásanna a bhain le cúrsaí conarthacha ar dhéileáil sé leo in 2009 gan aon drochriarachán a aimsiú.

→→→ I gcás **2119/2007/ELB**, chinn an Coimisiún nach bhféadfaí roinnt costas pearsanra a d'éiligh an gnólacht i gceist a íoc toisc gur lig sé an obair ar fochonradh gan údarú a fháil roimh ré. D'éiligh an Coimisiún go dtabharfaí an méid iomlán a íocadh as na trí thionscadal ar ais dó, méid cothrom le beagnach EUR 500 000. Luaigh an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún freagra soiléir a thabhairt ar cheisteanna cruinne a cuireadh air faoi úsáid a bhaint as fochonraitheoirí. Luaigh sé freisin go raibh an Coimisiún sásta le caighdeán obair an ghearánaigh. D'aontaigh an Coimisiún measúnacht a dhéanamh ar fhiúntais iarratas na cuideachta fochonraitheoireacht a úsáid, agus d'fhógair sé dá mbeadh an úsáid sin inchosanta agus dá soláthródh an gearánach cruthúnas dá chostais fochonraitheoireachta, d'fhéadfadh sé a ordú aisghabhála a chealú. ←←←

Níor aimsíodh aon drochriarachán sna fiosrúcháin seo a leanas[26]: i gcás **2492/2008/VL**, d'áitigh an gearánach gur sháraigh rialacha earcaíochta an Choimisiúin ceart bunúsach chun fostaíochta saineolaithe seachtracha toisc an ráiteas um eisiachas agus infhaighteacht (SEA) a éilíodh ó na saineolaithe sin. Thug an tOmbudsman faoi deara gur chuir an SEA teorainn le cumas príomhshaineolaithe iarratas a dhéanamh ar phoist eile. Toisc go mbíonn ról ríthábhachtach ag na saineolaithe seo i ndámhachtain agus i bhfeidhmiú conartha, áfach, bhí cuspóir an Choimisiúin dlisteanach. Lena chois sin, thug an tOmbudsman faoi deara gur thug na hathruithe a rinneadh ar an SEA deis do phríomh-shaineolaithe a ndualgais a dhéanamh ar bhonn páirtaimseartha. Mar sin, féadann siad oibriú ar thionscadail bhreise, ar choinníoll go dtéann na tiomantais bhreise seo lena ndualgais faoin tionscadal reatha. I gcás **183/2008/MF**, fuair an tOmbudsman nach raibh drochriarachán i gceist le hiompar an Choimisiúin i ndáil le gearán faoi shárú líomhanta cóipchirt gnólachta. I gcás **1906/2007/VIK**, líomhain saoránach Meiriceánach go raibh roinnt fadhbanna agus easpaí sa phróiseas meastóireachta a bhunaigh an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar a fuair tacaíocht airgid ó chlár AE um chearta daonna agus daonlathas a chur chun cinn ar fud an domhain. Tar éis dó fiosrúchán iomlán a dhéanamh, fuair an tOmbudsman nach raibh drochriarachán i gceist agus chinn sé nach raibh bonn cirt le fiosrúcháin bhreise ar bith a dhéanamh. Go háirithe, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh iniúchadh ar líomhaintí an ghearánaigh maidir le calaois agus míbhainistíocht déanta ag OLAF idir an dá linn.

## Riarachán agus rialacháin foirne

Gach bliain faigheann an tOmbudsman roinnt gearán a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin na n-institiúidí (52 fiosrúchán nó 16% de líon iomlán na bhfiosrúchán a dúnadh in 2009). Baineann na gníomhaíochtaí seo le feidhmiú na Rialachán Foirne d'oifigigh agus le feidhmiú téacsanna ábhartha eile. Baineann na cásanna seo le raon leathan ábhar agus baineann siad leis na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile, beagnach.

25. Tá an aighneacht seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.
26. Féadtar an rud céanna a rá i ndáil le cásanna 771/2007/(TN)DK, 834/2007/TN, 870/2007/TN, 1895/2007/ELB, agus OI/1/2008/(VIK)JMA, a bhí i gcoinne an Choimisiúin.

Is cúis áthais don Ombudsman gur baineadh torthaí dearfacha amach i líon maith cásanna sa réimse de ghearáin foirne ar déileáladh leo in 2009 mar gheall ar dhearcadh réamhghníomhach an riaracháin[27].

**Is cúis áthais don Ombudsman gur baineadh torthaí dearfacha amach i líon maith cásanna sa réimse de ghearáin foirne ar déileáladh leo in 2009 mar gheall ar dhearcadh réamhghníomhach an riaracháin.**

→→→ D'éirigh leis an Ombudsman cás amháin a dhúnadh a bhain le hiar-ghníomhaire a rinne gearán chuige faoi orduithe éagothroma um aisghabháil airgid a d'íoc na hinstitiúidí go míchuí. Bíonn cur chuige an Ombudsman i gcásanna den chineál seo bunaithe ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[28] agus ar mheasúnú ar chothroime agus réasúntacht. Gan amhras, gné thábhachtach amháin ina leith seo ná go ndéantar íocaíochtaí míchuí le hoifigigh nó le tríú daoine nach mbíonn an-fheasach ar rialacha agus ar rialacháin AE. I gcás **1908/2007/JF** i gcoinne an Choimisiúin, ghlac an institiúid le togra maidir le réiteach cairdiúil a bhain leis an ordú aisghabhála a chealú, ag aithint go mbeadh an gearánach i gcás airgeadais an-neamhbhuan dá n-aisíocfadh sé an t-airgead sin. Mhol an tOmbudsman an Coimisiún as an ordú aisghabhála a chealú agus as a léiriú go bhféadann sé a bheith íogair I gcásanna pearsanta deacra. ←←←

Léirigh an Coimisiún go raibh a aigne dírithe ar sheirbhís in dhá chás eile freisin. I gcás **2991/2008/(WP)GG**, ba iar-ghníomhaire é an gearánach a bhí i dteideal deontais téarfa. Rinne sé iarratas air ach ní raibh íocaíocht faighte aige deich mí níos deanaí. D'admhaigh an Coimisiún go raibh sé freagrach as an moill agus d'aontaigh sé ús a íoc mar thoradh ar an íocaíocht dhéanach, de luach cothrom le EUR 6 400. I gcás **2248/2009/MF**, thug an gearánach faoi deara go raibh na liúntais teaghlaigh a íocadh léi ró-íseal. Nuair a rinne sí teagmháil leis an gCoimisiún ní bhfuair sí aon mhíniú. Chinn an tOmbudsman leas a bhaint as an nós imeachta mear agus rinne sé teagmháil le hOifig an Phámháistir (PMO). D'fhreagair an Coimisiún go dearfach, agus d'íoc sé EUR 2 400 arb ionann é agus na liúntais dlite thar téarma. Thug sé mínithe iomlána mar fhreagra ar iarratas an ghearánaigh ar fhaisnéis freisin.

D'fhreagair institiúidí eile go dearfach do mholtaí agus do thograí an Ombudsman sa réimse seo freisin. D'aontaigh Parlaimint na hEorpa ríomhanna saoire máithreachais duine dá gníomhairí a cheartú i ndiaidh don Ombudsman a fhiosrúchán a oscailt (cás **2123/2008/ELB**) D'aontaigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) grádú duine dá gníomhairí a cheartú[29], I ndiaidh don Ombudsman dréachtmholadh a dhéanamh (cás **3567/2006/JF**).

I roinnt cásanna eile, dhún an tOmbudsman a fhiosrúcháin gan drochriarachán ar bith a aimsiú. I gcás i gcoinne Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a bhain le líomhain go raibh an cinneadh gan imeacht araíonachta a oscailt i gcoinne duine dá iar-oifigigh (cás **1016/2008/JMA**) gan bonn cirt, mheas an tOmbudsman nach raibh aon fhoras ann le fiosrúcháin bhreise a dhéanamh, ach rinne sé ráiteas criticiúil mar thoradh ar mhainneachtain an Choiste freagra a thabhairt ar chomhfhreagras an ghearánaigh. I gcás **572/2008/OV**, dhearbhaigh an tOmbudsman seasamh na Parlaiminte maidir le tarraingt siar liúntais rúnaíochta faoi na Rialacháin Foirne nua. I gcás **2791/2007/(BEH)KM**, dhearbhaigh an tOmbudsman léirmhíniú Airteagal 45(2) de na Rialacháin Foirne agus léirmhíniú na rialacha coitianta i ndáil le hoiliúint teanga ag an gCoimisiún. I gcás **1179/2008/JF**, a bhain le dáta éagothrom dífhostaithe a tugadh don ghearánach, thacaigh an tOmbudsman leis an argóint nár chuir an fógra aon mhí ar chumas an ghearánaigh léasú a árasáin a fhoirceannadh in am agus na réamhíocaíochtaí a íocadh cheana féin a aisghabháil. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise i ndáil leis an tsaincheist ghnásúil seo. Mar sin féin, níor thacaigh sé leis an éileamh ar dhamáistí, mar d'fhan an gearánach san árasán go dtí deireadh na tréimhse léasaithe agus níor fhulaing sé damáistí. Chomh maith leis sin, dhearbhaigh an tOmbudsman cur chuige an Choimisiúin i gcás **699/2007/(WP)BEH** a bhain le rochtain ar chomhad míochaine iar-oifigigh; i gcás **2518/2008/(NM)GG** a bhain le hidirdhealú ar bhonn aoise agus mainneachtain déileáil i gceart le hiarratas ar phost; agus i gcás

**27.** Is eiseamláir mhaith é cás 495/2009/ELB a bhain le haistriú ceart pinsin ó scéim pinsin an Aontais go scéimeanna náisiúnta.
**28.** Cás T-205/01 *Ronsse v Commission* [2002] ECR-SC II-1065.
**29.** Maidir le grádú oifigeach, féach cás 3199/2007/(WP)(VL)BEH chomh maith.

**2793/2007/WP** a bhain le mainneachtain clúdach árachais breoiteachta a thabhairt do ghníomhaire conartha ar scoir.

Ba bhreá leis an Ombudsman dhá ghearán déanta ag daoine faoi mhíchumas a aibhsiú freisin. I gcás **2631/2007/JMA**, líomhain fostaí an Choimisiúin a úsáideann cathaoir rotha gur theip ar an gCoimisiún rochtain chuí ar an bhfoirgneamh i gceist sa ghearán a chur ar fáil. Mhínigh an Coimisiún go raibh glao ar thairiscintí seolta aige agus go síneofaí creat-chonradh sa chéad ráithe de 2009, agus go gcríochnófaí na hoibreacha tógála faoi mhí Mheán Fómhair 2009. Ghabh sé a leithscéal as an míchaoithiúlacht a bhí i gceist don ghearánach. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún tuairisc ar na hoibreacha i gceist a thabhairt dó faoin 31 Deireadh Fómhair 2009 agus, i dteannta sin, é a chur ar an eolas faoin dul chun cinn déanta maidir le roinnt foirgneamh de chuid an Choimisiúin a chuimsiú sa tionscadal um rochtain chuí a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas. Bhain cás **2350/2007/RT** i gcoinne Pharlaimint na hEorpa le teip líomhanta an oiliúint a ndearna gearánach iarratas uirthi a chur ar fáil di agus teip líomhanta a áirithiú go dtabharfaí cóir chuí di le linn a hoiliúna. D'admhaigh an Pharlaimint go raibh roinnt easnamh ann, ach leag sí béim ar thiomantas a seirbhísí do na féidearthachtaí oiliúna céanna a thairiscint don ghearánach agus a thairgtear faoin gclár oiliúna caighdeánach. Ina freagra ar dhréachtmholadh, dhiúltaigh an Pharlaimint do líomhaintí an ghearánaigh arís, ach ghabh sí a leithscéal léi agus mhínigh sí na bearta a chuir sí i gcrích chun na heasnaimh a aithníodh a cheartú. Cé nár ghlac an gearánach le leithscéal na Parlaiminte, mheas an tOmbudsman nach raibh údar le tuilleadh fiosrúchán i bhfianaise thiomantas dearfach na Parlaiminte i ndáil leis an todhchaí agus i bhfianaise an leithscéil a ghabh sí leis an ngearánach. Rinne sé ráiteas breise, ag lua gur chóir don Pharlaimint agus d'institiúidí eile an AE aird a thabhairt ar an riachtanas meas a léiriú ar dhínit daoine faoi mhíchumas.

Bhí baint ag **OI/6/2007/MHZ**, a bhain le bainistíocht acmhainní daoine in institiúidí eolaíocha in Airmheáin Chomhpháirteacha Taighde (JRC) an Choimisiúin, le comhfhiosrúchán a rinne an tOmbudsman roimhe sin ar ghearáin ar leithligh faoi chomórtais inmheánacha a bhí ina gcúis le bunú gníomhairí sealadacha mar oifigigh bhuana. An cuspóir leis an bhfiosrúchán ná deis a thabhairt don Choimisiún míniú a thabhairt ar an modh a bhainistigh sé acmhainní daonna sa JRC, lena n-áirítear staid ghairmiúil na ngníomhairí sealadacha. Bhí an tOmbudsman sásta le cur i láthair an Choimisiúin faoina bheartas acmhainní daonna sa JRC. Maidir le staid na ngníomhairí sealadacha, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh gur chóir don Choimisiún comórtais inmheánacha a eagrú. Dhiúltaigh an Coimisiún, ach chuir sé an tOmbudsman ar an eolas faoina thionscnamh níos leithne maidir le comórtais inmheánacha a eagrú san AE-27. Mhínigh sé go bhféadfadh na gníomhairí sealadacha páirt a ghlacadh sna comórtais seo freisin, ar choinníoll go gcomhlíonfaidís na critéir cháilitheachta. Mheas an tOmbudsman nach raibh údar le tuilleadh gníomhaíochta agus dhún sé an cás.

Ba bhreá leis an Ombudsman aird a tharraingt chomh maith ar roinnt cásanna ina raibh freagairt dhiúltach, neamh-chomhoibritheach na n-institiúidí dá thorthaí ina cúis mhór díomá. Bhain cás **344/2007/BEH** le mainneachtain na Parlaiminte nós imeachta measúnaithe foirne a chur i gcrích mar ba cheart[30], go háirithe i ndáil le pointí fiúntais. In ainneoin rialaithe ó Bhinse na Státseirbhíse a rinne neamhní de chinneadh a rinne an Pharlaimint i ndáil le 2003, cinneadh a bhí mar an gcéanna go bunúsach leis an gceann i dtrácht, theip ar an bParlaimint a cinneadh a athbhreithniú do 2004. Mheas an tOmbudsman go raibh an teagmhas drochriaracháin a d'aithin sé curtha ar aird na Parlaiminte cheana féin ag an mbreithiúnas réamhluaite sin. Chinn sé nach mbainfeadh tuarascáil speisialta don Pharlaimint cuspóir úsáideach amach agus dhún sé a fhiosrúchán le ráiteas criticiúil.

Bhain cás eile le fadhbanna a tharla le linn an nóis imeachta meastóireachta foirne toisc gur bhog oifigigh ó institiúid amháin go chéile. I gcás **2007/2008/ELB**, d'áitigh an gearánach go raibh srian ar shoghluaisteacht idir-institiúideach mar gheall ar bheartas an Choimisiúin líon seasta pointí fiúntais a bhronnadh ar oifigigh a d'aistrigh ó institiúid go chéile, gan aird ar bith ar a bhfeidhmíocht sna hinstitiúidí ónar aistrigh siad. Athraíodh rialacha infheidhme an Choimisiúin sular críochnaíodh fiosrúchán an Ombudsman.

**30.** Féach ar chás 3004/2007/BEH le haghaidh cúrsaí eile a bhain le measúnú foirne.

Ba chúis mhór díomá é freagairt an Choimisiúin d'fhiosrúcháin an Ombudsman i gcás **OI/7/2006/JF**. Bhain an cás seo le dífhostú gníomhaire áitiúil i dtoscaireacht, a rinne gearán chuig an Ombudsman faoina dífhostú "mídhaonnachtúil agus náireach" ag an oifig. D'áitigh sí gur chóir don Choimisiún a leithscéal a ghabháil. Ní dhearna an Coimisiún ach a rá go raibh áiféala air faoi na himprisin agus na mothúcháin a bhí ag an ngearánach mar gheall ar an mbealach inar dífhostaíodh í, agus mhaígh sé go raibh na gnásanna a d'úsáid an oifig i gceart. Cháin an tOmbudsman an Coimisiún toisc nár ghabh sé leithscéal fíréanta, iomlán, bríoch leis an ngearánach, agus luaigh sé go raibh diúltú an Choimisiúin ina chúis aiféala ar leith toisc nach raibh dada ach leithscéal á lorg aici.

## Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta

Ó bunaíodh an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), is leis an oifig seo a bhaineann formhór fhiosrúcháin an Ombudsman i ndáil le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnóireachta eile. I bhfianaise acmhainneacht shoiléir EPSO gníomhú mar phointe teagmhála sofheicthe, pribhléideach le líon suntasach saoránach de chuid an AE, tá sé ríthábhachtach go gcloífidh sí le cultúr seirbhíse i ndáil le saoránaigh agus go bhfeidhmeoidh sí go trédhearcach.

Réitíodh an-chuid fadhbanna a braitheadh i gcomórtais a d'eagraigh EPSO trí mheán nósanna imeachta luathaithe, rud a léiríonn cé chomh hoscailte agus atá EPSO do réitigh thapa, chothroma a fháil ar fhadhbanna. Is cruthúnas é sin de chultúr seirbhíse agus d'fhíor-thoilteanas feabhsuithe a lorg. Maidir leis na 15 fhiosrúchán Ombudsman iomlána a bhain le EPSO, níor aimsíodh aon drochriarachán i sé cinn agus thacaigh an tOmbudsman le seasamh EPSO sna cásanna sin. Fuair an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i dtrí chás agus dhún sé a fhiosrúcháin le ráiteas criticiúil nó le cáineadh intuigthe. I sé chás eile inar léirigh réamhthoradh fhiosrúcháin an Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist, ghlac EPSO lena mholtaí faoin gcaoi leis an bhfadhb a réiteach. Dearbhaíonn na figiúirí seo go bhfuil EPSO sásta raon gníomhaíochtaí a dhéanamh mar iarracht chun gearáin ó iarrthóirí míshásta a réiteach. Fiú amháin má eascraíonn teannas ar leith as an ngá teacht ar réiteach idir an riachtanas a áirithiú go mbíonn boird roghnóireachta saor ó aon chur isteach ná brú míchuí, agus an riachtanas, atá chomh tábhachtach céanna, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ina gcuid gníomhaíochtaí, féadtar teacht ar shocrú cuí idir an dá rud seo trí mheán gníomhaíochtaí EPSO atá bunaithe ar chultúr seirbhíse agus ar chultúr de chothroime. Tugann torthaí a chomhoibrithe le EPSO spreagadh don Ombudsman, agus tá sé beartaithe aige comhoibriú dá leithéid leis an oifig a threisiú d'fhonn na torthaí dearfacha a baineadh amach go dtí seo a dhaingniú. Léiríonn an-chuid de na heiseamláirí seo a leanas dearcadh dearfach EPSO.

**Réitíodh an-chuid fadhbanna a braitheadh i gcomórtais a d'eagraigh EPSO trí mheán nósanna imeachta luathaithe, rud a léiríonn cé chomh hoscailte agus atá EPSO do réitigh thapa, chothroma a fháil ar fhadhbanna. Is cruthúnas é sin de chultúr seirbhíse agus d'fhíor-thoilteanas feabhsuithe a lorg.**

Dúnadh sé chás gan aon drochriarachán a aimsiú, lena n-áirítear cás **1245/2007/JF** a bhain le foirm chláraithe ar líne EPSO agus na freagraí curtha ar fáil trí mheán a suímh ghréasáin. Bhain trí chás eile le cinntí déanta ag boird roghnóireachta diúltú d'iarratais toisc nach raibh na cáilíochtaí acadúla a raibh gá leo chun rochtain a fháil ar chomórtas áirithe (taithí gairmiúil nó dioplómaí) ag na hiarrthóirí. I gcásanna **1569/2007/IP**, **2965/2008/(VL)BEH**, agus **2116/2007/IP**, rinne an tOmbudsman tagairt don lánrogha leathan a bhíonn ag boird roghnóireachta nuair a mheasúnaíonn siad cáilíochtaí iarrthóirí, agus do raon feidhme athbhreithniú an Ombudsman, atá teoranta do scrúdú a dhéanamh ar mheasúnacht an bhoird chun a chinntiú nach raibh sé truaillithe ag earráid fhollasach.

Bhain cás **1943/2008/BB** le líomhaintí d'éagothroime agus d'idirdhealú i socruithe tástála d'iarrthóir a rinne na tástálacha i Málta. Fuair an tOmbudsman gur chomhlíon EPSO foclaíocht an fhógra comórtais go hiomlán, agus gur thug sí údar dá beartas ar fhoras costéifeachtachta agus comhréireachta. Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise gur chóir do EPSO a beartas a chur in iúl d'iarrthóirí go soiléir i bhfógraí comórtais amach anseo. Bhain cás **3035/2008/(MHZ)RT** le líomhain d'idirdhealú freisin, ach an uair sin idirdhealú ar bhonn teanga a líomhnaíodh. D'áitigh an gearánach go mbíonn buntáiste ag iarrthóirí a bhfuil Béarla, Fraincis nó Gearmáinis mar mháthairtheanga

acu sna tástálacha iontrála. D'aontaigh an tOmbudsman le EPSO go gcaithfidh iarrthóirí a léiriú go bhfuil eolas acu ar a bpríomhtheangacha agus ar a dteangacha eile le linn an nóis imeachta. Lena chois sin, fuair sé go gcomhfhreagraíonn an téarma 'príomhtheanga' níos fearr do riachtanais na Rialachán Foirne ná mar a chomhfhreagraíonn an téarma 'máthairtheanga' do na riachtanais sin.

Mar a luadh thuas, léirigh EPSO oscailteacht iontach agus í ag déileáil le drochriarachán aimsithe ag an Ombudsman agus rinne sí iarracht fhíréanta teacht ar réitigh. Sa spiorad sin, bhí sí in ann an cás a shocrú nó tograí maidir le réitigh chairdiúla a ghlacadh go hiomlán nó i bpáirt sna sé chás seo a leanas. Bhain cásanna **2893/2008/WP** agus **3024/2008/DK** le hiarrthóirí nár ligeadh isteach i dtástálacha scríofa comórtais le haghaidh dochtúirí. I ndiaidh do na gearánaigh iarrachtaí nár éirigh leo a dhéanamh an cás a réiteach leis na boird roghnóireachta, rinne na hiarrthóirí teagmháil leis an Ombudsman. Sa dhá chás, luaigh EPSO don Ombudsman gur lig na boird roghnóireachta na hiarrthóirí isteach sa chomórtas. Bhain cás **1135/2006/(GK)(ID)MF** le díospóid faoi chruinneas na gceartúchán a rinne bord agus a mheasúnóirí ar aistriúchán ó Ghréigis go hIodáilis. Líomhain an gearánach go raibh an buntéacs Gréagach ar chaighdeán íseal agus go raibh botúin ann. Líomhain sé freisin nár labhair baill an bhoird Gréigis agus nár úsáid an bord measúnóir neamhspleách. D'iarr an tOmbudsman ar EPSO foráil a dhéanamh don tríú ceartú de pháipéar tástála an ghearánaigh ag measúnóir nua. Ghlac EPSO le togra an Ombudsman.

→→→ Bhain cás **2346/2007/JMA** le diúltú EPSO iarrthóirí rathúla a chur ar an eolas faoi na marcanna a bhain siad amach i dtrialacha éagsúla (féach faoi "Cosaint Sonraí" thuas). I ndiaidh di dul I gcomhairle lena Bord Bainistíochta, shocraigh EPSO a beartas a athrú agus cead a thabhairt do na hiarrthóirí uile teacht ar a marcanna. ←←←

I gcás **397/2009/CK**, ghabh EPSO a leithscéal leis an ngearánach as moilleanna i gceist le híoc costas taistil a tabhaíodh nuair a ghlac an gearánach páirt i gcomórtas agus thug sí tiomantas go leasódh sí na nósanna imeachta atá ann chun aisíocaíochtaí den chineál sin a dhéanamh. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise, ag tabhairt cuiridh do EPSO é a choinneáil ar an eolas faoi thoradh leasú na nósanna imeachta sin. I gcás **1566/2007/DK**, ghlac EPSO le moladh an Ombudsman, ba é sin, gur chóir di a mhíniú do ghearánach an chúis gur tharla fadhbanna teicniúla nuair a rinne an gearánach na trialacha réamhroghnúcháin, agus gur chóir di ligean don ghearánach na trialacha a dhéanamh arís. Ghlac EPSO leis an togra maidir le réiteach cairdiúil, ach chinn an gearánach i ndiaidh sin nach raibh spéis aige sna trialacha a dhéanamh arís.

Níor cháin an tOmbudsman cleachtais EPSO ach i dtrí chás. Bhain an chéad cheann (cás **1303/2007/(WP)(BEH)KM**) le teip líomhanta agallamh a sceidealú roimh an dáta ar a raibh an t-iarrthóir chun leanbh a bhreith. Cé nach rabhthas in ann teacht ar réiteach a bhí go hiomlán sásúil, d'aithin an tOmbudsman go raibh EPSO sásta iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an bhfadhb ghinearálta. Bhain an dara cás leis an bhfiosrúchán a rinne an tOmbudsman ar a thionscnamh féin a osclaíodh in 2007 agus a dúnadh in 2009 (**OI/4/2007/(ID)MHZ**). Bhain sé le rochtain iarrthóirí nár éirigh leo i dtástálacha ríomhaire-bhunaithe (CBT) ar na ceisteanna agus ar na freagraí a thug siad. I ndiaidh dó líon suntasach gearán ar leithligh a fháil faoin gcleachtas seo agus i ndiaidh dó a chinneadh go raibh drochriarachán i gceist leis[31], sheol an tOmbudsman an fiosrúchán seo. Cuireadh a lán gearán eile a bhain leis an ábhar sin faoina bhráid ó shin[32]. Níor aontaigh an tOmbudsman le hargóintí EPSO maidir leis na deacrachtaí riaracháin agus airgeadais ar dhócha go mbeadh siad i gceist dá dtabharfadh EPSO rochtain den sórt sin d'iarrthóirí. Luaigh an tOmbudsman nach bhféadfadh deacrachtaí den sórt sin prionsabal na trédhearcachta agus an dul chun cinn déanta ag na hinstitiúidí i ndáil leis seo a shárú. Luaigh EPSO na rialacha maidir le rochtain ar cháipéisí agus an cásdlí ábhartha a bhain le rúndacht obair na mbord roghnóireachta agus an prionsabal maidir le cóir chomhionann iarrthóirí fosta. Toisc go raibh roinnt cásanna ar feitheamh os comhair na gcúirteanna a thug dúshlán do dhiúltú EPSO, bhraith an tOmbudsman nach raibh údar le leanúint ar aghaidh leis an bhfiosrúchán reatha. Agus é ag fanacht le cinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le nochtadh na gceisteanna CBT, d'athluaigh an tOmbudsman na ráitis chriticiúla a d'eisigh

**31.** Cás 370/2007/MHZ.
**32.** Cásanna 3492/2006/(WP) BEH, 1312/2007/IP, 7/2007/PB, agus 801/2007/ELB.

sé sna fiosrúcháin a rinne sé roimhe sin ar ghearáin ar leithligh. D'eisigh an tOmbudsman ráiteas criticiúil i gcás **99/2008/VIK** a bhain le hinneachar mícheart i gceist réasúnaíochta briathartha freisin. D'áitigh sé go raibh foclaíocht an fhreagra a mheas Epso go raibh sé i gceart inchurtha in amhras agus gurbh ionann sin agus drochriarachán.

Fiú amháin má dhéantar formhór na ngearán a bhaineann le hearcaíocht i gcoinne Epso, faigheann an tOmbudsman gearáin ó am go ham i gcoinne institiúidí eile, go háirithe gníomhaireachtaí nua-bhunaithe a bhfuil a nósanna imeachta earcaíochta á ndaingniú acu fós. Ba bhreá leis an Ombudsman béim a leagan ar an gcur chuige dearfach go ginearálta a léirigh gníomhaireachtaí i ndáil lena fhiosrúcháin agus moltaí.

➔➔➔ Chonacthas an cur chuige dearfach sin arís i gcás **2003/2008/TS** i gcoinne Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa (Ercea), a bhain le teip líomhanta freagra leordhóthanach a thabhairt ar iliomad iarratas i ndáil le hiarratais ar phoist. I ndiaidh fhiosrúchán an Ombudsman, shocraigh Ercea iarratais a bhreithniú a tháinig ó iarrthóirí leis an bpróifíl chéanna agus próifíl an ghearánaigh. Thug Ercea cuireadh chun agallaimh don ghearánach freisin. I dteannta sin, d'aithin sí gur theip uirthi faisnéis shoiléir, intuigthe a sholáthar don ghearánach faoi bhealaí féideartha chun sásamh a bhaint amach nuair a rinne sí a cinneadh tosaigh an gearánach a eisiamh. Dhearbhaigh sí don Ombudsman go bhfaigheadh iarrthóirí faisnéis leordhóthanach amach anseo. ➔➔➔

➔➔➔ Ghabh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht a leithscéal agus thug sí mínithe breise d'iarrthóir nár éirigh leis post a fháil. Luaigh sí freisin go raibh sí tiomanta do bhearta breise a aithint laistigh dá seirbhísí d'fhonn feabhas a chur ar fheasacht a hoifigeach ar chaighdeáin riaracháin infheidhme (cás **1562/2008/BB**). ➔➔➔

Rinneadh dhá fhiosrúchán ar ghearáin i gcoinne Chomhairle an AE (cásanna **296/2008/RT** agus **945/2008/(DK)RT**) inar líomhnaíodh gur diúltaíodh go míchuí d'iarratais ar chomórtais oscailte agus go raibh moill éagothrom ar fhreagra a thabhairt ar iarratas ar athbhreithniú. Bhain an fhadhb sa dhá ghearán le luach, agus le coibhéis, dioplóma Fhrancaigh áirithe. Mheas an tOmbudsman nach ndeachaigh an bord roghnóireachta, a rinne teagmháil le Buanionadaíocht na Fraince chuig an AE agus a dhearbhaigh leibhéal an dioplóma i gceist, thar a lamháil lánrogha nuair a rinne sé measúnú chun a fháil amach ar chomhlíon an gearánach na coinníollacha iontrála. Mheas sé freisin nach raibh údar le tuilleadh fiosrúchán i ndáil leis na moilleanna líomhanta i bhfreagra a thabhairt ar an ngearánach.

Dhún an tOmbudsman trí fhiosrúchán ar ghearáin i gcoinne Pharlaimint na hEorpa. I gcás **502/2008/VIK**, líomhain an gearánach gur sáraíodh rialacha inmheánacha na hinstitiúide le linn nós imeachta earcaíochta. Mheas an tOmbudsman gur ghníomhaigh an Pharlaimint mar ba cheart di. Bhain cás **3348/2008/GG** le teip líomhanta faisnéis fhoirmiúil, thráthúil a sholáthar maidir le cinneadh earcaíochta. Arís, níor aimsigh an tOmbudsman aon drochriarachán. Ar deireadh, bhain cás **2909/2007/JMA** le diúltú na Parlaiminte glacadh le hiarratais a íoslódáladh ón ngréasán nó a soláthraíodh ar fhótachóipeanna den fhoirm iarratais, a foilsíodh san Iris Oifigiúil. Níor ghlac an tOmbudsman le míniú na Parlaiminte air sin, ba é sin, go mbeadh a lán oibre i gceist dá seirbhísí dá mbeadh orthu fótachóipeanna nó foirmeacha íoslódáilte a sheiceáil. Chuir sé fáilte roimh na cleachtais níos solúbtha a d'fhógair an Pharlaimint i ndáil leis seo, luaigh sé go mbíodh an Parlaimint níos solúbtha i ndáil leis seo roimhe seo, agus tharraing sé aird ar sholúbthacht Epso sna comórtais a eagraíonn sé.

Dhún an tOmbudsman dhá chás maidir le roghnú foirne a bhain leis an gCoimisiún freisin. Bhain cás **2851/2008/TN** le láimhseáil mhíchuí iarratais ar aisíoc costas taistil iarrthóra. Dhún an tOmbudsman an cás le ráitis chriticiúla toisc gur theip ar an gCoimisiún míniú ceart a thabhairt ar an moill fhada a bhí i gceist le costais den sórt sin a íoc. Rinne sé ráiteas breise freisin a mhol don Choimisiún míniú soiléir a thabhairt d'iarrthóirí ar na cineálacha cáipéisí tacaíochta a mbeadh gá leo chun aisíocaíocht a fháil. Chuir iarrthóir nár éirigh léi i dtrialacha roghnóireachta a d'eagraigh an Coimisiún cás **224/2005/ELB** faoi bhráid an Ombudsman. Agus í ag féachaint ar chásanna beirt iarrthóir eile sa nós imeachta roghnóireachta céanna, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh locht ar na trialacha ó bhéal. D'áitigh an gearánach a chuir an gearán faoi bhráid an Ombudsman gur chóir don Choimisiún déileáil lena cás ar bhealach a rachadh le rialú ábhartha na Cúirte. Mhol an

tOmbudsman go bhféadfadh an Coimisiún cúiteamh a íoc leis an ngearánach as cailliúint na deise. D'áitigh an Coimisiún go leanúnach gurb é an tionchar amháin a bhí ag na cásanna Cúirte i ndáil leis an mbeirt iarrthóir eile ná gur cuireadh na cinntí ar leithligh a bhain leo ar neamhní. I ndiaidh don Ombudsman teagmháil bhreise a dhéanamh leis, mhínigh an Coimisiún gur íoc sé cúiteamh leis an ngearánach as cailliúint deise i ndáil le hearcú i gcomhthéacs nós imeachta roghnóireachta eile. Mar sin, ní fhéadfadh sé í a chúiteamh faoi dhó don chailliúint chéanna. Cé gur aontaigh an tOmbudsman leis sin, mhínigh sé gur chóir go mbeadh an Coimisiún tar éis a leithscéal a ghabháil leis an ngearánach as na botúin a rinneadh agus gur chóir go mbeadh sé tar éis míniú mionchruinn a thabhairt di faoin gcúis gur mheas sé nach raibh údar le cúiteamh breise a bhronnadh uirthi ina cás ar leith. Thug sé ráiteas criticiúil uaidh agus dhún an cás.

## Ábhair institiúideacha, bheartais, agus eile

Clúdaíonn an chatagóir iarmharach seo raon gearán déanta in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartais nó i ndáil lena bhfeidhmiú ginearálta. Cuirfear na cásanna a dúnadh i láthair i gceithre chatagóir. Baineann an chéad trí cinn le gníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le (i) a ról mar thionscnóir reachtaíochta, (ii) réimse dhlí na hiomaíochta, agus (iii) a ghníomhaíochtaí riaracháin. Déanfaidh an ceathrú catagóir cur síos ar chásanna a bhain le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí, nó gníomhaireachtaí eile.

**Clúdaíonn an chatagóir iarmharach seo raon gearán déanta in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartais nó i ndáil lena bhfeidhmiú ginearálta.**

Bhain cás **1102/2008/(SL)OV** le teip líomhanta botún riaracháin i Rialacháin a cheartú. Gnólacht Beilgeach a onnmhairíonn catagóir áirithe dramhaíola ba ea an gearánach. Rinne sé agóid in aghaidh botúin i Rialachán (CE) 1013/2006 a chuir cosc éagóir ar onnmhairiú catagóirí áirithe dramhaíola go dtí an Mhalaeisia. D'admhaigh an Coimisiún go raibh an botún ann, ach thóg sé tamall fada air an botún a cheartú. Ghabh sé a leithscéal as an mbotún agus as an moill agus gheall sé go ndéanfadh sé iarracht teacht ar bhealaí níos tapa le botúin riaracháin den sórt sin a cheartú amach anseo. Bhain cás **3594/2006/PB** le drochriarachán líomhanta i bhfreagairt an Choimisiúin do chomhfhreagras maidir le heaspaí teicniúla líomhanta i gcomhlaí curtha ar an margadh AE/LEE ag déantóir comhlaí i dtríú tír. Gan amhras ní féidir leis an Ombudsman measúnú a dhéanamh ar thorthaí teicniúla i gcásanna den sórt sin, ach fuair sé go bhféadfadh an Coimisiún freagairt níos fearr a thabhairt don ghearánach i ndáil leis na torthaí trialacha a chuir an gearánach faoina bhráid. De réir cosúlachta, mheas an Coimisiún nach raibh torthaí na dtástálacha ábhartha, agus mar sin mhol an tOmbudsman don Choimisiún a sheasamh a mhíniú don ghearánach. Fuair an tOmbudsman gur thug an freagra a thug an Coimisiún ina dhiaidh sin aghaidh leordhóthanach ar na ceisteanna seo. Bhain cás **1289/2008/MHZ** le rangú substaintí nicile agus teagmhálacha leis an tionscal ina leith sin. I rith fhiosrúchán an Ombudsman, thionscain roinnt ball den ghearánach caingne os comhair cúirteanna Sasanacha agus Eorpacha maidir le rangú na substaintí nicile ag an gCoimisiún agus a ráiteas faoi na cúiseanna leis sin. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 195 CE (Airteagal 228 CFAE anois) agus Airteagal 2(7) dá Reacht, chomhdaigh an tOmbudsman toradh a fhiosrúchán. Maidir le 'gnéithe gnásúla' an cháis, mheas an tOmbudsman gur sholáthair an Coimisiún mínithe sásúla ar gach gné, ach amháin i ndáil le ceist a bhain le scaipeadh cáipéise a thug an gearánach dó gan údarú a fháil ón ngearánach. Fuair an tOmbudsman gur ghníomhaigh an Coimisiún go héagothrom nuair a rinne sé é sin agus rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil. Bhain cás **406/2008/(WP)VIK** le teip líomhanta an Choimisiúin dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus an spriocdháta d'fhoilsiú a chúigiú tuarascáil ar shaoránacht Eorpach a urramú. Thug an tOmbudsman faoi deara nach raibh dualgas dlíthiúil ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta sula bhfoilseodh sé a thuarascálacha ar shaoránacht Eorpach. Luaigh sé, áfach, gur dea-chleachtas riaracháin a bheadh i gceist le comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara sula bhfoilseofaí na tuarascálacha i dtrácht. I rith an fhiosrúcháin, thug an Coimisiún tiomantas go ndéanfadh sé comhairliúcháin den sórt sin amach anseo. Bhain cás **97/2008/(BEH)JF** le líomhaintí nár stiúir an Coimisiún obair coiste coisteolaíochta mar ba chuí. Chinn an tOmbudsman gur leor an fhianaise a bhí ar fáil dó le deimhniú gur

tionóladh na cruinnithe coiste ábhartha i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta infheidhme agus le prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin. Mar sin féin, thug sé le fios dá dteastódh ón ngearánach athruithe ar an gcóras coisteolaíochta a mholadh d'fhéadfadh sí smaoineamh ar achainí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Bhain cás **1520/2008/RT** le teip líomhanta an Choimisiúin an Rialachán maidir le Ceimiceáin a Chlárú, a Mheasúnú, a Údarú agus a Shrianadh (Rialachán Reach) a urramú agus le mí-úsáid líomhanta cistí AE. Rinne an gearánach teagmháil leis an gCoimisiún thar ceann 140 cumann Eorpach eile atá gníomhach sa réimse de chosaint ainmhithe. D'iarr sé air turgnaimh ar ainmhithe a thoirmeasc, agus modhanna tástála eile a thabhairt isteach i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Reach. De réir an Choimisiúin, ní raibh na modhanna nua a mhol an gearánach forbartha go leor le go bhféadfaí iad a úsáid chun críocha rialúcháin faoin Rialachán Reach fós. I ndiaidh anailíse iomláine a dhéanamh ar na cáipéisí a d'aighnigh an dá pháirtí, mheas an tOmbudsman gur theip ar an ngearánach a léiriú nach raibh torthaí an Choimisiúin maidir leis na modhanna nua sin bunaithe ar chomhairle eolaíoch ardfheabhais, neamhspleách nó go raibh siad neamhbhailí mar thoradh ar earráid fhollasach sa mheasúnacht. Dá bhrí sin, chinn sé nach raibh drochriarachán i gceist.

Dhéileáil an tOmbudsman le roinnt cásanna a bhain le gníomhaíochtaí an Choimisiúin sa réimse de dhlí na hiomaíochta. I gcás **2015/2008/GG**, líomhnaíodh go raibh sé éagóir gur cinneadh gan imeachtaí a oscailt ar bhonn gearáin iomaíochta faoi chleachtais frith-iomaíocha táirgeoirí brící Ollannacha. Fuair an tOmbudsman gur ghníomhaigh an Coimisiún taobh istigh de shrianta a lánrogha nuair a chinn sé gan leanúint ar aghaidh lena fhiosrúchán. D'imscrúdaigh sé na líomhaintí a rinne an gearánach agus ní bhfuair sé fianaise leordhóthanach chun tacú leo. Ní bhfuair sé aon earráid fhollasach sa léirthuiscint ach oiread. Bhain cás **1142/2008/(BEH)KM** le cinneadh éagóir líomhanta gan imeachtaí iomaíochta a oscailt i gcoinne dhá chuideachta chomh maith. Ina thuairim, d'áitigh an Coimisiún go bunúsach (i) nach raibh aon tionchar ag iompar na cuideachta fóntais phoiblí i gceist ar thráchtáil trasteorann, agus (ii) maidir le hiompar na cuideachta eile, go raibh lánrogha ag an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do bhearta eile maidir le hiomaíocht níos fearr a bhaint amach sa mhargadh fuinnimh náisiúnta i gceist seachas na cinn a mhol an gearánach. Bhí an tOmbudsman den tuairim go raibh seasamh an Choimisiúin maidir le hiompar na cuideachta fóntais phoiblí i gceart. Chomh maith leis sin, bhí sé den tuairim go raibh an ceart ag an gCoimisiún nuair a d'áitigh sé go raibh lánrogha aige maidir le himeachtaí a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh ar bhonn gearáin faoi iomaíocht. Ar deireadh, chinn sé gur ghníomhaigh an Coimisiún taobh istigh de shrianta a lánrogha nuair a shocraigh sé gan imscrúdú a oscailt i gcoinne na cuideachta eile.

Bhain cás **2967/2008/FOR** le líomhain de nochtadh míchuí faisnéise thar a bheith íogair le linn iniúchta ar chúnamh stáit mídhleathach líomhanta a tugadh do chuideachta i gcomhthéacs comhaontaithe ar tháillí aerfoirt idir an chuideachta sin agus oibreoir aerfoirt a bhí státrialaithe. Fuair an tOmbudsman gur fhoilsigh an Coimisiún mionsonraí cruinne de lascainí áirithe a thug an t-aerfort don chuideachta in Iris Oifigiúil an AE, cé gur gheall sé go soiléir i scríbhinn do na húdaráis náisiúnta nach ndéanfadh sé é sin. Fuair an tOmbudsman gur bhotún é nochtadh na faisnéise agus gurbh ionann sin agus drochriarachán. Toisc gur aithin an Coimisiún go raibh botún déanta aige sular osclaíodh fiosrúchán an Ombudsman agus toisc gur ghabh sé a leithscéal, níor mheas an tOmbudsman go raibh gá le ráiteas criticiúil a thabhairt uaidh. Chuir sé fáilte roimh na bearta nua curtha i gcrích ag an gCoimisiún d'fhonn a áirithiú nach dtarlódh botúin den chineál sin arís. I gcás **1342/2007/FOR** (féach cuid 3.3 chomh maith), cuireadh i leith an Choimisiúin arís gur nocht sé faisnéis an-íogair go míchuí i gcomhthéacs imeachtaí cumaisc. Fuair an tOmbudsman gur tharla sárú tromchúiseach rúndachta. Mar sin féin, luaigh sé nach bhféadfaí glacadh leis gurbh é an Coimisiún foinse an nochta, toisc go raibh cóipeanna den cháipéis ábhartha i seilbh an dá chuideachta i gceist agus i seilbh na Roinne Iompair náisiúnta ag an am. I dteannta sin, chinn an tOmbudsman go ndearna an Coimisiún, a mhéid agus indéanta laistigh de na srianta ar a chumhachtaí, iniúchadh ar líomhain an ghearánaigh gur scaoil an chuideachta eile an t-ábhar chuig an bpreas. Mar sin níor aimsigh sé aon drochriarachán i ndáil le gné seo na líomhna. Luaigh an tOmbudsman, áfach, nach raibh an Dearbhú Rúndachta a d'úsáid an Coimisiún leordhóthanach agus rinne sé ráiteas criticiúil i ndáil leis an ngné seo den chás. Mhol sé an Coimisiún toisc gur leasaigh sé a Dhearbhú Rúndachta

ina dhiaidh sin d'fhonn an earráid seo a cheartú. I gcás **1935/2008/FOR** líomhnaíodh gur tharla botúin ghnásúla i gcás iomaíochta (féach cuid 3.3 chomh maith). D'áitigh an gearánach gur theip ar an gCoimisiún miontuairiscí a ghlacadh de chruinniú cé gur bhain an cruinniú go díreach le hábhar iniúchadh in aghaidh trustaí an Choimisiúin. Fuair an tOmbudsman gur bhain an cruinniú le hábhar iniúchadh an Choimisiúin agus nár ghlac an Coimisiún taifead scríofa cuí den chruinniú. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist leis sin. Níor aimsigh sé drochriarachán i ndáil leis an dara líomhain de chuid an ghearánaigh, ba é sin gur spreag an Coimisiún comhaontú malartaithe faisnéise a thug rochtain mhíchuí ar fhaisnéis i gcomhad iniúchta an Choimisiúin i dtuairim an ghearánaigh. Mar sin féin, fuair an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún taifead scríofa cuí a dhéanamh de ghlao gutháin inar pléadh an comhaontú malartaithe faisnéise. Mar sin, i ráiteas breise mhol sé gur chóir taifid scríofa chuí a choinneáil de chruinniú nó de ghlao gutháin ar bith le tríú páirtithe a bhain le saincheisteanna tábhachtacha gnásúla.

I gcás **1341/2008/MHZ**, a bhain le státseirbhísigh a ghlac le bronntanais agus fáilteachas, d'aithin an Coimisiún go mbeadh sé níos fearr mura raibh sé tar éis cead a thabhairt do bheirt oifigeach ardleibhéil, a dhéileáil le cásanna frithdhumpála, glacadh le ticéid rugbaí VIP ó sholáthraí éadaí spóirt. Líomhain eagraíocht neamhrialtasach go bhféadfadh sin a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa.

Bhain cásanna eile a raibh an Coimisiún páirteach iontu le heagraíocht neamhrialtasach a chur ar dhúliosta[33], le bia do veigeatóirí a sholáthar i seirbhís caintín scoile Eorpaí[34], agus le dúnadh éagóir líomhanta Bunachair Shonraí Eorpaigh[35]. In 2009 rinne an tOmbudsman scrúdú ar úsáid aibítreacha éagsúla sna foilseacháin táirgthe ag Oifig Foilseachán an AE[36] chomh maith.

Dhéileáil an tOmbudsman le cás **107/2009/(JD)OV** i gcoinne Chomhairle an AE freisin a bhain le teip líomhanta saoránaigh a chur ar an eolas faoi riachtanais nua víosa chun dul isteach san Eilvéis. Toisc gur cuireadh ceist sa chéad líomhain ón ngearánach faoi iomchuibheas an dáta a roghnaíodh sa chinneadh ón gComhairle, d'aontaigh an tOmbudsman leis an gComhairle gur bhain an líomhain le fiúntais an chinnidh agus go raibh sí lasmuigh dá shainordú dá bharr. Maidir leis an teip líomhanta daoine a chur ar an eolas mar ba chuí, mheas an tOmbudsman nach mbeadh air ach a iniúchadh an raibh dualgas ar an gComhairle faisnéis a sholáthar i gcás nach raibh an fhaisnéis curtha ar fáil ag údaráis na hEilvéise agus na Breataine leordhóthanach. De réir cosúlachta, chuir údaráis na hEilvéise faisnéis leordhóthanach ar fáil do na haerlínte i gceist. Mar sin, fuair an tOmbudsman nach raibh aon drochriarachán i gceist.

Bhain cás **244/2006/JMA** i gcoinne an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) le hathbhreithniú an Bhainc ar mheasúnacht tionchair timpeallachta (MTT) ar an tionscadal iarnróid ardluais chun Maidrid a cheangal le teorainn na Fraince trí Barce. Tar éis dó athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an gcáipéis MTT chinn an BEI go ndearnadh é mar ba cheart. Rud a thug tacaíocht don mheasúnú sin ná gur bhreithnigh na húdaráis náisiúnta fhreagracha bealaí malartacha freisin. Nuair a rinne an tOmbudsman an comhad a iniúchadh, ní bhfuair sé aon cháipéis a thug cuntas ar an athbhreithniú sin. Rinne sé dréachtmholadh. Ina fhreagra, luaigh an BEI gur thug sé treoir dá sheirbhísí nóta a tháirgeadh don chomhad ina leagfaí amach stádas iarbhír an tionscadail. Chinn an tOmbudsman go ndearna an nóta don chomhad tagairt shonrach "d'anailís ar roghanna malartacha". Ina thuairim, dhearbhaigh an ráiteas sin go sainráite gur dheimhnigh an BEI gur bhreithnigh an MTT roghanna malartacha. Níor luaigh sé go sainráite, áfach, gur dheimhnigh an BEI gur tugadh cúiseanna sa MTT le cinneadh na n-údarás áitiúil. Toisc go raibh sé de rogha ag an BEI dearbhú go sainráite, sula ndéanfaí íocaíochtaí, gur tugadh cúiseanna sa MTT le cinneadh na n-údarás áitiúil an bealach sin a roghnú, rinne an tOmbudsman ráiteas breise ag moladh don BEI machnamh a dhéanamh ar a mheasúnuithe ar MTTanna a thaifeadadh ar bhealach níos córasaí trí leas a bhaint as seicliosta cuimsitheach coinníollacha a gcaithfeadh MTT cloí leis.

Bhain cás **310/2009/ELB** le diúltú éagórach líomhanta Pharlaimint na hEorpa cead a thabhairt do chumann úsáid a bhaint as áitreabh na Parlaiminte ar bhonn rialacha a fhorálann nach bhféadtar

**33.** Cás OI/3/2007/GG.
**34.** Cás 2530/2008/TS.
**35.** Cásanna 814/2008/IP, 277/2008/(IG)IP agus 472/2008/IP.
**36.** Cás 2060/2008/VIK.

seimineár a thionól ar a háitreabh má ghearrtar táillí as clárú dó. Luaigh an tOmbudsman go bhfuil rochtain ar áitreabh na Parlaiminte faoi réir chumhachtaí eagraithe inmheánaigh na hinstitiúide agus ní bhfuair sé aon drochriarachán i ndáil leis an ngné seo. Mar sin féin, thug sé ráiteas criticiúil uaidh i ndáil le mainneachtain na hinstitiúide faisnéis a sholáthar don ghearánach faoi na féid-earthachtaí a bhí ann chun achomharc a dhéanamh faoina cinneadh.

Dhéileáil an tOmbudsman le dhá chás a bhain le OLAF freisin. Dúnadh cás **2930/2008/JMA**, a bhain le teip líomhanta déileáil le fiosrúchán mar ba chuí, toisc go bhfuair an tOmbudsman amach le linn a fhiosrúcháin gur eisigh Binse Réigiúnach Eacnamaíoch agus Riaracháin na Spáinne breithiúnas i ndáil le cás a thionscain an gearánach i gcoinne cinnidh de chuid údaráis chustaim na Spáinne. Chinn an tOmbudsman go raibh pléadálacha an ghearánaigh sa chaingean a thug sé os comhair na cúirte Spáinní mar an gcéanna leis na líomhaintí a rinne sé ina ghearán. I bhfianaise rialú na cúirte Spáinní, agus ar bhonn Airteagal 195 CE (Airteagal 228 CFAE anois) agus Airteagal 2(7) dá Reacht, shocraigh an tOmbudsman an cás a dhúnadh. Bhain cás **1748/2006/JMA** le gearánach a d'oibrigh ar thionscadail éagsúla a mhaoinigh an AE le roinnt gnólachtaí éagsúla. Fuair sé amach go bhfuair ceann dá iar-fhostóirí litir ó OLAF ag lua go ndearna sé mírialtachtaí tromchúiseacha agus ag iarraidh faisnéise faoi i ndáil leis sin. Scríobh an gearánach chuig OLAF roinnt uaireanta. Toisc gur mheas sé nach raibh freagra OLAF sásúil, rinne sé gearán chuig an Ombudsman. Luaigh an tOmbudsman go bhféadfaidh OLAF faisnéis a iarraidh ó thríú páirtithe d'fhonn fiosrúcháin éifeachtacha a dhéanamh. Mar sin féin, mheas sé nár urramaigh OLAF prionsabail na cothroime agus na comhréireachta, ná an prionsabal maidir le toimhde na neamhchiontachta. Mar sin, thug sé ráiteas criticiúil uaidh a bhí dírithe ar OLAF. Thug an tOmbudsman ráitis chriticiúla eile agus ráiteas breise uaidh freisin i ndáil le roinnt gnéithe d'iniúchadh agus d'iompar OLAF.

## 3.6 Aistrithe agus comhairle

I mbeagnach 80% de na cásanna ar déileáladh leo in 2009, bhí an tOmbudsman Eorpach in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt dóibh faoi cá háit le dul. Is minic a bhaineann gearáin atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman le sáruithe líomhanta dhlí an AE ag Ballstáit. Is iondúil go bhfuil Ombudsmen náisiúnta nó réigiúnacha atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsmen ar na daoine is fearr chun déileáil le cásanna den sórt seo. Glacann Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa páirt sa Líonra mar bhall iomlán freisin. Ceann de chus-póirí an Líonra is ea aistriú gasta gearán chuig an ombudsman inniúil náisiúnta nó réigiúnach, nó chuig comhlacht cosúil a éascú (féach cuid 4.2 thíos).

**Is minic a bhaineann gearáin atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman le sáruithe líomhanta dhlí an AE ag Ballstáit. Is iondúil go bhfuil Ombudsmen náisiúnta nó réigiúnacha atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsmen ar na daoine is fearr chun déileáil le cásanna den sórt seo.**

San iomlán, fuarthas go raibh 55% (1 704) de na gearáin a phróiseáil an tOmbudsman Eorpach in 2009 i sainordú baill de Líonra Eorpach na nOmbudsmen (bhí 727 de na cásanna seo i sainordú an Ombudsman Eorpaigh). Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.12, i 977 cás, aistríodh an gearán[37] chuig ball an Líonra nó cuireadh comhairle ar an ngearánach teagmháil a dhéanamh le ball den Líonra (tarchuireadh 792 gearán chuig ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, agus tarchuireadh 185 díobh chuig Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa).


I roinnt cásanna, measann an tOmbudsman gur cuí an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún Eorpach nó chuig SOLVIT, líonra a bhunaigh an Coimisiún d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais. Sula n-aistrítear gearán nó sula dtugtar comhairle don ghearánach, déanann seirbhísí an Ombudsman gach iarracht a áirithiú go dtugtar an chomhairle is cuí. In 2009, tarchuireadh 222 gearán chuig an

**37.** Ní aistrítear gearán ach tar éis toiliú a fháil ón ngearánach roimh ré agus ar choinníoll gur cosúil go bhfuil forais leis an ngearán.

gCoimisiún[38], agus tarchuireadh 824 chuig institiúidí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear Solvit agus sain-Ombudsmen nó comhlachtaí láimhseála gearán sna Ballstáit.

San iomlán, i 67% de na cásanna uile a scrúdaíodh in 2009, tugadh comhairle nó aistríodh an cás. Tá eiseamláirí de chásanna den sórt sin ar fáil sa chuid eile den Chaibidil seo.

### Fíor 3.12: Gearáin aistrithe chuig institiúidí agus comhlachtaí eile Gearánaigh ar cuireadh comhairle orthu teagmháil a dhéanamh le hinstitúidí agus comhlachtaí eile




Nóta 1 Cuimsíonn sé seo 215 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2008 agus a próiseáladh in 2009, agus eisiann sé 94 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2009, a bhí á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana chun a chinneadh cén gníomh ar chóir a chur i gcrích.

Nóta 2 I gcásanna áirithe, tugadh dhá chineál comhairle nó níos mó do ghearánach. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100%.

### Ról bhaill Líonra Eorpach na nOmbudsmen

Líomhain saoránach Rómánach, a cheannaigh veain san Ostair lena úsáid sa Rómáin, go raibh na táillí iarratais náisiúnta a ghearr rialtas na Rómáine díréireach ard. Rinne sé gearán freisin go raibh a mhaoin faoi réir rialuithe chorbaigh, aondeonaigh méara. Líomhain an gearánach chomh maith gur 'ghlac' an AE le hiompar corbach rialtas na Rómáine.

Maidir leis na líomhaintí i ndáil le cleachtais rialtas agus údaráis phoiblí na Rómáine, mhol an tOmbudsman don ghearánach machnamh a dhéanamh ar theagmháil a dhéanamh le hOmbudsman na Rómáine. I gcás na líomhna de mhainneachtain an AE gníomh a dhéanamh, mhol an tOmbudsman don ghearánach teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach dá mba rud é gur mhian leis gearán a dhéanamh faoi shárú féideartha dhlí an AE. Cuireadh comhairle air freisin féachaint ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin an Choimisiún maidir le cánachas gluaisteáin sa Rómáin.

2326/2009/CH ■

Tá fear céile an ghearánaigh faoi mhíchumas tromchúiseach. Tugann cead speisialta cead dó a ghluaisteán a pháirceáil in áiteanna áirithe ina mbeadh cosc ar pháirceáil de ghnáth. Tá an cead seo bailí i roinnt *Länder* de chuid na Gearmáine. De réir an ghearánaigh, saoránach Gearmánach, aithnítear an cead sin sa Bheilg agus i Lucsamburg freisin agus glacadh leis i Veere, bardas Ollannach gar do Middelburg. Mar sin féin, gearradh pionós de bhreis agus EUR 50 ar an ngearánach agus a fear céile nuair a pháirceáil siad a ngluaisteán i Middelburg. I dteannta sin, is cosúil go gceanglaíonn bardas Middelburg ar dhaoine gearáin a thaisceadh leo san Ollainnis, cé nach bhfuil Ollainnis líofa ag an ngearánach ná ag a fear céile. Rinne an tOmbudsman teagmháil leis an Ombudsman Ollannach, agus d'iarr an tOmbudsman sin go n-aistreofaí an gearán chuige i nGearmáinis.

2168/2009/FS ■

38. Áirítear san fhigiúr seo roinnt cásanna inar fógraíodh go raibh gearán i gcoinne an Choimisiúin doghlactha de bhrí nach raibh an cur chuige riaracháin cuí déanta chuig an institiúid sular taisceadh an gearán leis an Ombudsman.

Líomhain an gearánach go bhféadfaidh Gníomhaireacht na Gearmáine um Cheadúnais Raidió agus Teilifíse (GEZ) airgead dlite dó a éileamh, agus na héilimh sin a fhorfheidhmiú, ar bhonn siarghabhálach fiú amháin, gan aon ghá le cinneadh cúirte. I dteannta sin, ní dhéantar aon mhaoirseacht phoiblí ar iompar GEZ. Líomhain an gearánach go dtéann an dualgas táillí a íoc as raidió agus teilifís in aghaidh an chearta bhunúsaigh chun saorála faisnéise. D'áitigh sé gur chóir GEZ a chur ar ceal nó gur chóir é a chur faoi réir maoirseachta éifeachtúla poiblí chun cur ar chumas saoránach iad féin a chosaint in aghaidh cinntí éagothroma. Ba chóir go mbeadh ordú cúirte ag teastáil ó GEZ chun a éilimh a fhorfheidhmiú freisin. D'aontaigh an gearánach le haistriú a ghearáin chuig Coiste Achainíocha an Bundestag.

2851/2009/FS

## Comhairle curtha ar ghearánach teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach

Líomhain an gearánach go ndearna tríú páirtí iarratas ar dheontas AE i ndáil lena maoin, beart talún sa Pholainn. D'ardaigh an gearánach an cheist leis an ngníomhaireacht ábhartha, a d'inis di go raibh sé sin ina ghnáthnós imeachta. Ní raibh sí sásta leis an bhfreagra sin, agus rinne sí gearán chuig an Ombudsman Eorpach ag lua nár chóir don AE glacadh le hiompar den sórt sin. Toisc gur bhain a gearán leis an AE, mhol an tOmbudsman don ghearánach teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ar dtús, agus teagmháil a dhéanamh le hOmbudsman na Polainne le faisnéis níos mionsonraí dá mba rud é gur mhian léi gearán a dhéanamh i gcoinne na gníomhaireachta ábhartha.

2699/2009/CH

## Gearán aistrithe chuig SOLVIT

Rinne saoránach Briotanach a raibh cónaí air sa Chipir gearán chuig an Ombudsman Eorpach inar líomhnaíodh go raibh cead cónaithe ag a bhean chéile, náisiúnach neamh-AE, a chuir ar a cumas cónaí leis sa Chipir ach nach raibh cead aici obair a dhéanamh. Aistríodh an cás chuig Lárionad SOLVIT na RA agus bhí a idirghabháil ina chúis le toradh dearfach. Fuair bean an ghearánaigh cearta cónaithe sula bhfuair an Chipir ballraíocht den AE, agus ba é sin an chúis go raibh srianta uirthi maidir le hobair a fháil. Cuireadh an gearánach ar an eolas faoi conas a dhéanfadh sé iarratas ar chead cónaithe nua a chuirfeadh ar chumas a mhná céile oibriú sa Chipir.

765/2009/EC

# Caidreamh le hinstitiúidí, le hOmbudsmen, agus le páirtithe leasmhara eile

Soláthraíonn an Chaibidil seo forbhreathnú ar iarrachtaí an Ombudsman Eorpaigh teagmháil níos dlúithe a bhunú le hinstitiúidí an AE[1], le Ombudsmen eile, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Is é cuspóir na ngníomhaíochtaí seo ná a chinntiú go ndéileáiltear le gearáin go héifeachtach, dea-chleachtas a roinnt, agus feasacht ar ról an Ombudsman a ardú maidir le dea-riarachán, trédhearcacht agus cultúr seirbhíse a chur chun cinn.

## 4.1 Caidreamh le hinstitiúidí an AE

Tá caidreamh chuiditheach le hinstitiúidí an AE iontach tábhachtach don Ombudsman Eorpach chun na caighdeáin is airde riaracháin a chinntiú. Buaileann an tOmbudsman go rialta le baill agus le hoifigigh ó institiúidí an AE chun labhairt faoi shlite inar féidir feabhas a chur ar chaighdeán an riaracháin agus chun a cinntiú go leanfar go cuí lena chuid ráitis, moltaí, agus tuarascálacha. Tugtar mionchuntas ar a chuid gníomhaíochtaí maidir leis seo thíos.

**Buaileann an tOmbudsman go rialta le baill agus le hoifigigh ó institiúidí an AE chun labhairt faoi shlite inar féidir feabhas a chur ar chaighdeán an riaracháin agus chun a cinntiú go leanfar go cuí lena chuid ráitis, moltaí, agus tuarascálacha.**

### Parlaimint na hEorpa

Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman agus freagraíonn sé di, go sonrach trí mheán na Tuarascála Bliantúla seo agus trí mheán tuarascálacha speisialta freisin. Tá caidreamh oibre den chéadscoth idir an Ombudsman agus Coiste Achainíocha na Parlaiminte, atá freagrach as caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman agus a scríobhann tuairisc faoina Thuarascáil Bhliantúil. Bhuail an tOmbudsman le Cathaoirleach an Choiste Achainíocha, an Bhean Uasal Erminia Mazzoni, FPE ar 2 Meán Fómhair 2009.

Chuir an tOmbudsman a *Thuarascáil Bhliantúil 2008* i láthair don té a bhí mar Uachtarán na Parlaiminte ag an am sin, an tUasal Hans-Gert Pöttering FPE, agus do Chathaoirleach an Choiste Achainíocha, an tUasal Marcin Libicki FPE chomh maith ar 23 Aibreán 2009. Cuireadh i láthair don Choiste Achainíocha í ar 14 Meán Fómhair. Ba í an Bhean Uasal Chrysoula Paliadeli, FPE a dhréachtaigh tuarascáil an Choiste ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman in 2008. I rith an tseisiúin ar 12 Samhain, i ndiaidh léiriúcháin an Ombudsman don Seisiún Iomlánach agus tar éis díospóireacht an lae sin, ghlac an Pharlaimint le rún bunaithe ar an tuarascáil a chuir an Bhean Uasal Paliadeli le chéile. Sa rún seo, dhearbhaigh an Pharlaimint a sástacht le hobair an Ombudsman, lena chomhobair chuiditheach leis na hinstitiúidí, agus lena phróifíl phoiblí, go háirithe ag moladh a shuíomh gréasáin agus an treoir idirghníomhach nua.

1. Leathnaíonn Airteagal 228 TFEU sainordú an Ombudsman ó ghearáin a bhaineann le drochriarachán i ngníomhaíochtaí "na nInstitiúidí nó na gcomhlachtaí Comhphobail" go gníomhaíochtaí "na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí Aontais". Cé gur bhain an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil úsáid as an téarma "institiúidí agus comhlachtaí" roimhe seo, anois, ar mhaithe le gontacht tá an téarma "institiúidí" in úsáid againn chun tagairt a dhéanamh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an AE.



**Is buaicphointe i bhféilire an Ombudsman í díospóireacht bhliantúil na Parlaiminte ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman. Tá an tUasal Diamandouros sa phictiúr anseo ag freagairt ceisteanna ar a *Thuarascáil Bhliantúil 2008* i rith Seisiún Iomlánach na Parlaiminte a bhí ar siúl ar 12 Samhain in Strasbourg. Níos déanaí ar an lá sin, ghlac an Pharlaimint le rún ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman in 2008 bunaithe ar an tuarascáil a dhréachtaigh ball an Choiste Achainíocha, an Bhean Uasal Chrysoula Paliadeli, Fpe.**

Ar iarratas an Choiste, rinne ball d'fhoireann an Ombudsman ionadaíocht dó ag gach ceann de na cruinnithe a thionóil an Coiste i rith 2009. Rinne an Coiste tuarascáil speisialta amháin de chuid an Ombudsman a phlé i rith na bliana sin: rinneadh an tuarascáil speisialta ar idirdhealú aoise a phlé ar 10 Feabhra. Bhí an tOmbudsman sásta a thabhairt faoi deara gur uchtaíodh tuarascáil na Parlaiminte, a dréachtaigh an tUasal Miguel Martínez Fpe agus a léirigh go huile is go hiomlán na cúiseanna imní curtha ós comhair na Parlaiminte ag an Ombudsman, ag an Seisiún Iomlánach i mí na Bealtaine gan vóta amháin fiú ina coinne.

Bhí leasú leanúnach Rialacháin 1049/2001 um theacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin[2] ann go suntasach i gcaidreamh an Ombudsman leis an bParlaimint in 2009. Ar 27 Aibreán, bhuail an tUasal Diamandouros leis an gCoiste ar Ghnóthaí Saoirsí Sibhialta, Breithiúnais agus Teaghlaigh chun tuarascáil na Parlaiminte ar an leasú leanúnach a phlé. Roimhe sin, ar 20 Eanáir, d'fhreastail sé ar chruinniú Comhchoiste an Choiste Saoirsí Sibhialta de Pharlaimint na hEorpa agus Parlaimintí Náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an gceist "Cad é an inspioráid ar féidir le hinstitiúidí an AE a bhaint ó dhea-chleachtais na mBallstát i dtrédhearcacht agus i ndeá-rialachas?". Ar deireadh, ar 16 Feabhra ghlac an tOmbudsman páirt in éisteacht phoiblí arna eagrú ag an gCoiste i leith "Fadhbanna agus Ionchais i dtaobh Saoránacht Eorpach".

### Toghadh an Ombudsman Eorpaigh

Forálann Airteagal 228(2) TFEU go dtoghfar an tOmbudsman i ndiaidh gach toghchán de chuid Parlaimint na hEorpa ar feadh a téarma oifige. Leagtar amach sonraí an nóis imeachta toghcháin i Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

D'fhoilsigh Parlaimint na hEorpa iarratas ar ainmniúcháin d'oifig an Ombudsman san Imleabhar Oifigiúil ar 10 Meán Fómhair 2009[3], leis an 9 Deireadh Fómhair 2009 mar spriocdháta d'aighneacht na n-ainmniúchán.

Féadfar faisnéis níos mionsonraithe maidir le toghchán an Ombudsman Eorpaigh a fháil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte ag:

**http://www.europarl.europa.eu/electionombudsman/**

## Comhairle an AE

Le linn na bliana atá i gceist, ghlac an tOmbudsman páirt i seimineár arna eagrú ag Uachtaránacht na Sualainne ar an AE, dar teideal "Trédhearcacht agus Teanga Dlíthiúil Soiléir san Aontas Eorpach". Labhair sé faoin taithí atá aige i leith fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin maidir le drochriarachán, go háirithe maidir le teacht an phobail ar cháipéisí.

In 2009 bhí tábhacht ar leith ag baint le saincheist a tháinig chun cinn ó fhorfheidhmiú na Comhairle de Reacht an Ombudsman do chaidreamh oibre an Ombudsman leis an gComhairle. Tharla

**2.** Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le theacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.
**3.** IO 2009 C 216, lch. 7.

sé seo i ndiaidh leasú an Reachta in 2008[4]. Ar 14 Deireadh Fómhair 2009, ghlac an tOmbudsman páirt i gcruinniú de Ghrúpa Oibre na Comhairle um Fhaisnéis agus í mar aidhm aige dearcaidh faoin tsaincheist a mhalartú. Bhí an cruinniú an-úsáideach agus mar thoradh air réitíodh an tsaincheist go tapaigh i slí a bhí sásúil go frithpháirteach (féach Caibidil 2).

## An Coimisiún Eorpach

Is é an Coimisiún Eorpach an institiúid is cúis leis an méid is airde de na fiosrúcháin a stiúrann an tOmbudsman. Mar sin, tá tábhacht ag baint le cruinnithe rialta idir an Ombudsman agus ionadaithe an Choimisiúin chun freagraí sásúla ar ghearáin na saoránach a chinntiú. I rith 2009, bhuail an tOmbudsman le hArd-Rúnaí an Choimisiúin, an Bhean Uasal Catherine Day, ar roinnt ócáidí. Labhair sé le hArd-Stiúrthóirí an Choimisiúin don tríú uair ar 28 Bealtaine, tar éis buaileadh leo cheana in 2005 agus in 2007. Ar 2 Feabhra, bhuail baill foirne an Ombudsman le hoifigigh an Choimisiúin chun plé a dhéanamh ar chlárú na ngearán agus na bhfiosrúchán ag an gCoimisiún i ndáil le nósanna imeachta sáraithe agus an t-athbhreithniú ar na rialacha maidir le teacht an phobail ar cháipéisí. Bhuail an Ceann ar Roinn Dlí an Ombudsman ar bhonn míosúil leis an Stiúrthóir a bhí freagrach as caidreamh idir-institiúideach in Ardrúnaíocht an Choimisiúin chun athleanúint a dhéanamh ar fhiosrúcháin a bhain leis an gCoimisiún. Ar deireadh, thionóil an tOmbudsman dhá chruinniú le hEadránaí Foirne an Choimisiúin, an Bhean Uasal Mercedes de Sola, chun saincheisteanna comhleasa a phlé.

**Is é an Coimisiún Eorpach an institiúid is cúis leis an méid is airde de na fiosrúcháin a stiúrann an tOmbudsman.**

Sa bhliain 2009 tharla comhoibriú neartaithe le Solvit, líonra a bhunaigh an Coimisiún chun cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur bhaint amach i margadh inmheánach an Aontais. Don chéad uair riamh, d'fhreastal ionadaí Solvit ar Sheimineár Débhliantúil na nOmbudsmen Náisiúnta de Bhallstáit an AE agus tíortha arbh iarrthóirí iad, a bhí ar siúl sa Chipir in Aibreán. I ndiaidh cruinniú ar 17 Feabhra le hoifigigh ó AS Mhargadh agus Seirbhísí Inmheánacha, bhuail baill foirne an Ombudsman le foireann Solvit de chuid an Choimisiúin ar 17 Meitheamh agus arís ar 7 Nollaig. Cuireadh an dá sheirbhís i láthair ag an am céanna i gceardlann a bhí ar siúl i Stócólm ar 9 Deireadh Fómhair i rith Comhdháil Bhliantúil an Líonra Fiontar Eorpach. Ar deireadh, rinne an tOmbudsman gach iarracht feasacht faoi ról Solvit a ardú le linn a chuairteanna eolais chuig na Ballstáit agus thug sé cuireadh do Solvit páirt a ghlacadh san imeacht a d'eagraigh sé ar 13 Márta dar teideal "*Problem solving in the EU — Where to turn?*" (féach thíos le haghaidh tuilleadh eolais).




**In 2009 bhí comhoibriú feabhsaithe idir an Ombudsman agus na líonraí atá urraithe ag an gCoimisiún Eorpach atá ann do shaoránaigh, d'eagraíochtaí agus do ghnóthaí. Tá an tUasal Diamandouros sa phictiúr anseo ag tabhairt an phríomhóráid ag an gcruinniú ginearálta bliantúil de Líonra Europe Direct i dTaillinn ar 23 Meán Fómhair.**

**4.** Cinneadh Pharlaimint na hEorpa 2008/587 ar 18 Meitheamh 2008, ag leasú Cinneadh 94/262 ar na rialacháin agus coinníollacha a rialaíonn comhlíonadh cúraimí an Ombudsman, IO 2008 L 189, lch. 25.

Bhí tábhacht ag baint chomh maith le hiarrachtaí an Ombudsman chun comhoibriú le Europe Direct a mhéadú i dtéarmaí feasachta a ardú ar raon iomlán na seirbhísí atá ar fáil do shaoránaigh, d'eagraíochtaí, agus do ghnóthaí a mbíonn ceisteanna nó fadhbanna acu a bhaineann lena gcuid cearta dlí AE. Gabhadh faoi ghníomhaíochtaí lena chinntiú go mbíonn an Líonra Europe Direct agus an Lárionad Teagmhála Europe Direct ar an eolas go hiomlán faoi obair an Ombudsman Eorpaigh agus Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Tá sé seo tábhachtach i dtreo is gur féidir daoine aonair a threorú don mhodh sásaimh chuí an chéad uair. I mí na Nollag, bhuail an tOmbudsman le hArd-stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as Cumarsáid, an tUasal Claus SØRENSEN, chun na tionscnaimh seo agus tionscnaimh eile a phlé.

## ■ Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ar 13 Bealtaine, labhair an tOmbudsman le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (EESC) i Seisiún Iomlánach sa Bhruiséil, tar éis dó buaileadh an lá roimhe sin le hUachtarán an Choiste, an tUasal Mario SEPI, leis an Leas-Uachtarán, an Bhean Uasal Irini Ivoni PARI, le hUachtarán ar Ghrúpa na bhFostaithe, an tUasal George DASSIS, le hUachtarán an Ghrúpa Sainleasa Éagsúla, an tUasal Staffan NILSSON, agus leis an Ard-Rúnaí, an tUasal Martin WESTLAKE. I rith an tseisiúin, labhair an tUasal DIAMANDOUROS go príomha faoina thaithí ar a bheith ag déileáil le hionchais na saoránach i leith institiúidí an AE. Le linn an dara cruinnithe, a bhí ar siúl ar 9 Samhain, labhair an tUasal DIAMANDOUROS le foireann an Choiste. Ina chur i láthair chlúdaigh sé na cineálacha gearán lena ndéileálann sé, a ról i gcomparáid le ról na gcúirteanna, an obair réamh-ghníomhach a dhéantar agus conas is féidir leis a bheith ina áis don riarachán. Le linn a léiriúcháin, rinne sé tagairt don Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin, a ghlac an Coiste i mí Iúil 2009. Chuir an tOmbudsman fáilte mhór roimh an fhorbairt seo.

**Ar 13 Bealtaine, labhair an tOmbudsman le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (EESC) i Seisiún Iomlánach sa Bhruiséil. Le linn an dara cruinnithe, a bhí ar siúl ar 9 Samhain, labhair an tUasal DIAMANDOUROS le foireann an Choiste.**

## ■ Banc Eorpach Infheistíochta

D'oibrigh an tOmbudsman go dian sa bhliain 2009 chun feasacht a ardú ar a ról chun maoirseacht a dhéanamh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). Tharla sé seo tar éis Meabhrán Tuisceana a chur i gcrích[5] idir an Ombudsman agus an BEI in 2008. Ar 1 Nollaig, d'eagraigh sé imeacht le páirtithe




**Chun cabhrú le feasacht a ardú maidir lena ról maoirseachta ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), d'eagraigh an tOmbudsman imeacht le páirtithe leasmhara eile ar 1 Nollaig sa Bhruiséil. Bhí sé seo ar siúl faoi chreat an chomhairliúcháin phoiblí BEI maidir le meicníocht na ngearán dá chuid. Ghlac níos mó ná 30 páirtí leasmhara, atá sa phictiúr anseo, páirt san imeacht.**

5. Meabhrán Tuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta i dtaobh faisnéise faoi bheartais, faoi chaighdeáin agus faoi nósanna imeachta an Bhainc, agus faoi conas a dhéileálann sé le gearáin ó dhaoine nach saoránaigh agus nach cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh iad, IO 2008 C 244, lch. 1.

leasmhara eile chun aird a tharraingt ar an ngné seo dá chuid oibre. Tháinig níos mó ná 30 páirtí leasmhara le chéile ag an imeacht seo a bhí ar siúl faoi chreat an chomhairliúcháin phoiblí BEI maidir le meicníocht na ngearán dá chuid[6]. D'fhreastail ionadaithe an Bhainc ar an imeacht agus rinne siad soiléiriú cuidiúil ar conas a dhéileálann an BEI le gearáin. Rinneadh ionadaíocht ar an Ombudsman chomh maith ag na cruinnithe a tionóladh ag an mBanc i rith na bliana mar chuid dá chomhairliúcháin phoiblí.

## An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

Agus a thábhachtaí agus atá sé maidir le gníomhaíochtaí earcaíochta an AE, agus mar sin, caidreamh le saoránaigh Eorpacha, tá comhréir na bhfiosrúchán a stiúrann an tOmbudsman a bhaineann leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) measartha ard. Mar sin féin, mar thoradh ar dhian-iarrachtaí a rinneadh le blianta beaga anuas, tá feabhas mór tagtha ar thrédhearcacht an phróisis roghnaithe agus ar fhreagrúlacht an EPSO i leith ceisteanna agus gearáin na n-iarrthóirí araon. Ba cheart do bhreis forbairtí teacht ó iarrachtaí leanúnacha chun nuachóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta earcaíochta an AE. Ar 4 Márta 2009, d'eagraigh EPSO imeacht chun aird a thabhairt ar fhorfheidhmiú roinnt gníomhaíochtaí dá chlár forbartha, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua, clárú ar-líne do chomórtais, lógó nua, agus fógra comórtais nua. Rinne an tArd-Rúnaí, an tUasal Ian HARDEN, ionadaíocht ar an Ombudsman ag an imeacht.

Bhuail an tUasal DIAMANDOUROS le Stiúrthóir EPSO, an tUasal David BEARFIELD, ar 1 Iúil 2009, chun na feabhsuithe seo agus feabhsuithe eile a phlé, agus chun tús a chur le díospóireachtaí faoi Mheabhrán Tuisceana féideartha idir an dá chomhlacht.

## Institiúidí eile an AE

Thionóil an tOmbudsman raon cruinnithe eile le hionadaithe ó institiúidí an AE i rith 2009. Ar 24 Meitheamh, bhuail sé le hUachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an tUasal Vítor DA SILVA CALDEIRA, i Lucsamburg agus níos déanaí bhí lón oibre aige le Baill uile na Cúirte. An lá céanna sin, bhuail sé le hUachtarán na Cúirte Breithiúnais, an tUasal Vassilios SKOURIS. Ar 25 Meán Fómhair, d'fhreastail an tUasal DIAMANDOUROS ar cheiliúradh an chomórtha 20 bliain den Chúirt Ghinearálta agus ar 29 Samhain, bhuail sé le hUachtarán na Cúirte, an tUasal Marc JAEGER, a thaisteal go Strasbourg chun labhairt le foireann an Ombudsman. Ar 22 Deireadh Fómhair, bhuail an tUasal DIAMANDOUROS leis an Meitheal Mhachnaimh ar Thodhchaí na hEorpa agus labhair sé leo sa Bhruiséil. Ar deireadh thiar, bhuail sé le Stiúrthóir na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), an tUasal Franz-Hermann BRÜNER, ar 11 Bealtaine, agus an Leas-Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (EDPS) nua, an tUasal Giovanni BUTTARELLI, ar 29 Meitheamh.

# 4.2 Caidreamh le hOmbudsmen agus le comhlachtaí comhchosúla

Chun cabhrú leis an méid is mó gearáin is féidir, feidhmíonn an tOmbudsman Eorpach go dlúth lena chontrapháirtithe ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis an gcomhoibriú seo maidir le malartú faisnéise ar dhlí an AE, maidir le leanúint na bpríomhfhorbairtí i saol na nOmbudsmen, agus maidir le dea-chleachtas a roinnt. Tugtar faoin gcomhoibriú seo, don chuid is mó, faoi choimirce Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Glacann an tOmbudsman Eorpach páirt i gcomhdhálacha, i seimineáir, agus i gcruinnithe taobh amuigh den Líonra chomh maith.

**Chun cabhrú leis an méid is mó gearáin is féidir, feidhmíonn an tOmbudsman Eorpach go dlúth lena chontrapháirtithe ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.**

6. Tá eolas faoi Bheartas um Meicníocht na nGearán an BEI ar fáil ag: http://www.eib.org

# Líonra Eorpach na nOmbudsmen

Tá 94 oifig i 32 tír anois ag Líonra Eorpach na nOmbudsmen, ag clúdach leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha laistigh den Aontas, chomh maith leis an leibhéal náisiúnta sna tíortha arb iarrthóirí iad ar bhallraíocht an AE, i dteannta leis an Iorua, an Íoslainn agus fiú an Eilvéis le déanaí.

Is meicníocht chomhoibrithe éifeachtach í an Líonra chun déileáil le cásanna. Tá an Líonra gníomhach chomh maith maidir le heispéiris agus dea-chleachtas a roinnt – spriocanna a mbíonn sé ag iarraidh a bhaint amach trí sheimineáir agus trí chruinnithe, trí nuachtlitir rialta, trí fhóram díospóireachta leictreonach agus trí sheirbhís leictreonach nuachta laethúil.

## Comhoibriú chun cásanna a phlé

Tagann a lán gearánach i muinín an Ombudsman Eorpaigh nuair atá fadhb acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. I mórán cásanna, is féidir réiteach éifeachtach a fháil ó bhall de Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Nuair is féidir, aistríonn an tOmbudsman Eorpach cásanna atá inghlactha don Líonra díreach chuig Ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha nó tugann sé comhairle oiriúnach don ghearánach. Tá sonraí breise an chomhoibrithe seo ar fáil i gCaibidil 3.

**Tagann a lán gearánach i muinín an Ombudsman Eorpaigh nuair atá fadhb acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. I mórán cásanna, is féidir réiteach éifeachtach a fháil ó bhall de Líonra Eorpach na nOmbudsmen.**

Chun feasacht ar ghné an AE in obair na nOmbudsmen a ardú agus chun soiléiriú a dhéanamh ar an tseirbhís a sholáthraíonn siad do dhaoine a dhéanann gearáin faoi nithe laistigh de scóip dlí an AE, ghlac an Líonra Ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2007. Rinneadh leasú beag ar an Ráiteas seo, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh i 23 teanga difriúla, le linn an Seachtú Seimineáir d'Ombudsmen Náisiúnta Bhallstáit an AE agus tíortha arbh iarrthóirí iad, a bhí ar siúl sa Chipir, in Aibreán 2009. Léirítear sa Ráiteas leasaithe go bhfuil treoir idirghníomhach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh anois, a thugann cabhair do dhaoine an t-ombudsman nó comhlacht eile ceart a fháil atá is fearr in ann déileáil lena ngearán, nó freagra a thabhairt ar a n-iarratas ar fhaisnéis. Rinneadh comhaontú freisin an Ráiteas a leasú nuair is gá.

Chomh maith leis sin agus í mar aidhm feasacht a ardú ar ról an Líonra i dtaobh cabhrú le saoránaigh a gcearta a fháil faoi dhlí an AE, mhéadaigh an tOmbudsman Eorpach méid an chomhoibrithe le Europe Direct in 2009 (féach Alt 4.1). Tá tionscnamh an Ombudsman seo nasctha le fógra a rinneadh níos luaithe chun taiscéal a dhéanamh ar an bhféidearthacht d'uimhir gutháin amháin a chruthú chun dul i dteagmháil le Líonra Eorpach na nOmbudsmen. I ndiaidh mionscrúdú a dhéanamh ar na roghanna difriúla, is é a mheas an tOmbudsman ná, in ionad seirbhís nua a bhunú, go mbeadh sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de cur le ról eisiach an Lárionaid Teagmhála Europe Direct mar lárphointe iontrála don phobal i gcoitinne atá ag iarraidh freagra a fháil ar cheisteanna faoin AE. D'aontaigh an tOmbudsman faisnéis agus ábhair faoin Líonra a sholáthar don Lárionad Teagmhála chun daoine a chur sa treo ceart de réir mar is cuí.

D'fhéadfadh Ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha freagraí scríofa a lorg ón Ombudsman Eorpach ar cheisteanna faoi dhlí an AE agus a léirmhíniú, lena n-áirítear ceisteanna a thagann chun cinn agus iad i mbun déileála le cásanna sainiúla. Tugann an tOmbudsman Eorpach freagra díreach, nó, má tá sé níos cuí, díríonn sé an cheist chuig institiúid eile de chuid an AE chun freagra a fháil. I rith 2009, chuir an tOmbudsman Réigiúnach in Emilia-Romagna, san Iodáil, ceist amháin faoina bhráid. Bhain sé le léirmhíniú rialacha an AE maidir le scéimeanna slándála sóisialta de réir mar a bhaineann siad le daoine atá fostaithe agus a dteaghlach ag bogadh laistigh de theorainneacha an Aontais.

## Seimineáir

Tionóltar seimineáir d'Ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha gach dara bliain agus iad comheagraithe ag an Ombudsman Eorpach agus a chontrapháirtithe náisiúnta nó réigiúnacha.

Bhí an Seachtú Seimineár d'Ombudsmen Náisiúnta Bhallstáit an AE agus tíortha arbh iarrthóirí iad ar siúl i bPaphos, an Chipir, idir 5 agus 7 Aibreán 2009. Rinne Coimisinéir Riaracháin (Ombudsman) na Cipire, an Bhean Uasal Eliana Nicolaou, agus an tOmbudsman Eorpach an Seimineár a chomh-óstáil. Ar an iomlán, rinneadh ionadaíocht ar oifigí náisiúnta agus réigiúnacha na nOmbudsmen ó 29 tír ag

an Seimineár. Tháinig páirtithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ó Chomhairle na hEorpa, agus ó údaráis phoiblí na Cipire chomh maith.



**Bhí an Seachtú Seimineár d'Ombudsmen Náisiúnta Bhallstáit an AE agus tíortha arbh iarrthóirí iad ar siúl i bPaphos, an Chipir, in Aibreán 2009. Rinneadh ionadaíocht ar oifigí náisiúnta agus réigiúnacha na nOmbudsmen ó 29 tír ag an Seimineár a dhírigh ar: saorghluaiseacht na saoránach Eorpach, cóireáil cothrom de shaoránaigh Eorpacha, iontráil, comhtháthú, agus tabhairt chun rialtacht na n-inimirceach, agus tearmann agus an ceart chun nós imeachta tearmainn.**

Roinneadh an seimineár dar dteideal "Imirce agus a tionchar ar obair na nOmbudsmen" (*Migration and its impact on the work of ombudsmen*) i gceithre seisiún téamach. I measc na príomhchainteoirí bhí an tUasal Jacques Barrot, Leas-Uachtarán an Choimisiún Eorpaigh atá freagrach as Gnóthaí Breithiúnais, Saoirse agus Slándála a labhair, trí mheán teachtaireacht físeáin, faoi inimirce Eorpach agus beartas tearmainn, agus an Bhean Uasal Elspeth Guild, Ollamh le dlí imirce, Cathaoir Jean Monnet (*ad personam*), in Ollscoil Nijmegen san Ísiltír, a thug léargas cuimsitheach léirsteanach ar imirce laistigh den Aontas.

## Ombudsmen Eorpacha — Nuachtlitir

Déanann Ombudsmen Eorpacha — Nuachtlitir freastal ar an obair a dhéanann baill de chuid Líonra Eorpach na nOmbudsmen agus ar mhórbhallraíocht an réigiúin Eorpaigh den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta (IOI). Foilsítear i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis, agus i Spáinnis í, agus í dírithe ar bhreis is 400 oifig ag leibhéil Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil faoi seach. Foilsíonn an tOmbudsman Eorpach an Nuachtlitir dhá uair sa bhliain – in Aibreán agus i mí Dheireadh Fómhair. In 2009, bhí réimse leathan ábhar sa dhá eagrán mar aon le hailt ar leithcheal ar bhonn cine, ar chonstaicí ar shaorghluaiseacht daoine, ar cheisteanna a bhaineann le himirce agus tearmann, ar ról na nOmbudsmen i maoirseacht a dhéanamh ar phríosúin, ar shárú na gcearta ar chúram sláinte, teacht phoiblí ar cháipéisí, agus aistriú na bhfeidhmeanna poiblí don earnáil phríobháideach. Tugann ailt eile aghaidh ar chosaint na ndaoine is leochailí sa tsochaí, is iad sin leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean agus seanóirí ach go háirithe. Tá téama comónta ag cuid mhaith de na hailt seo, is é sin, ról na nOmbudsmen agus forfheidhmiú iomlán dhlí an AE a chinntiú.

## Uirlisí cumarsáide leictreonacha

Gléas an-úsáideach don Líonra is ea an fóram díospóireachta agus fóram um chomhroinnt cáipéisí Idirlín de chuid an Ombudsman d'Ombudsmen agus dá bhfoirne san Eoraip. Tá teacht ag breis is 260 duine ar an bhfóram a éascaíonn comhoibriú laethúil idir agus i measc oifigí.

Is é *Ombudsman Daily News* (Nuacht Laethúil an Ombudsman) an tseirbhís is mó tóir uirthi ar an bhfóram, a fhoilsítear gach lá oibre agus ina mbíonn nuacht ó oifigí Ombudsman i dteannta le nuacht ón AE ann. Scríobhann beagnach gach oifig Ombudsman náisiúnta agus réigiúnach ar fud na hEorpa don *Daily News* agus breathnaíonn siad air ar bhonn rialta.

Sa bhliain 2009, bhí an fóram díospóireachta fós an-úsáideach chun ligean d'oifigí ombudsman eolas a roinnt trí cheisteanna agus freagraí a chur ann. I measc na saincheisteanna a clúdaíodh i rith na bliana úd bhí cúram sláinte trasteorainn, mionaoisigh neamhthionlachta, idirdhealú reiligiúnach

agus saoirse coinsiasa, gníomhaireachtaí um shlándáil náisiúnta, gearáin faoi Bhainc Cheannais, agus teagmháil le lárionad náisiúnta Solvit.

I measc clár ábhair an fhóraim tá liosta údarásach de na hOmbudsmen náisiúnta agus réigiúnacha i mBallstáit an AE, san Iorua, san Íoslainn, san Eilvéis, agus sna tíortha arbh iarrthóirí iad ar bhallraíocht an AE. Nuashonraítear an liosta a nuashonrú am ar bith a n-athraíonn sonraí teagmhála ag oifig ombudsman agus mar sin is acmhainn éigeantach é d'Ombudsmen ar fud na hEorpa

## Cruinnithe Ombudsman

**I measc na bpríomhimeachtaí ar a d'fhreastail an tOmbudsman i rith 2009 bhí an Naoú Chomhdháil Domhanda den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta (IOI) arna eagrú i mí an Mheithimh i bpríomhchathair na Sualainne, áit a ndearnadh ceiliúradh dhá chéad bliain d'Ombudsman Pharlaimint na Sualainne freisin.**

I rith na bliana, chuaigh iarrachtaí an Ombudsman chun comhoibriú lena chontrapháirtithe i bhfad thar gníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Chun ombudsmantacht a chur chun cinn agus dea-chleachtas a chómhalartú, d'fhreastail an tUasal Diamandouros agus a fhoireann ar imeachtaí eagraithe ag Ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa, lena n-áirítear imeachtaí a bhí ar siúl san Albáin, sa Ghréig, in Éirinn, san Iodáil, san Iorua, sa Spáinn, sa tSualainn, agus sa Ríocht Aontaithe. I measc na bpríomhimeachtaí ar a d'fhreastail an tOmbudsman i rith 2009 bhí an Naoú Chomhdháil Domhanda den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta (IOI) arna eagrú i mí an Mheithimh i bpríomhchathair na Sualainne, áit a ndearnadh ceiliúradh dhá chéad bliain d'Ombudsman Pharlaimint na Sualainne freisin. Chuaigh an chomhdháil seo siar ar éabhlóid institiúide an Ombudsman óna bunú sa tSualainn go dtí an lá atá inniu ann. Labhair an tOmbudsman Eorpach ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil de Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann in Warwick, an Ríocht Aontaithe, i mí na Bealtaine, agus ag an gComhthionól Ginearálta d'Institiúid na nOmbudsmen Eorpacha a bhí ar siúl i bhFlórans, san Iodáil, i mí Dheireadh Fómhair. Rinne Ard-Rúnaí an Ombudsman, an tUasal Ian Harden, ionadaíocht ar son na hinstitiúide ag an Tríú Cruinniú de Chumann Meánmhara na nOmbudsmen a bhí ar siúl san Aithin, sa Ghréig, i mí na Nollag.

# 4.3 Caidreamh le páirtithe leasmhara eile

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta chun cinntiú go bhfuil gach duine nó gach eagraíocht ar féidir fadhb a bheith acu le riarachán an AE ar an eolas faoin gceart atá acu gearán a chur isteach faoi dhrochriarachán. Tá dúil mhór aige chomh maith feasacht a ardú i gcoitinne ar a chuid iarrachtaí chun trédhearcacht, freagracht, agus cultúr de sheirbhísí a chur chun cinn i riarachán an AE. Rinneadh tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí sa réimse seo le linn 2009, le timpeall 145 léiriúchán déanta ag an Ombudsman féin agus a chuid foirne.

Sa chuid seo tugtar forbhreathnú ar na dóigheanna éagsúla ina ndearna an tOmbudsman iarracht chun feasacht a ardú ar a chuid oibre i rith na bliana.

## Comhdhálacha agus cruinnithe

### Rannpháirteachas an Ombudsman

**Chaith an tOmbudsman go leor ama in 2009 ag buaileadh le príomhpháirtithe leasmhara chun a chuid seirbhísí a mhíniú agus chun foghlaim faoina gcuid taithí ar riarachán an AE.**

Chaith an tOmbudsman go leor ama in 2009 ag buaileadh le príomhpháirtithe leasmhara chun a chuid seirbhísí a mhíniú agus chun foghlaim faoina gcuid taithí ar riarachán an AE. Chuir sé a chuid oibre i láthair ag níos mó ná 60 imeacht do bhaill an lucht dlí, do chumainn ghnó, do mheithleacha smaointe, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, d'ionadaithe ó riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, do bhrústocairí, do ghrúpaí sainleasa, don lucht acadúil, d'ionadaithe polaitiúla ardleibhéil, agus do státseirbhísigh.

Eagraíodh na comhdhálacha, na seimineáir agus na cruinnithe seo sa Bhruiséil agus sna Ballstáit, go minic mar chuid de chuairteanna faisnéise an Ombudsman (féach thíos). Ba bhuaicphointí ar leith na himeachtaí um fhadhbanna a réiteach a bhí ar siúl i bParlaimint na hEorpa i mí an Mhárta agus an cheardlann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM), a bhí ar siúl mar chuid den tseachtain FBM i mí na Bealtaine 2009.

**Oibríonn an tOmbudsman Eorpach go dian chun cinntiú go mbíonn a fhios ag daoine, a mbíonn deacracht acu a gcearta a bhaint amach faoi dhlí an AE, cé is féidir cabhrú leo. I Márta 2009, d'eagraigh sé seimineár sa Bhruiséil, dar dteideal "*Problem solving in the EU – Where to turn?*". D'fhreastail níos mó ná 100 duine ar an imeacht seo chun éisteacht leis ag caint faoi na seirbhísí atá á soláthar ag an Ombudsman Eorpach, Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa, SOLVIT, agus Seirbhís Ghníomhaíochta Shaoránaigh na hEorpa (ECAS).**



## Rannpháirteachas fhoireann an Ombudsman

Bíonn foireann an Ombudsman chomh gníomhach céanna ag ardú feasachta ar an institiúid. I rith 2009, rinne an fhoireann níos mó ná 85 léiriúchán do tuairim is 2 600 saoránach in áiteanna ar fud na hEorpa. Ba as an nGearmáin is mó a tháinig na cuairteoirí seo, leis an bhFrainc, an Ostair agus an Ghréig ag teacht ina dhiaidh sin. I measc na rannpháirtithe ag na léiriúcháin seo bhí mic léinn agus oiliúnaithe, dlíodóirí agus breithiúna, iriseoirí, fiontraithe agus brústocairí, oifigigh rialtais agus státseirbhísigh, baill foirne ó oifigí Ombudsman, agus baill mhíleata.

Toisc go bhfuil líon na léiriúchán ar féidir a thabhairt gach bliain teoranta de bharr sriantacht acmhainne, déanann an tOmbudsman iarracht, sa mhéid agus is féidir, glacadh le cuirí agus iarratais ó pháirtithe leasmhara. Tá na leiriúcháin uile seo iontach tábhachtach chun cabhrú le 'éadán daonna' a chur ar lucht riartha an AE.

# Cuairteanna faisnéise

Agus í mar aidhm aige feasacht ar a chuid oibre a ardú agus a chaidrimh oibre a neartú lena chontrapháirtithe náisiúnta agus réigiúnacha, thug an tOmbudsman faoi dhianchlár cuairteanna faisnéise ar na Ballstáit agus ar thíortha aontachais sa bhliain 2003. Táthar ag leanúint leis na cuairteanna seo i gcónaí. I mí na Bealtaine 2009 thug cuairteanna faisnéise an Ombudsman chuig an tSlóvaic agus Poblacht na Seice é, agus chuig an Fhionlainn agus an Eastóin i mí Dheireadh Fómhair. Thaisteal an tOmbudsman go dtí an Iodáil chomh maith i mí an Mheithimh le haghaidh roinnt mhaith imeachtaí um ardú feasachta.

**I mí na Bealtaine 2009 thug cuairteanna faisnéise an Ombudsman chuig an tSlóvaic agus Poblacht na Seice é, agus chuig an Fhionlainn agus an Eastóin i mí Dheireadh Fómhair.**

AN TSLÓVAIC — Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an tSlóvaic idir 13 agus 15 Bealtaine 2009. Ba í oifig Ombudsman na Slóvaice, an tUasal Pavel KANDRÁČ, a d'eagraigh an chuairt. Bhuail an tUasal DIAMANDOUROS le hUachtarán na Slóvaice, an Dr Ivan GAŠPAROVIČ, an Príomh-Aire, an tUasal Robert FICO, agus le Leas-Chainteoir na Parlaiminte, an tUasal Miroslav ČÍŽ. Bhuail sé le Cumann Barra na Slóvaice agus le Cumann Lucht Trádála na Slóvaice, le hionadaithe SOLVIT agus leis an Líonra Fiontar Eorpach, eagraíochtaí a ghlac páirt sna cruinnithe seo. Thug an tOmbudsman léacht san Ollscoil Eacnamaíochta sa Bhratasláiv agus bhí ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i láthair ann

chomh maith. Tar éis preasagallaimh, thuairiscigh nuachtáin, raidió, agus teilifís na Slóvaice cuairt an Ombudsman go cuimsitheach.



**An tSlóvaic — I rith a chuairt faisnéise chuig an Slóvaic, a tharla idir 13 agus 15 Bealtaine, bhuail an tOmbudsman le hUachtarán na Slóvaice, leis an bPríomh-Aire agus Leas-Chainteoir na Parlaiminte, agus d'óstáil sé roinnt mhaith imeachtaí um ardú feasachta. Sa phictiúr tá an tUasal Diamandouros i dteannta le hOmbudsman na Slóvaice, an tUasal Pavel Kandráč, a raibh an t-imeacht eagraithe ag a oifig siúd.**

Poblacht na Seice — D'eagraigh oifig an Chosantóra Poiblí um Chearta (Ombudsman) i bPoblacht na Seice, cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh ar Brno agus Prág idir 17 agus 20 Bealtaine. In Brno, bhí cruinniú fada ag an Uasal Diamandouros leis an Ombudsman, an tUasal Otakar Motejl, agus lena chuid foirne. Chuaigh sé i bpléití leis na hionadaithe is cumhachtaí ó chóras dlí na Seice, lena n-áirítear Cathaoirleach na Cúirte Uachtaraí, an Bhean Uasal Iva Brožová. Bhuail sé freisin le hionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus le Comhairle Réigiúnach de Réigiún an Chomhtháthaithe Thoir-Theas ag imeacht faisnéise a eagraíodh mar chuid den chuairt. Sa Phrág, bhuail an tUasal Diamandouros le hUachtarán na Seice, an tUasal Václav Klaus, leis an bPríomh-Aire, an tUasal Jan Fischer, agus leis an Aire um Chearta an Duine, an tUasal Michael Kocáb. Chuaigh sé i bpléití chomh maith le Cumann Lucht Trádála na Seice agus ionadaithe na Seice ag Solvit agus an Líonra Fiontar Eorpach.



**Poblacht na Seice — D'eagraigh oifig an Chosantóra Poiblí um Chearta (Ombudsman) i bPoblacht na Seice, cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh ar Brno agus Prág idir 17 agus 20 Bealtaine. Tuairiscíodh an chuairt go cuimsitheach i meáin na Seice, i ndiaidh comh-phreasagallaimh a rinne an tUasal Diamandouros agus an tUasal Motejl, atá sa phictiúr anseo thíos le hiriseoirí.**

An Fhionlainn — Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an bhFionlainn idir 25 agus 28 Deireadh Fómhair. Tharla sé seo i ndiaidh dó cuireadh a fháil ón Aire Gnóthaí Eorpacha, an Bhean Uasal Astrid Thors. Roimh an chuairt, bhuail an tUasal Diamandouros leis an gCoimisinéir atá freagrach as Méadú an Aontais, an tUasal Olli Rehn, chun saincheisteanna an AE a bhaineann leis an bhFionlainn a phlé. I rith a chuid ama in Heilsincí, bhuail an tOmbudsman leis an Ombudsman Parlaiminteach, an Bhean Uasal Riitta-Leena Paunio, agus lena foireann, agus chuir sé a chuid oibre i láthair do bhaill eagraíochtaí neamhrialtasacha, do bhaill an chomhphobail ghnó, do mhic léinn ollscoile agus do na meáin. Bhuail sé le hUachtarán na Fionnlainne, an Bhean Uasal Tarja Halonen,

Uachtarán na Cúirte Uachtaraí um Chúrsaí Riaracháin, an tUasal Pekka HALLBERG, agus leis an Aire Gnóthaí Eorpacha, an Bhean Uasal Astrid THORS. Ina theannta sin thionóil sé cruinnithe leis an Leas-Sheansailéir Bhreithiúnais, an tUasal Mikko PUUMALAINEN, leis an Ombudsman um Chosaint Sonraí, an tUasal Reijo AARNIO, agus le roinnt coistí parlaiminte.

**AN FHIONLAINN — Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an bhFionlainn idir 25 agus 28 Deireadh Fómhair. Chabhraigh Ombudsman Parlaiminteach na Fionlainne leis an gcuairt a eagrú, in éineacht le hOifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Buaicphointe ar leith den chuairt ba ea cruinniú a tharla leis an gcéad Ombudsman Eorpach, an tUasal Jacob SÖDERMAN TP, a chuir an tUasal DIAMANDOUROS in aithne ag léacht in Ollscoil Heilsincí agus a ghlac páirt sa chruinniú faisnéise le hiriseoirí.**



AN EASTÓIN — Chuaigh an tOmbudsman go dtí an Eastóin, idir 29 agus 30 Deireadh Fómhair, le haghaidh cuairt faisnéise arna eagrú ag Ombudsman na hEastóine, an tUasal Indrek TEDER. Labhair an tOmbudsman le foireann an Uasail TEDER, agus bhí díospóireachtaí fada aige leis an Uasal TEDER agus lena Oifigeach cúnta, an tUasal Madis ERNITS. Bhuail sé le hUachtarán na hEastóine, an tUasal Toomas HENDRIK ILVES, le hUachtarán na Parlaiminte, an Bhean Uasal Ene ERGMA, agus leis an Aire Dlí agus Cirt, an tUasal Rein LANG, le linn na cuairte. Thug sé léacht phoiblí chomh maith in Ollscoil Tartu agus bhuail sé le hionadaithe ó chomphobal gnó na hEastóine, i dteannta le Cumann na mBreithiúna san Eastóin. Sular imigh sé go Taillinn, bhuail an tUasal DIAMANDOUROS le Leas-Uachtarán an Choimisiúin atá freagrach as Gnóthaí Riaracháin, Iniúchadh, agus Frith-Chalaois, an tUasal Siim KALLAS, chun cuspóir na cuairte faisnéise a phlé.

**AN EASTÓIN — Mar chuid de chuairt faisnéise an Ombudsman chuig an Eastóin, d'eagraigh Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa sa Taillinn cruinniú faisnéise d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d'iriseoirí, chomh maith le hagallaimh do na meáin, ag iarraidh feasacht a ardú ar an mbonn sin faoi chuairt an Ombudsman. Tá an tUasal DIAMANDOUROS sa phictiúr anseo ag an gcruinniú faisnéise, in éineacht leis an gCeann Aonaid ar Oifig Faisnéise na Parlaiminte, an Bhean Uasal Kadi HERKÜL.**



AN IODÁIL — Thug ANCI (Cumann Náisiúnta na mBardasachtaí Iodálach) cuireadh don Ombudsman Eorpach teacht chuig Palermo le haghaidh imeacht chun feasacht a ardú maidir lena chuid oibre. Nuair a bhí sé in Palermo, ar 2 agus 3 Meitheamh, bhuail an tUasal DIAMANDOUROS le hionadaithe ón údarás réigiúnach, lena n-áirítear Uachtarán na Comhairle Réigiúnaí, an tUasal Alberto CAMPAGNA, agus Méara Palermo, an tUasal Diego CAMMARATA. Ansin thaisteal an tOmbudsman go dtí an Róimh le haghaidh roinnt cruinnithe, an ceann is suntasaí le hUachtarán na Poblachta, an tUasal Giorgio NAPOLITANO. Labhair sé ag imeacht a d'eagraigh Comhairle Bharra na hIodáile agus chuaigh sé i bpléití leis an Uasal Sabino CASSESE, breitheamh i gCúirt Bhunreachtúil na hIodáile, agus leis an

Uasal Sandro Gozi TP, a mhol an dréacht-dhlí chun ombudsman náisiúnta a bhunú san Iodáil. Bhuail an tUasal Diamandouros leis an gCeann ar an Roinn Iodálach um Beartais Chomhphobail, an tUasal Roberto Adam, agus le hionadaithe na hIodáile ag Solvit.



**An Iodáil — Thug an tUasal Diamandouros cuairt ar an Iodáil idir 2 agus 5 Meitheamh, i ndiaidh dó cuireadh a fháil ón Ard-Rúnaí ar an eagraíocht Anci Sicilia, an tUasal Andrea Piraino, chun labhairt le baill Chumainn Náisiúnta na mBardasachtaí Iodálach (Anci). Tá an tUasal Diamandouros sa phictiúr anseo ag an imeacht in Palermo, áit a rinne sé cur síos ar a chuid oibre agus na cineálacha gearán lena ndéileálann sé. Chabhraigh an tOmbudsman ó chathair Misilmeri, an tUasal Pierangelo Bonanno, chun cuairt an Ombudsman chuig Palermo a eagrú.**

Bhí na cuairteanna seo go léir fíor-luachmhar i dtéarmaí ardú feasachta maidir le cearta na saoránach faoi dhlí an AE, ag ardú na próifíle poiblí den Ombudsman Eorpach agus a chontrapháirtithe náisiúnta, agus ag soláthar faisnéise faoina gceart chun gearán a dhéanamh.

## Gníomhaíochtaí sna meáin

Aithníonn an tOmbudsman an ról tábhachtach atá ag na meáin maidir le tuairim an phobail a mhúnlú, díospóireacht a shaibhriú, agus maidir le feicseanacht a chuid seirbhísí a mhéadú i mBallstáit uile an AE. Tá beartas forghníomhach maidir leis na meáin mar phríomheilimint ina ghníomhaíochtaí agus é ag iarraidh meas ar chearta saoránach faoi dhlí an AE a chur chun cinn agus cáilíocht an riaracháin a fheabhsú.

**Tá beartas forghníomhach maidir leis na meáin mar phríomheilimint ina ghníomhaíochtaí agus é ag iarraidh meas ar chearta saoránach faoi dhlí an AE a chur chun cinn agus cáilíocht an riaracháin a fheabhsú.**

I measc príomhghníomhaíochtaí meán an Ombudsman in 2009, bhí preasagallaimh sa Bhruiséil chun a Thuarascáil Bhliantúil a chur i láthair, mar aon le sa Bhratasláiv, sa Phrág, in Heilsincí agus i dTaillinn, mar chuid de na cuairteanna faisnéise thuasluaite. Le preas-chruinnithe faisnéise le baill leasmhara na meán ó raon nuachtán agus preas-ghníomhaíochtaí bhí an deis ag an Ombudsman a chuid oibre a mhíniú do shaoránaigh agus a dhearcaidh ar nithe ábhartha a léiriú chomh maith. Ar deireadh, thug an tUasal




**Bhí tuairisciú leathan sna meáin in 2009 ar obair an Ombudsman, go háirithe ar ghearán curtha isteach ag an táirgeoir micreaphróiseálaithe, Intel, saincheist na follasachta, agus an *Tuarascáil Bhliantúil 2008*. Sa phictiúr tá an tOmbudsman i mbun agallaimh le europarltv, i ndiaidh na díospóireachta ar a ghníomhaíochtaí le linn 2008 sa Pharlaimint.**

Diamandouros tuairim is 40 agallamh d'iriseoirí ó na meáin chlóite, chraolta agus leictreonacha in 2009, i Strasbourg, sa Bhruiséil agus in áiteanna eile, go háirithe le linn a chuid cuairteanna faisnéise.

In 2009, eisíodh aon eisiúint nuachta is fiche agus agus scaipeadh iad ar iriseoirí agus ar pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. I measc na saincheisteanna a tuairiscíodh bhí leasú rialacha an AE ar theacht an phobail ar cháipéisí, ar chearta paisinéirí aeir, íocaíocht dhéanach an Choimisiúin Eorpaigh, maoiniú ar fhoirgnimh Pharlaimint na hEorpa, agus gearán a rinne táirgeoir micreaphróiseálaithe, Intel.

Méadaíodh tuairisciú sna meáin ar obair an Ombudsman go suntasach ó 2008 go 2009, le méadú 85% i líon na ngearrthóga nuachtáin a aithníodh. Tharla sé seo mar thoradh ar an tuairisciú leathan den ghearán thuasluaite a fuarthas ó Intel (féach Alt 3.3).

## Foilseacháin

Scaipeadh ábhar faoi obair an Ombudsman go forleathan i rith na bliana, go háirithe ag na Laethanta Oscailte a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus i Strasbourg i mí na Bealtaine.

**Tá foilseacháin uile an Ombudsman ar fáil ar a shuíomh gréasáin http://www.ombudsman.europa.eu agus is féidir iad a fháil saor in aisce ó Shiopa Leabhar an AE http://bookshop.europa.eu**

Maidir le foilseacháin in 2009, bhí suim ar leith ag baint leis an *Tuarascáil Bhliantúil* a foilsíodh i stíl nua agus an achoimre nuachta nua, *Forbhreathnú 2008*. Fuair an tOmbudsman aiseolas an-dearfach ar an dá fhoilseachán seo, a leasaíodh go hiomlán chun iad a dhéanamh níos soláimhsithe agus inléite. Foilsíodh an dá fhoilseachán i 23 teanga oifigiúla an AE agus scaipeadh iad ar phríomhpháirtithe leasmhara agus ar an bpobal i gcoitinne. Tá foilseacháin uile an Ombudsman ar fáil ar a shuíomh gréasáin **http://www.ombudsman.europa.eu** agus is féidir iad a fháil saor in aisce ó Shiopa Leabhar an AE **http://bookshop.europa.eu**

Chomh maith leis sin in 2009, chuir Oifig an Ombudsman ullmhúcháin i gcrích chun féiniúlacht fhísiúil nua a chruthú don institiúid, lena n-áirítear lógónna nua don Ombudsman Eorpach agus do Líonra Eorpach na nOmbudsmen araon. Táthar chun tús a chur leis an bhféiniúlacht fhísiúil nua seo sa bhliain 2010.

## Cumarsáid leictreonach

### Cumarsáid r-phoist

Ba thríd an Idirlíon a fuarthas beagnach 60% de na gearáin uile a fuair an tOmbudsman in 2009. Fuarthas cuid mhór díobh seo (72%) tríd an bhfoirm ghearáin leictreonach, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i 23 teanga.

In 2009, úsáideadh príomhchuntas ríomhphoist an Ombudsman le freagairt ar bhreis is 1 850 ríomhphoist a bhí ag lorg eolais. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le tuairim is 4 300 in 2008, 4 100 in 2007, agus 3 500 in 2006. Is de bharr rath iontach na treorach idirghníomhaí de chuid an Ombudsman atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin a tharla an laghdú suntasach i líon na n-iarratas ar eolas. Lig sé seo do dhaoine an t-eolas a bhí uathu a fháil dóibh féin gan aon iarratas a chur isteach. B'iarratais indibhidiúla iad tuairim is 1 600 de na 1 850 ríomhphost a fuarthas ag lorg eolais, agus tugadh freagraí indibhidiúla do gach ceann díobh ó bhall cuí d'fhoireann an Ombudsman. Bhain thart ar 250 díobh le hollseoladh poist, a bhain go príomha leis na deacrachtaí líomhnaithe a bhí le sárú ag na cainéil teilifíse, Catalan TV, agus iad ag tosú ag craoladh i réigiún Valencia.

### Forbairtí an tsuímh ghréasáin

Ar 5 Eanáir 2009, sheol an tOmbudsman Eorpach a shuíomh gréasáin nua. Is í aidhm an tsuímh ná eolas soiléir, gonta atá éasca le tuiscint a chur ar fáil don chuairteoir faoi cad is féidir leis an Ombudsman Eorpach a dhéanamh. Cuireann sé forbhreathnú ar fáil den mhéid atá bainte amach ag an Ombudsman go dtí seo, agus míníonn sé conas gearán a dhéanamh. Rinneadh nuashonrú rialta

ar an suíomh gréasáin i rith na bliana le cinntí, achoimrí ar chásanna, eisiúintí nuachta, sonraí ar imeachtaí atá le teacht agus ar fhoilseacháin curtha ar fáil air.

Is ábhar spéise ar leith ar shuíomh gréasáin an Ombudsman í treoir idirghníomhach an Ombudsman, agus emar aidhm aici cabhrú le daoine an comhlacht is oiriúnaí a aithint chun déileáil lena ngearán. Tá an tseirbhís seo an-úsáideach do shaoránaigh, do ghnóthaí, agus d'eagraíochtaí eile ar fud na hEorpa. In 2009, d'iarr níos mó ná 26 000 duine comhairle agus fuair siad í ón Ombudsman tríd an treoir idirghníomhach. IS é an moladh is coitianta a tugadh ná gearán a chur chuig an Ombudsman Eorpach, ina dhiaidh sin moltar dul i dteagmháil le Europe Direct, eolas faoi ról an Choimisiúin Eorpaigh le forfheidhmiú dhlí an AE a chinntiú, agus comhairle chun dul i dteagmháil le hOmbudsman náisiúnta nó réigiúnach.

**In 2009, d'iarr níos mó ná 26 000 duine comhairle agus fuair siad í ón Ombudsman tríd an treoir idirghníomhach.**

Ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2009, thug timpeall 340 000 cuairteoir uathúil cuairt ar shuíomh gréasáin an Ombudsman a d'fhéach ar níos mó ná 4 mhilliún leathanach ar an iomlán. Tháinig an líon is mó cuairteoirí ón Spáinn, leis an Iodáil, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Bheilg ag teacht ina dhiaidh sin.

Chun cinntiú go bhfanann suíomh gréasáin an Ombudsman ar thús cadhnaíochta na suíomh gréasáin de chuid an AE, ghlac Oifig an Ombudsman páirt in obair Choiste Eagarthóireachta Idir-Institiúideach Idirlín (CEiii) an AE i rith 2009.

# 5 Áiseanna

Sa Chaibidil seo tugtar forbhreathnú ar na háiseanna a cuireadh ar fáil d'institiúid an Ombudsman in 2009. Áirítear cur síos ar an obair a rinne na ranna agus aonaid éagsúla laistigh den Oifig, chomh maith leis na hiarrachtaí a rinneadh le sreabhadh eolais réidh i measc baill foirne a chinntiú, agus chun deiseanna um fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn. Caitheann an dara chuid den Chaibidil súil ar bhuiséad an Ombudsman.

## 5.1 Pearsanra

Chun cinntiú gur féidir leis an institiúid feidhmiú i gceart le linn di déileáil le gearáin faoi dhrochriarachán sna 23 teanga Chonartha, agus feasacht a ardú faoi obair an Ombudsman, tá foireann ardcháilithe ilteangach fostaithe aici. Cabhraíonn cruinnithe foirne rialta, i dteannta le cúlráid fhoirne bhliantúil chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi fhorbairtí laistigh den oifig agus iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar conas a chuireann a gcuid oibre le gnóthú cuspóirí na hinstitiúide.

**Cabhraíonn cruinnithe foirne rialta, i dteannta le cúlráid fhoirne bhliantúil chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi fhorbairtí laistigh den oifig agus iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar conas a chuireann a gcuid oibre le gnóthú cuspóirí na hinstitiúide.**

### Cúlráid fhoirne

Is cuid ríthábhachtach de phleanáil straitéiseach an Ombudsman iad cúlráidí foirne an Ombudsman Eorpaigh, go háirithe trí inspioráid agus treoir úsáideach a sholáthar le haghaidh beartais a cheapadh agus Plean Bliantúil Bainistíochta (AMP) a ullmhú. Is cuid de chiogal imeachtaí bliantúla iad a thugann an deis do bhaill foirne agus d'oiliúnaithe a gcuid barúlacha faoi ábhair a bhaineann go

**Is cuid de chiogal imeachtaí bliantúla iad cúlráidí foirne a thugann an deis do bhaill foirne agus d'oiliúnaithe a gcuid barúlacha faoi ábhair a bhaineann go díreach le hobair an Ombudsman a roinnt. Bhí cúlráid 2009 ar siúl ó 11 go dtí 13 Feabhra agus bhí sé dírithe ar an téama "Ag obair le chéile". Is iad seo a leanas na sainábhair a pléadh: déileáil le gearáin, dul i mbun oibre leis na hinstitiúidí, foclaíocht shoiléir a úsáid, agus conas an fhoireann a choimeád ar an eolas, luach a chur orthu agus lánpháirt a thabhairt dóibh.**



díreach le hobair an Ombudsman a roinnt. Cabhraíonn conclúidí na gcúlráidí chun cuspóirí straitéiseacha an Ombudsman a mhúnlú, a dhéanann na gníomhaíochtaí de gach aonad a threorú ar a seal.

Bhí cúlráid 2009 ar siúl ó 11 go dtí 13 Feabhra agus bhí sé dírithe ar an téama "Ag obair le chéile". I ndiaidh cúlráide na bliana 2008, a bhí dírithe ar fhéiniúlacht na hinstitiúide agus coincheap an dea-riaracháin, dhírigh cúlráid 2009 níos mó ar obair inmheánach na hoifige. Mar chuid den ullmhúchán don chúlráid, tugadh cuireadh don fhoireann freagraí a thabhairt don cheistneoir féin-mheasúnaithe céanna a úsáideadh don chúlráid in 2006. Rinneadh é seo ionas go bhféadfaí comparáid díreach a dhéanamh idir na torthaí, agus chun an dul chun cinn a rinneadh agus na réimsí atá fós le forbairt a aimsiú. Tugadh torthaí agus anailís an cheistneora faoi deara nuair a bhí an clár deireanach de na léiriúcháin agus d'ábhar díospóireachta na cúlráide á socrú.

Cosúil leis na cúlráidí roimhe sin, turas an-dearfach a bhí sa tríú chúlráid don fhoireann. Tá an chéad chúlráid eile le bheith ar siúl i mí Feabhra 2010.

## Cruinnithe foirne

Tionóltar cruinnithe foirne rialta agus í mar aidhm acu sreabhadh réidh faisnéise i measc ball foirne a chinntiú agus deiseanna chun forbairt ghairmiúil a chur chun cinn. De ghnáth, bíonn forbhreathnú ón Ombudsman ar a ghníomhaíochtaí a tharla le déanaí agus a tharlóidh amach anseo ar an gclár oibre do na cruinnithe seo, chomh maith le léiriúchán faoi na forbairtí riaracháin, dlíthiúla, agus beartais a rachaidh i bhfeidhm ar an institiúid. Bíonn ról gníomhach chomh maith ag an Ard-Rúnaí agus ag na Cinn Roinne agus Aonaid ag cruinnithe foirne. I rith na bliana sin, bhí cruinnithe foirne ar siúl ar 10 Iúil agus 11 Nollaig, agus b'fhóram úsáideach iad chun eolas a roinnt agus díospóireacht a spreagadh.



**Chun cabhrú leis an bhfoireann a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí laistigh d'institiúidí eile an AE, tugann an tOmbudsman cuireadh d'aoichainteoirí chun léachtaí a thabhairt faoi théamaí ábhartha. Ar 20 Samhain 2009, thaisteal Uachtarán na Cúirte Ginearálta, an tUasal Marc Jaeger, go Strasbourg chun labhairt faoi "Prionsabal an dea-riaracháin i ndlí an Chomhphobail". Tá sé sa phictiúr anseo leis an Ombudsman.**

Chun cabhrú leis an bhfoireann a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí laistigh d'institiúidí eile an AE, tugann an tOmbudsman cuireadh d'aoichainteoirí chun léachtaí a thabhairt faoi théamaí ábhartha. Ar 20 Samhain 2009, thaisteal Uachtarán na Cúirte Ginearálta, an tUasal Marc Jaeger, go Strasbourg chun labhairt faoi "Prionsabal an dea-riaracháin i ndlí an Chomhphobail". Tháinig roinnt ceisteanna agus barúlacha chun cinn mar thoradh ar an léiriúchán iontach seo ar ábhar atá ríthábhachtach in obair an Ombudsman.

# An tOmbudsman agus a fhoireann

Tugtar forbhreathnú sa chuid seo ar struchtúr Oifig an Ombudsman agus soláthraítear roinnt eolais faoin Ombudsman agus a fhoireann bhainistíochta. Ar deireadh tá cur síos achomair ar ról Choiste Foirne an Ombudsman agus an Oifigigh um Chosaint Sonraí.

## Ombudsman Eorpach

### P. Nikiforos Diamandouros — An tOmbudsman Eorpach

Rugadh R. Nikiforos DIAMANDOUROS in Aithin na Gréige, ar 25 Meitheamh 1942. Toghadh ina Ombudsman Eorpach é ar 15 Eanáir 2003. Thosaigh sé a théarma oifige ar 1 Aibreán 2003 agus ath-toghadh é ar feadh téarma cúig bliana ar 11 Eanáir 2005.

Ó 1998 go 2003, ba é an chéad Ombudsman Náisiúnta sa Ghréig é. B'Ollamh na polaitíochta comparáidí é freisin i Roinn na hEolaíochta Polaitiúla agus an Riaracháin Phoiblí ag Ollscoil na hAithne ó 1993 go Lúnasa 2009 (ach soar ón oifig sin idir 2003 agus 2009). Idir 1995 agus 1998 bhí sé ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar Lárionad Náisiúnta na Gréige um Thaighde Sóisialta (EKKE).

Bhain sé bunchéim amach san eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Indiana (1963) agus a chéimeanna Máistreachta (1965), M.Phil. (1969), agus Ph.D. (1972) san ábhar céanna ó Ollscoil Columbia. Roimh dó dul ar fhoireann Ollscoil na hAithne i 1988, bhí poist mhúinteoireachta agus taighde aige in Ollscoil Stáit Nua-Eabhrac agus Ollscoil Columbia faoi seach (1973-78). Ó 1980 go 1983, bhí sé ina Stiúrthóir Forbartha i gColáiste na hAithne sa Ghréig. Ó 1983 go 1988, bhí sé ina Stiúrthóir ar Chláir maidir le hIarthar na hEorpa, agus maidir leis an Meánoirthear agus Tuaisceart na hAfraice ag an gComhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, i Nua-Eabhrac. Ó 1988 go dtí 1991, bhí sé ina Stiúrthóir ar an Institiúid Ghréagach um Léann Idirnáisiúnta agus Straitéiseach, san Aithin, meitheal smaointe um thaighde a dhíríonn ar bheartais a bunaíodh le cómhaoiniú ó Fhondúireacht Ford agus Fondúireacht MacArthur. I 1997, bhí post mar ollamh ar cuairt san eolaíocht pholaitiúil aige in Ionad Ard-Léinn sna hEolaíochtaí Sóisialta Juan March (Maidrid).

Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Eolaíochta Polaitiúil na Gréige (1992-98) agus ar Chumann Léinn Nua-Ghréagaigh na Stát Aontaithe (1985-88). Idir 1999 agus 2003, bhí sé ina bhall de Choimisiúin Náisiúnta um Chearta Daonna sa Ghréig, agus ó 2000 go 2003 bhí sé ina bhall de Chomhairle Náisiúnta na Gréige ar son Athchóirithe Riaracháin. Ó 1988 go 1995, bhí sé ina chomhchathaoirleach ar an bhFochoiste um Dheisceart na hEorpa den Chomhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, i Nua-Eabhrac, agus maoinítear gníomhaíochtaí an Fhochoiste le deontas ó Fhondúireacht Volkswagen. Tá sé ina chomh-Phríomh-Eagarthóir ar an tSraith a phléann Deisceart Nua na hEorpa agus tá sé i dteideal deontais taighde *Fulbright* agus Dearlaice Náisiúnta ar son na nDaonnachtaí.

Tá mórán scríofa aige faoi pholaitíocht agus faoi stair na Gréige, dheisceart na hEorpa agus oirdheisceart na hEorpa agus, go sonrach, faoi dhaonlathú, faoi thógáil náisiúin agus stáit, agus faoin gcaidreamh idir cultúr agus polaitíocht. ■

### — Rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh

Tá Rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh freagrach as oifig phríobháideach an Ombudsman a reáchtáil agus cuireann sí comhairle ar fáil don Ombudsman. Tugann sí comhairle faoi chaidreamh le hinstitiúidí eile an AE agus faoi shaincheisteanna a bhaineann le cás-obair an Ombudsman. Gabhann sí faoi roinnt tascanna riaracháin chomh maith, lena n-áirítear clár oibre an Ombudsman a bhainistiú, a chomhfhreagras isteach agus amach a chomhordú, déileáil le gnéithe prótacail d'obair na hinstitiúide, agus obair laethúil na rúnaíochta a chomhlíonadh.

## An tArd-Rúnaí

Tá an tArd-Rúnaí freagrach as pleanáil straitéiseach laistigh den institiúid, agus as maoirsiú a dhéanamh ar riarachán ginearálta na hOifige. Tugann sé comhairle don Ombudsman faoi struchtúr agus faoi bhainistíocht na hOifige, faoi phleanáil a gníomhaíochtaí, agus faoi mhaoirsiú a cuid oibre agus feidhmíochta. Go háirithe maidir le hobair na Roinne Dlí, tugann an tArd-Rúnaí comhairle don Ombudsman faoi straitéisí dlíthiúla, agus cabhraíonn sé leis an Ombudsman agus tugann sé comhairle dó chun déileáil le gearáin agus fiosrúcháin. Ar deireadh, déanann an tArd-Rúnaí caidreamh a chomhordú idir Oifig an Ombudsman agus institiúidí Eorpacha eile agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le caidreamh

**Tá an tArd-Rúnaí freagrach as pleanáil straitéiseach laistigh den institiúid, agus as maoirsiú a dhéanamh ar riarachán ginearálta na hOifige.**

a fhorbairt le hoifigí Ombudsman ar fud na hEorpa chomh maith le dul i dteagmháil le saoránaigh na hEorpa.

### Ian Harden — An tArd-Rúnaí

Rugadh Ian Harden i Norwich, Sasana, ar 22 Márta 1954. Rinne sé staidéar ar an dlí i gColáiste Churchill, Cambridge, agus bhain sé bunchéim amach le céad onóracha i 1975 chomh maith le LLB i 1976. Tar éis dó céim a bhaint amach, chuaigh sé i nDámh an Dlí ag Ollscoil Sheffield, áit a raibh sé ina léachtóir ó 1976 go 1990, ina léachtóir sinsearach ó 1990 go 1993, ina léachtóir ó 1993 go 1995, agus rinneadh ollamh sa dlí poiblí de i 1995. Chuaigh sé in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Phríomhchomhairleoir Dlí i 1996, agus ba é Ceann na Rúnaíochta é idir 1997 agus 1999, agus ansin rinneadh Ceann na Roinne Dlí de ó 2000 ar aghaidh. Ceapadh mar Ard-Rúnaí ar Oifig an Ombudsman é ar 1 Lúnasa 2006. Is údar nó comhúdar a lán foilseachán faoi dhlí an AE agus faoi dhlí poiblí é, lena n-áirítear *The Contracting State* (Buckingham: Open University Press, 1992); *Flexible Integration: Towards a more effective and democratic Europe* (London CEPR, 1995), agus *European Economic and Monetary Union: The Institutional Framework* (Kluwer Law International, 1997). Is ball den *Association française de droit constitutionnel* é agus den *Study of Parliament Group* é sa Ríocht Aontaithe agus is ollamh oinigh in Ollscoil Sheffield é. ■

## An Roinn Dlí

Tá an Roinn Dlí comhdhéanta, den chuid is mó, de dhlíodóirí, agus is í an phríomhfhreagracht atá orthu ná anailísiú a dhéanamh ar na gearáin a fhaigheann an tOmbudsman Eorpach agus fiosrúcháin a stiúradh faoi cheannas Cheann na Roinne Dlí agus ceathrar Chinn den Aonad Dlí. Tugann Ceann na Roinne Dlí comhairle don Ombudsman freisin ar straitéis agus ar stiúrthóireacht dhleathach na hinstitiúide agus reáchtálann sé an Roinn.

**Tá an Roinn Dlí comhdhéanta, den chuid is mó, de dhlíodóirí, agus is í an phríomhfhreagracht atá orthu ná anailísiú a dhéanamh ar na gearáin a fhaigheann an tOmbudsman Eorpach agus fiosrúcháin a stiúradh faoi cheannas Cheann na Roinne Dlí agus ceathrar Chinn den Aonad Dlí.**

I rith na bliana 2009, b'ionann foireann iomlán na Roinne agus 25, le Ceann na Roinne Dlí, ceathrar Cinn an Aonaid Dlí, triúr phríomhchomhairleoirí dlí, 14 oifigeach dlíthiúla, beirt Dlíodóirtheangeolaí, agus cúntóir do Cheann na Roinne Dlí. I rith na bliana sin, rinne an Roinn Dlí maoirseacht ar 21 duine faoi oiliúint.

### João Sant'Anna — Ceann na Roinne Dlí

Rugadh João Sant'Anna i Setúbal, sa Phortaingéil, ar 3 Bealtaine 1957. Rinne sé staidéar ar an dlí ag Ollscoil Liospóin ó 1975 go 1980 agus chláraigh sé leis an mbarra i Liospóin i 1981. Idir 1980 agus 1982, bhí sé ag obair mar dhlíodóir sa Rannán Dlí agus Riaracháin de Aireacht Ghnóthaí Baile na Portaingéile do Réigiún Liospóin. Ó 1982 go 1984, lean sé ag déanamh ar staidéar dlí, i réimse cearta maoine intleachtúla, ag Ollscoil Ludwig-Maximilian agus ag Institiúid Max-Planck in Munich. I ndiaidh dó filleadh ar an bPortaingéil i 1984, ceapadh é mar Cheann an Rannáin Dlí agus Riaracháin de Aireacht Ghnóthaí Baile na Portaingéile do Réigiún Liospóin. I 1986, chuaigh sé i státseirbhís Pharlaimint na hEorpa, agus bhí sé ag obair san Ard-Stiúrthóireacht Faisnéise agus Caidreamh leis an bPobal, Taighde, Pearsanra agus Airgeadais, agus faoi dheireadh, i Seirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa. Chuaigh sé in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Cheann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais in 2000. Ceapadh é mar Cheann na Roinne Dlí ar 1 Iúil 2007. ■

### — Cinn an Aonaid Dlí

Déanann gach Ceann an Aonaid Dlí maoirseacht ar fhoireann oifigeach dlíthiúil agus oiliúnaithe chun cáilíocht ard a chinntiú maidir le déileáil le gearáin. Cabhraíonn siad le Ceann na Roinne Dlí a chinntiú go bhfuil obair na Roinne cruinn, tráthúil agus comhsheasmhach. Áirítear cur chun cinn agus maoirseacht na géilliúlachta le nósanna imeachta, caighdeáin agus spriocdháthaí inmheánacha leis seo. Bíonn a bhfreagrachtaí féin ag Ceann gach Aonaid Dlí chomh maith, cosúil leo siúd de chuid na n-oifigeach dlí imlínithe thíos. Déanann siad ionadaíocht ar an Ombudsman ag imeachtaí poiblí áirithe freisin. Tá siad go léir faoi cheannas Cheann na Roinne Dlí agus buaileann siad leis go rialta.

Faoi láthair tá ceathrar Ceann an Aonaid Dlí ann. In ord aibítre, is iad sin: An tUasal Peter Bonnor, Danmhargach atá fostaithe in Oifig an Ombudsman ó 1998 i leith, an tUasal Gerhard Grill, Gearmánach, a thosaigh ag obair le hOifig an Ombudsman i 1999, an Bhean Uasal Marta Hirsch-Ziembinska, Polannach, a thosaigh in 2003, agus an tUasal Fergal Ó Regan as Éirinn, a thosaigh in 2006.

### — Oifigigh Dhlíthiúla

Pléann na hOifigigh Dhlíthiúla le gearáin, ar féidir iad a chur isteach chuig an Ombudsman in aon cheann de 23 teanga Chonartha an Aontais Eorpaigh. Sa bhreis ar sin molann siad agus tugann siad faoi fhiosrúcháin ar a dthionscnamh féin, tugann siad freagra ar iarratais ar fhaisnéis ó shaoránaigh, tugann siad cúnamh don Ombudsman maidir le nithe dlíthiúla, tugann siad comhairle dó maidir le nósanna imeachta, forbairtí agus traidisiúin dlíthiúla dá gcuid Ballstáit féin, agus déanann siad léiriúcháin faoi obair an Ombudsman.

## An Roinn Riaracháin agus Airgeadais

Tá an Roinn Riaracháin agus Airgeadais freagrach as a bhfuil le déanamh ag Oifig an Ombudsman nach mbaineann go díreach le scrúdú gearán nó le stiúradh fiosrúchán. Ó 1 Iúil 2008, tá sé comhdhéanta de cheithre aonad, a gcuirtear síos orthu thíos, mar aon le Rúnaíocht na nGearán. Comhordaíonn Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais obair na Roinne go hiomlán. Sa ról seo, tá sé freagrach as eagrú agus feidhmiú ginearálta na hoifige, an beartas pearsanra, straitéis bhuiséid agus airgeadais na hinstitiúide a mholadh agus a chur i bhfeidhm, agus as ionadaíocht a dhéanamh ar an Ombudsman i roinnt mhaith fóraim idirinstitiúideacha. Sa bhliain 2009, bhí 34 duine i bhfoireann na Roinne.

**Tá an Roinn Riaracháin agus Airgeadais freagrach as a bhfuil le déanamh ag Oifig an Ombudsman nach mbaineann go díreach le scrúdú gearán nó le stiúradh fiosrúchán.**

**João Sant'Anna**
Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais (*ad interim*)

### — Rúnaíocht na nGearán

Tá Rúnaíocht na nGearán freagrach as clárú, scaipeadh agus leanúint na ngearán a cuirtear faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh. Cinntíon n an Rúnaíocht go ndéantar na gearáin uile a chlárú i mbunachar sonraí, a aithint agus ansin a aistriú go dtí an Roinn Dlí. Tá sí freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an gcomhfhreagras uile isteach agus amach a bhaineann le gearáin, as a chinntiú go ndéantar na taifid gearán sa bhunachar sonraí a nuashonrú le linn an nóis imeachta gearáin, as maoirseacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht le spriocdhátaí, as staitisticí a bhaineann le gearáin a tháirgeadh, agus as cáipéisí a bhaineann le gearáin a chomhdú. Is é an tUasal Peter Bonnor Ceann ar Rúnaíocht na nGearán.

### — Aonad Riaracháin agus Pearsanra

Tá tascanna an Aonaid Riaracháin agus Pearsanra an-leathan. Ina measc tá earcú agus bainistiú na foirne, déileáil le comhfhreagras isteach agus amach, an lasc-chlár gutháin, bonneagar na hoifige, aistriúchán na gcáipéisí a chomhordú, an leabharlann tagartha a eagrú agus a bhainistiú, chomh maith le beartas na hinstitiúide um cháipéisíocht agus cartlann. Tá an tAonad seo freagrach freisin as beartas teicneolaíochta faisnéise na hinstitiúide agus as freastal ar riachtanais TF na hoifige, tasc a dhéanann sé trí oibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa. Is é an tUasal Alessandro Del Bon, ceann an Aonaid seo, atá ina dé-náisiúnacht na Gearmáine agus na hIodáile aige, agus a thosaigh ag obair le hOifig an Ombudsman i 1998.

### — Aonad Buiséid agus Airgeadais

Tá an tAonad Buiséid agus Airgeadais freagrach as a chinntiú go ngéilleann Oifig an Ombudsman leis na rialacha airgeadais infheidhme agus le ráthú go mbaintear úsáid eacnamaíoch as na háiseanna atá ar fáil agus go ndéantar iad a chosaint go cuí. Tá an tAonad seo freagrach as na meicníochtaí inmheánacha cuí atá riachtanach chun na spriocanna seo a bhaint amach a bhunú agus a chur i bhfeidhm freisin. Titeann na freagrachtaí seo air ós rud é go bhfuil buiséad neamhspleách ag an Ombudsman Eorpach. Ullmhaíonn oifigigh airgeadais, faoi cheannas an Oifigigh Údaraithe Tarmligthe, an buiséad agus cuireann siad i gcrích é. Tá an tUasal Loïc Julien, Francach, ina Cheann Aonaid anseo, agus thosaigh sé ag obair don Ombudsman in 2005.

### — Aonad Cumarsáide

Tá an tAonad Cumarsáide freagrach as foilseacháin agus ábhar fógraíochta an Ombudsman a tháirgeadh, as suíomhanna gréasáin an Ombudsman a chothú agus a fhorbairt, agus as amharc-fhéiniúlacht a bhunú don institiúid. Comhordaíonn an tAonad seo Líonra Eorpach na nOmbudsmen freisin, agus níos ginearálta, comhordaítear caidreamh le cumainn Ombudsman ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin chomh maith Tá an tUasal Ben HAGARD ina Cheann Aonaid anseo, is náisiúnach na Breataine é a thosaigh ag obair in oifig an Ombudsman i 1998.

### — Aonad na Meán, Fiontraíochta agus na Sochaí Sibhialta

Tá tAonad na Meán, Fiontraíochta agus na Sochaí Sibhialta freagrach as cabhrú leis an Ombudsman dul i dteagmháil le daoine agus le heagraíochtaí ar féidir go bhfuil a sheirbhísí de dhíth orthu. Cabhraíonn sé le feasacht ar obair an Ombudsman a ardú ar fud an Aontais. Cothaíonn agus cuireann an tAonad caidreamh leis na meáin chun cinn, eagraíonn sé cuairteanna faisnéise agus imeachtaí an Ombudsman agus téann sé i dteagmháil le hinstitiúidí eile an AE maidir le tionscnaimh for-rochtana. Tá baill an Aonaid seo freagrach as foilseacháin agus óráidí an Ombudsman a scríobh freisin. Is í an Bhean Uasal Rosita AGNEW, Éireannach a thosaigh ag obair don Ombudsman in 2001, an Ceann Aonaid seo.

### — An Coiste Foirne

Oibríonn Coiste Foirne an Ombudsman ar son leasa na foirne agus cuireann sé comhrá leanúnach chun cinn idir an institiúid agus an fhoireann. Tá an Coiste Foirne tar éis cur go mór le feidhmiú réidh na seirbhíse trí chainéal a chur ar fáil don fhoireann lena gcuid barúlacha a léiriú agus trí aird an lucht riartha a tharraingt ar aon deacrachtaí a bhaineann le léirmhíniú agus forfheidhmiú na rialachán ábhartha araon. Déanann an Coiste Foirne moltaí a bhaineann le heagrú agus le feidhmiú na seirbhíse, chomh maith le tograí chun caighdeáin maireachtála agus oibre na foirne a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá ról tábhachtach ag an gCoiste Foirne maidir leis na cúlráidí foirne bliantúla ó 2006 i leith.

Tá triúr bhall den Choiste tofa ann faoi láthair, is iad sin, an tUachtarán, an tUasal Daniel KOBLENCZ, an Bhean Uasal Elodie BELFY agus an tUasal Christopher MILNES.

### — Oifigeach um Chosaint Sonraí

Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí (OCS) ag gach institiúid de chuid an AE, agus comhoibríonn sé leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí agus cinntíonn nach dócha go mbeidh drochthionchar ag gníomhaíochtaí próiseála sonraí ar chearta agus ar shaoirsí na ndaoine ar leo na sonraí sin. Cinntíonn an OCS chomh maith go gcoimeádtear rialaitheoirí sonraí agus daoine ar leo na sonraí sin ar an eolas faoina gcearta agus faoina ndualgais faoi Rialachán 45/2001[1]. Is é an tUasal Loïc JULIEN an tOifigeach um Chosaint Sonraí in Oifig an Ombudsman Eorpaigh ó Márta 2006 i leith.

# 5.2 Buiséad

## An buiséad sa bhliain 2009

Ó 1 Eanáir 2000, tá buiséad an Ombudsman mar chuid neamhspleách de bhuiséad an Aontais Eorpaigh (cuid VIII faoi láthair)[2]. Roinntear i dtrí theideal é. I dTeideal 1 tá tuarastail, liúntais agus

**1.** Rialachán (CE) 45/2001 de 18 Nollaig 2000 um chosaint daoine maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus um saorghluaiseacht na sonraí dá leithéid seo, IO 2001 L 8, lch. 1.

**2.** Rialachán ón gComhairle (CE, ECSC, Euratom) Uimh 2673/1999 de 13 Nollaig 1999 lena leasaítear an Rialachán Airgeadais de 21 Nollaig 1977 atá fóirsteanach do bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, IO 1999 L 326, lch. 1.

caiteachais eile a bhaineann leis an bhfoireann. I dTeideal 2 tá foirgnimh, troscán, trealamh, agus caiteachas feidhmiúcháin ilghnéitheach eile. I dTeideal 3 tá caiteachas a thagann as feidhmeanna ginearálta na hinstitiúide.

Ba é EUR 8 906 880 leithreasú iomlán an bhuiséid sa bhliain 2009.

## Comhoibriú idirinstitiúideach

Chun cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as áiseanna, agus chun dúbailt neamhriachtanach na foirne a sheachaint, comhoibríonn an tOmbudsman le hinstitiúidí eile an AE, nuair is féidir. Cé go ngearrtar costais ar an Ombudsman Eorpach as na seirbhísí úd a sholáthraítear, tá an comhoibriú seo tar éis coigiltis éifeachtacha suntasach a éascú do bhuiséad an AE. Bíonn an tOmbudsman ag comhoibriú go háirithe le:

**Chun cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as áiseanna, agus chun dúbailt neamhriachtanach na foirne a sheachaint, comhoibríonn an tOmbudsman le hinstitiúidí eile an AE, nuair is féidir.**

(i) Parlaimint na hEorpa, maidir le hiniúchadh agus cuntasaíocht inmheánach, i dteannta le seirbhísí teicniúla, lena n-áirítear foirgnimh, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáidí, seirbhísí míochaine, oiliúint, aistriúchán, agus ateangaireacht;

(ii) Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar ghnéithe éagsúla d'fhoilseacháin;

(iii) Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an AE, a chuireann mórán de na haistriúcháin atá de dhíth ar an Ombudsman le linn a chuid oibre do shaoránaigh ar fáil.

## Rialú buiséid

Chun stiúradh éifeachtach na n-áiseanna a chinntiú, déanann iniúchóir inmheánach an Ombudsman, an tUasal Robert GALVIN, seiceálacha rialta ar chórais rialaithe inmheánacha na hinstitiúide agus ar na hoibríochtaí airgeadais a dhéantar ag an oifig.

Cosúil le hinstitiúidí eile an AE, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh freisin ar institiúid an Ombudsman.

# Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

## Le post


Ombudsman Eorpach
1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc


## Le guthán


+33 3 88 17 23 13


## Le facs


+33 3 88 17 90 62


## Le ríomhphost


eo@ombudsman.europa.eu


## Suíomh gréasáin


http://www.ombudsman.europa.eu

Déanann an tOmbudsman Eorpach imscrúdú ar ghearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an AE.

→→→ http://www.ombudsman.europa.eu


Ombudsman Eorpach
1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc



Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9212-221-8 · ISSN 1830-7507 · DOI 10.2869/22643 · QK-AA-10-001-GA-C